eDeposit Ireland

Mental Health Commission Annual Report 2019, including Report of the Inspector of Mental Health Services

Item Type	report
Citation	Mental Health Commission (Ireland), 'Mental Health Commission Annual Report 2019, including Report of the Inspector of Mental Health Services', [report], Mental Health Commission, 2020
Publisher	Mental Health Commission
Download date	2026-03-14 19:50:05
Link to Item	https://hdl.handle.net/20.500.14765/108831

An Coimisiún Meabhair-Shláinte Tuarascáil Bhliantúil 2019

Lena nÁirítear Tuarascáil Bhliantúil an Chigire um Sheirbhísí Meabhair-Shláinte

TUILLEADH FAISNÉISE
www.mhcirl.ie
www.linkedin.com/company/mentalhealthcommissionirl
www.twitter.com/mhcireland

Clár ábhar

Ráiteas an Chathaoirligh 2

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh 4

2019 go hAchomair 6

Cé Sinn

- Fís, Misean agus Luachanna 9
- Cuspóirí Straitéiseacha 2019-2022 10
- Comhaltaí an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte (Aibreán 2017 – Aibreán 2022) 11
- An Fhoireann Sinsearach Bainistíochta ag an gCoimisiún 14

A nDéanaimid

- Próiseas Rialála 16
- Feabhsú Cáilíochta 29
- Binsí Méabhair-Shláinte 32
- Seirbhís Tacaíochta Cinntí 43

Rialachas 47

Tuarascáil an Chigire um Sheirbhísí Meabhair-Shláinte 59

Ráiteas an Chathaoirligh

Seo an tAm le Aghaidh Fíor-athchóirithe.

Ba í 2019 an chéad bhliain de shéú plean straitéiseach an Choimisiúin. Leagadh amach le 'Cosaint Chearta an Duine', a seoladh go foirmiúil i mí Feabhra, ár dtosaíochtaí straitéiseacha go dtí deireadh 2022. Is é an chéad phlean é faoinár Misean athbhreithnithe chun 'rialú agus oibriú d'fhonn cearta, sláinte agus folláine na ndaoine go léir a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí meabhair-shláinte agus tacaíochta cinntí a chur chun cinn, tacú leo agus seasamh leo'. Trí sheasamh le cearta an duine agus iad a chosaint, cuirtear taca faoi gach gné dár gcuid oibre agus eagraíocht á forbairt atá freagrúil do thimpeallacht sheachtrach atá ag athrú go tapa.

Is príomhchuspóir straitéiseach don Choimisiún le blianta fada an reachtaíocht mheabhair-shláinte a athchóiriú agus a nuashonrú. I mí Iúil 2019, iarradh ar an gCoimisiún tuairim a thabhairt ar Chinn Bille chun an tAcht Meabhair-Shláinte, 2001 a leasú. Bhunaigh an Coimisiún grúpa oibre an Fheidhmeannaigh, faoi cheannas Cheann ár Seirbhísí Dlíthiúla, a d'oibrigh le Coiste Reachtaíochta an Choimisiúin (ionadaithe seachtracha san áireamh) agus rinne athbhreithniú ar na Cinn Bhille ag cur san áireamh torthaí na tuarascála ón Sainghrúpa Athbhreithnithe de mhí na Nollag 2014, an fhorbairt go léir san idirthréimhse mar aon le faisnéis a bhailigh an Coimisiún.

Glacadh le cur chuige praiticiúil duine-lárnach agus bunaithe ar chearta agus moladh go leor athruithe. Seo a leanas cuid de na príomhathruithe:

- Comhionannas saincheisteanna meabhair-shlainte a áirithiú do shaincheisteanna sláinte ginearálta.
- Sainchúram an Choimisiúin a leathnú chun seirbhísí cónaithe agus pobail a chlúdach.

John Saunders
Cathaoirleach

- Sainchúram na mbinsí meabhair-shláinte agus binsí na cúirte cuarda a leathnú chun leasa na n-othar.
- Na forálacha a bhaineann le toiliú agus cógais a thabhairt a athchóiriú.
- Athchóiriú ar na Rialacháin a bhaineann le hionaid.

Dara tosaíocht straitéiseach don Choimisiún is ea bunú Sheirbhís Tacaíochta Cinntí na hÉireann (DSS), agus tá súil againn, nuair a chuirfear tús léi, go leagfar síos 'caighdeán óir' do sheirbhísí tacaíochta cinntí san Eoraip. Is é an aidhm atá againn, i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus le tacaíocht uaithi, seirbhís a sholáthar a chuireann Éire chun tosaigh maidir le cearta an duine a chosaint agus a áirithiú go ndéanfar leasuithe a bhfuil súil leo le fada an lá a tugadh isteach leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015, rud a leagann béim ar 'thoil phearsanta agus roghanna' pearsanta, meas ar chearta duine, agus tacú le cinnteoireacht uathrialach agus réamhphleanáil.

In 2019, earcaíodh an fhoireann bhainistíochta shinsearach nua DSS, tionscnaíodh próiseas tairisceana maidir lenár gcóras digiteach a fhorbairt, agus rinneadh cumarsáid fhairsing agus rannpháirtíocht fhairsing le geallsealbhóirí. Príomh-mheabhrúchán ar an ngá atá leis an tseirbhís a bhrostú ná an fíoras gur tógadh 1,250 duine isteach i gcóras coimircíochta a chuaigh as dáta ó ritheadh an reachtaíocht tosaigh den chéad uair ag deireadh na bliana 2015. I bhfianaise an fhíorais seo ní mór dúinn bheith dírithe i gcónaí ar an tseirbhís nuachóirithe riachtanach seo a sholáthar, atá bunaithe ar chearta an duine.

Tá an Coimisiún den tuairim go bhfuil an deis ag Éirinn, an tráth ríthábhachtach seo, aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a chuireann isteach i gcónaí ar ár seirbhísí meabhair-shláinte. Leagadh béim láidir le paindéim reatha Covid-19 ar an ngá atá le seirbhís mheabhair-shláinte nua-aimseartha, a bhfuil foireann leordhóthanach aici, iomlánaíoch agus phobalbhunaithe. Ní féidir leis seo tarlú ach amháin nuair a thugtar tosaíocht iomchuí do mheabhair-shláinte. De réir fhianaise Chigire na Seirbhísí Meabhairshláinte, cuireadh iallach ar an gCoimisiún seo agus ar na Coimisiúin roimhe seo chun béim a leagan ar an bhfíoras go bhfuil an córas reatha ad hoc, treallach, gan chomhtháthú, agus go bhfuil cuid mhaith de na hidirghabhálacha meabhairshlainte nasctha fós le cúram institiúideach in ionad cúram pobail.

Aithníonn an Coimisiún go gcuireann Sláintecare na príomhphrionsabail ar fáil maidir le cúram sláinte a athchóiriú. Mar sin féin, tá gá le beartas mionsonraithe, maoinithe, fianaisebhunaithe chun cúram meabhairshlainte pobalbhunaithe, iomlánaíoch, comhtháite a chruthú a fhreastalaíonn ar dhaoine ag an bpointe is luaithe ina n-eispéireas meabhairshláinte agus a áirithíonn rialachas agus maoirseacht náisiúnta ionas go ndéanfar cúram príomhúil, cúram tánaisteach agus cúram speisialaithe a chomhtháthú.

Tá an cur chuige seo lárnach lena áirithiú nach bhfágtar aon duine ar lár tráth a riachtanais is mó. Seo an tam le haghaidh fíor-athchóirithe.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an Aire Stáit le freagracht as Meabhairshláinte agus Daoine Scothaosta, leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, le hoifigigh ábhartha na roinne agus le mo Chomh-Chomhaltaí den Choimisiún agus leis an bhfoireann as a dtiomantas in 2019.



John Saunders
Cathaoirleach

Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Mar rialtóir comhréireach, neamhspleách, rioscabhunaithe, chuir an Coimisiún Meabhairshláinte clár rialála ar fáil le linn 2019, rud a chuir cáilíocht agus sábháilteacht chun cinn.

John Farrelly
Príomhfheidhmeannach

Le linn 2019, leanamar ag obair le seirbhísí a thugann céad áit don duine agus dhíríomar ar sheirbhísí ar cháilíocht íseal agus a bhaineamar úsáid as ár gcumhachtaí rialála agus forfheidhmithe chun idirghabhálacha a dhéanamh.

Cé gur leanadh lenár gclár leanúnach cláraithe, cigireachta agus monatóireachta le soláthraithe a thabhairt chun cuntais, cinntíonn foilsiú forleathan dár dtuarascálacha gur thuig an pobal agus ár bpríomhpháirtithe leasmhara go soiléir láidreachtaí agus laigí an chúraim mheabhairshláinte ina suíomhanna geografacha féin.

I 2019, b'ionann comhlíonadh foriomlán Rialachán ag ionaid fhormheasta agus 78%. Fáiltímid roimh an bhfeabhsú bliain i ndiaidh bliana, ó tugadh isteach ár ndoiciméad treorach, an 'Judgment Support Framework', i gcéatadán na seirbhísí a ghnóthaigh rátálacha cáilíochta 'sármhaith'.

In 2019, ghlac an Coimisiún 40 gníomh forfheidhmithe i gcoinne 31 Ionad Formheasta mar fhreagairt ar rioscaí criticiúla i réimsí cleachtas a bhaineann le háitribh, soláthar foirne agus príobháideacht agus dínit na gcónaitheoirí. Dhaingnigh an Coimisiún a chéad ionchúiseamh riamh faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001 anuraidh de bharr torthaí gur baineadh dínit bhunúsach agus cearta an duine d'othair trí iad a scoitheadh i seomra salach, bréan, droch-shoilsithe agus droch-aeráilte. Ar an drochuair, bunaithe ar na sonraí, níl patrún an drochchleachtais maidir le leithlisiú agus srianadh fisiceach teoranta chuig ionad nó dhó, ach go bhfuil se níos forleithne ná sin. Chuir an Coimisiún tús le próiseas chun a áirithiú go dtagann athrú ar an gcóras agus go n-éiríonn seirbhísí níos comhlíontaí leis na rialacha.

Tá sé soiléir go bhfuil chuid mhór áitreabh ann nach bhfuil oiriúnach a thuilleadh agus go bhfuil gá ann iad a athsholathar. As na 45 ionad formheasta neamhchomhlíontach, bhí 15 (33%) acu neamh-chomhlíontach leis an Rialachán toisc go raibh siad salach. Ina theannta sin, bhí 23 ionad (49%) neamh-chomhlíontach mar gheall ar dhrochbhail struchtúrach nó mhaisiúil.

Thugamar riachtanas isteach in 2019 freisin lena bhfuil ceanglas ar sholáthraithe fógra a thabhairt dúinn faoi chásanna plódaithe. Fuaireamar fógraí faoi 208 cás plódaithe a bhaineann le 13 ionad formheasta. Léiríonn na fíricí seo - i dteannta le foilsiú an pháipéir phlé "Access to Acute Mental Health Beds in Ireland" - go soiléir an gá atá le líon suntasach aonad d'othair chónaithe a uasghrádú nó a athsholáthar agus freisin le tús a chur le seirbhísí meabhair-shláinte nua-aimseartha pobail a chur i bhfeidhm.

Rud atá soiléir arís ón tuarascáil seo ná go léiríonn an neamh-chomhlíonadh leanúnach i bpríomhréimsí cúraim easnamh rialachas ar an leibhéal náisiúnta inár seirbhísí meabhair-

shláinte. Chun seirbhís náisiúnta chuimsitheach a sholáthar go fírinneach, ní mór athbhreithniú práinneach a dhéanamh ar rialachas, ó leibhéal an bhoird síos go leibhéal an úsáideora seirbhíse, chun a áirithiú go ndéantar dul chun cinn agus feabhsú leanúnach ar cibé córas atá i bhfeidhm againn, agus nach ndéanfar na caighdeáin ísle chéanna arís agus arís eile ad nauseam.

Cuireadh 54 leanbh isteach i 15 aonad d'aosaigh. Tá sé seo i gcomparáid le 84 iontráil chuig 18 n-aonad d'aosaigh in 2018. Tá sé seo ag teacht le treocht ina bhfuil iontrálacha leanaí chuig aonaid d'aosaigh laghdaithe bliain i ndiaidh bliana le 10 mbliana anuas. Cuirimid fáilte roimh an treocht seo. Mar sin féin, tá sé an-tábhachtach nach bhfuil an chéad eispéireas ag leanbh nó ag ógánach le cúram meabhairshláinte trí sheirbhís nó foirgneamh nach bhfuil feistithe go sonrach chun tacú lena gcuid riachtanas.

Tá sé de dhualgas ar an gCoimisiún freisin an próiseas athbhreithnithe (próiseas binse meabhairshláinte) a oibriú chun cearta othar a choinnítear go neamhdheonach a chosaint. Is mian linn go mbeadh a fhios ag úsáideoirí seirbhísí, agus ag a ngaolta, go bhfuil na próisis athbhreithnithe seo neamhspleách agus go bhfuil siad ann chun a áirithiú go bhfuil seirbhísí meabhairshláinte á bhfáil acu atá sábháilte agus ar ardchaighdeán. Gabhaimid buíochas le comhaltaí uile an phainéil, le síciatraithe comhairleacha neamhspleácha, le hionadaithe dlí agus le riarthóirí an achta meabhairshláinte a rannchuidigh lena áirithiú gur cuireadh an dlí i bhfeidhm maidir le gach coinneáil neamhdheonach.

Ó Eanáir 2019, má choinnítear othar ar ordú ar feadh suas le sé mhí, tá sé nó sí i dteideal athbhreithnithe breise ag binse má choinnítear fós é nó í tar éis trí mhí. Is cosaint bhreise é seo d'othair. Ní mór an iarraidh ar athbhreithniú breise teacht ón othar nó óna (h)ionadaí dlíthiúil. Tá gach athbhreithniú eile éigeantach. Níor lorg ach 16% de líon iomlán na n-othar a bhí incháilithe le haghaidh athbhreithnithe breise an t-athbhreithniú sin. Tá an glacadh i bhfad níos lú ná mar a bhíothas ag súil leis. In 2020, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcúis atá leis seo, lena n-áirítear labhairt le hothair agus lena gcuid tacadóirí le feiceáil cad is féidir a dhéanamh chun othair a chur ar an eolas faoina gcearta.

I dtreo dheireadh 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún agus an tÚdarás Cáilíochta Sláinte agus Faisnéise (HIQA) na Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint Aosach i gcomhpháirt. Leis na caighdeáin seo, leagtar an sprioc síos chun a áirithiú go gcuirimid cúram sábháilte agus éifeachtach ar fáil agus cearta na ndaoine a ndéanaimid freastal orthu á gcosaint go hiomlán.

Ar leibhéal corparáideach, leanamar lenár gcuid feidhmeanna rialála a dhigitiú, lena n-áirítear iarratais chlárúcháin agus cur isteach ár bhFógraí Cáilíochta agus Sábháilteachta. Leis an gcur chuige digiteach seo, laghdaítear an t-ualach ar sholáthraithe agus éascaítear bailiú agus anailísiú sonraí fíor-ama freisin chun rioscaí inár gcóras meabhair-shláinte a mhaolú.

Mar fhocal scoir, is eol dom go bhfuil an tuarascáil seo á foilsiú againn le linn na paindéime is mó a chuaigh i bhfeidhm ar ár náisiún. Ba mhian liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann chliniciúil, leis an mbainistíocht agus leis na soláthraithe seirbhísí go léir as a gcuid oibre. Ba mhian liom buíochas ó chroí a ghabháil freisin le gach ball foirne den Choimisiún a d'oibrigh gan stad chun othair a chosaint sa tréimhse seo.



John Farrelly
Príomhfheidhmeannach

2019 go hAchomair

40
Gníomh forfheidhmithe

57
Coinníoll clárúcháin a bhaineann le 35 ionad formheasta

78%
Comhlíonadh Náisiúnta le Rialacháin

2,703
Leaba d'othair chónaitheacha

208
Cás plódaithe in 2019

54
Leanbh Isteach chuig Aonaid d'Aosaigh agus 23 díobh siúd ar feadh níos lú ná 48 uair an chloig

563
Bás na ndaoine a úsáideann seirbhísí meabhair-shláinte a tuairiscíodh don Choimisiún. Bhain 166 bás le hionaid fhormheasta, agus bhain 397 bás le seirbhísí meabhairshláinte pobail.

2,024
Éisteacht Binse Meabhair-Shláinte

2,390
Iontráil Ainneonacha chuig ionaid fhormheasta

39
Iarratas ar Athbhreithnithe Breise

65
Chigireacht Rialála Bliantúla (5 le Fógra 60 gan Fógra)

18
gCigireacht ar Thithe Cónaithe neamhrialaithe 24 uair an chloig ina bhfuil Foirne Altraí

5
Chigireacht Fhócasaithe

€3.5 milliún
Dáilte chun an tSeirbhís Tacaíochta Cinntí a chur chun feidhme

1,250
Duine glactha isteach i gCoimircíocht ó ritheadh ADMA 2015

Cé Sinn

An Coimisiún Meabhair-Shláinte

Is comhlacht reachtúil neamhspleách é an Coimisiún Meabhair-Shláinte, a bunaíodh faoi fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte 2001. Cuimsíonn sainchúram an Choimisiúin speictream leathan seirbhísí meabhair-shláinte do gach aois i ngach suíomh.

Ina theannta sin, faoi fhorálacha an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015, tá an Coimisiún freagrach as an tSeirbhís Tacaíochta Cinntí a bhunú chun tacú le cinnteoireacht ag daoine fásta a bhfuil deacrachtaí acmhainne acu agus dóibh siúd freisin.

Fís, Misean agus Luachanna

Ár bhFís 2019-2022

Na seirbhísí meabhair-shláinte agus tacaíochta cinntí den chaighdeán is airde agus an taca curtha fúthu ag cearta daonna an duine.

Ár Misean 2019-2022

Rialú agus oibriú d'fhonn cearta, sláinte agus folláine na ndaoine go léir a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí meabhair-shláinte agus tacaíochta cinntí a chur chun cinn, tacú leo agus seasamh leo.

Cuspóirí Straitéiseacha 2019-2022

Cuspóir Straitéiseach 1

Cearta an duine a chur chun cinn agus seasamh leo chun ár bhfreagrachtaí agus ár sainchúram a chomhlíonadh faoin reachtaíocht náisiúnta agus idirnáisiúnta.



Cuspóir Straitéiseach 2

Sainordú reachtach an Choimisiúin a chur i bhfeidhm agus athruithe iomchuí a lorg ar an Acht Sláinte Meabhrach 2001, ar an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 agus ar reachtaíocht ábhartha eile.

Cuspóir Straitéiseach 3

Feasacht ar agus muinín i ról an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte a chur chun cinn.



Cuspóir Straitéiseach 4

Eagraíocht a fhorbairt atá freagrúil don timpeallacht sheachtrach agus d'athruithe sochaíocha.

Cuspóir Straitéiseach 5

Eagraíocht shofhreagrúil a fhorbairt a bhfuil cultúr oscailte agus uilechuimsitheach inti.

An Coimisiún Meabhair-Shláinte agus a Chomhaltaí (Aibreán 2017 – Aibreán 2022)

Is iad Comhaltaí an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte (an Coimisiún) comhlacht rialaithe na heagraíochta. Tá 13 Chomhalta ag an gCoimisiún, lena n-áirítear an Cathaoirleeach, ar cheapann an tAire Sláinte iad. Foráiltear le hAlt 35 den Acht Meabhair-Shláinte 2001 (Acht 2001) do chomhdhéanamh an Choimisiúin. I mí na Nollag 2015, leathnaíodh sainchúram an Choimisiúin chun bunú na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí a áireamh faoi fhorálacha an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015 (Acht 2015).

Tá sonraí faoi bhallraíocht an Choimisiúin agus freastal ar chruinnithe do 2019 le fáil in Aguisín 1, 2 agus 3 ar leathanach 57.

Le linn 2019, bhí dhá Bhuanchoiste ag an gCoimisiún, an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca, agus an Coiste Reachtaíochta. Bhunaigh sé Grúpa Feabhsúcháin Cáilíochta freisin a chuir tús le hobair ar phlépháipéar maidir le Rochtain ar Leapacha Géar-Mheabhair-Shláinte in Éirinn.

Tá mionsonraí ar an dá Choiste le fáil in Aguisín 2 agus 3, leathanach 57.

Comhaltaí

John Saunders
Athcheaptha 05/04/2017 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Cathaoirleach
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* Shine/The Wheel
Ceaptha ag an Aire Sláinte

Aaron Galbraith
Ceaptha 05/04/2017 Deireadh Téarma 04/04/2022[1]

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí
Ceaptha ag an Aire Sláinte

Colette Nolan
Athcheaptha 05/04/2017 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* Líonra Abhcóideachta na hÉireann
Ceaptha ag an Aire Sláinte

1 D'éirigh an tUasal Galbraith as an bpost in Aibreán 2020.

Comhaltaí (ar lean)

Michael Drumm (An Dr)
Ceaptha ar dTús 05/04/2017 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* Cumann Síceolaithe Éireann
Ceaptha ag an Aire Stáit le freagrachtaí as Meabhair-Shláinte agus Daoine Scothaosta

---

Francis Xavier Flanagan (An Dr)
Athcheaptha 05/04/2017 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann
Ceaptha ag an Aire Sláinte

Jim Lucey (An Dr)
Ceaptha ar dTús 05/04/2017 D'éirigh as a phost Samhain 2019

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* Coláiste Síciatraithe na hÉireann
Ceaptha ag an Aire Sláinte

Margo Wrigley (An Dr)
Ceaptha ar dTús 05/04/2017 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* Comhlachas Chomhairleoirí Ospidéil na hÉireann
Ceaptha ag an Aire Sláinte

Ned Kelly
Athcheaptha 29/09/2017 deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* Altraí Bainisteora Meabhairshláinte Éireann
Ceaptha ag an Aire Sláinte

Nicola Byrne
Ceaptha ar dTús 05/04/2017 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* Cumann na hÉireann um Oibrithe Sóisialta
Ceaptha ag an Aire Sláinte

Rowena Mulcahy
Ceaptha ar dTús 26/09/2017 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe agus ceaptha ag* an Aire Sláinte tar éis Próiseas PAS

Niamh Cahill
Ceaptha ar dTús 31/10/2017 D'éirigh as an bpost Meitheamh 2019

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe agus ceaptha ag* an Aire Sláinte tar éis Próiseas PAS

Patrick Lynch
Ceaptha ar dTús 05/04/2017 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* FSS
Ceaptha ag an Aire Sláinte

Jack Nagle
Ceaptha ar dTús 23/12/2019 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe agus ceaptha ag* an Aire Sláinte tar éis Próiseas PAS

Tómas Murphy
Ceaptha ar dTús 15/01/2019 Deireadh Téarma 04/04/2022

An Cineál Poist: Comhalta
Bunús an Cheapacháin: *Ainmnithe ag* Altraí Bainisteora Meabhairshláinte Éireann agus *ceaptha ag* an Aire Stáit le freagrachtaí as Meabhair-Shláinte agus Daoine Scothaosta

Róil Bhreise

Rúnaí don Choimisiún (Bord)
Orla Keane

Cathaoirleach an Choiste Airgeadais, Iniúchta & Riosca (FARC) **Patrick Lynch**

Cathaoirleach an Choiste Reachtaíochta
Rowena Mulcahy

Príomhoifigeach Riosca
Simon Murtagh

Nótaí

D'éirigh Catherine O'Rourke Uasal as a post i mí Lúnasa 2018 agus tháinig an tUasal Tómas Murphy ina háit i mí Eanáir 2019.

D'éirigh Niamh Cahill Uasal as a post i Meitheamh 2019 agus tháinig an tUasal Jack Nagle ina háit i mí Eanáir 2019.

D'éirigh an Dr Jim Lucey as a phost i mí na Samhna 2019 agus ní dhearnadh an ceapachán nua fós.

An Fhoireann Sinsearach Bainistíochta ag an gCoimisiún

Príomhfheidhmeannach
John Farrelly

Cigire um Sheirbhísí Meabhair-Shláinte
An Dr. Susan Finnerty

Stiúrthóir Caighdeán agus Dearbhú Cáilíochta agus Stiúrthóir Oiliúna agus Forbartha
Rosemary Smyth

Ceann na Seirbhísí Dlí agus Ceann na mBinsí Meabhair-Shláinte
Orla Keane

Stiúrthóir na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí
Áine Flynn

Príomhoifigeach Oibríochtaí
Simon Murtagh

A nDéanaimid

Próiseas Rialála

Ceann de phríomhfheidhmeanna an Choimisiúin is ea saoráidí meabhair-shláinte d'othair chónaithe a rialáil agus a iniúchadh go rialta ('ionaid fhormheasta'). Cuimsíonn ár bpróiseas rialála timthriall de sheirbhísí ceadúnaithe, iniúchta agus monatóireachta chun ardchaighdeáin agus dea-chleachtais a áirithiú maidir le cúram agus cóireáil a sholáthar. Tá ár bpróiseas rialála bunaithe ar rioscaí, agus úsáidtear an fhaisnéis is fearr atá ar fáil chun cur chuige spriocdhírithe, comhréireach tráthúil a áirithiú.

Is rialtóir sofhreagrach muid, rud a chiallaíonn go seasaimid le prionsabail **na comhsheasmhachta, na comhréireachta, na cuntasachta, na trédhearcachta** agus na spriocdhírithe. Le rialáil sofhreagrach, cuirtear forbairt acmhainne agus féinmheasúnú chun cinn laistigh de sheirbhísí, agus úsáidtear bearta forfheidhmithe mar **rogha dheiridh**.

Físor 1.
Samhail rialaithe MHC



Clárúchán

Ní mór don Choimisiún gach saoráid d'othair chónaitheacha a sholáthraíonn cúram agus cóireáil do dhaoine a bhfuil meabhairghalar nó neamhord meabhrach orthu a chlárú.

Maireann clárú mar ionad formheasta ar feadh trí bliana, agus ina dhiaidh sin ní mór don tseirbhís iarratas a dhéanamh chun leanúint leis an gclárú.

Mar chuid d'iarratas ar chlárúchán, déanaimid measúnú ar fhaisnéis faoin gcaoi a bhfuil an tsaoráid á reáchtáil, faoi phróifíl na gcónaitheoirí, faoin gcaoi a bhfuil sí maoinithe, faoin gcaoi a soláthraítear an fhoireann agus faoin gcaoi a ndéantar an fhoireann sin a rialú. Iarrtar leis an iarratas freisin faisnéis faoin áitreabh agus faoin na cineálacha seirbhísí a chuirtear ar fáil.

Déanaimid raon leathan de sheirbhísí d'othair chónaitheacha a chlárú agus a rialú, lena n-áirítear:

- Géarchúram meabhair-shláinte d'aosaigh
- Cúram meabhair-shláinte ar bhonn leanúnach
- Síciatracht an tsaoil dhéanaigh (géarchúram agus cúram leanúnach)
- Athshlánú meabhair-shláinte
- Cúram meabhair-shláinte fóiréinseach
- Cúram meabhair-shláinte dóibh siúd atá faoi mhíchumas intleachtúil
- Cúram meabhair-shláinte do leanaí agus d'ógánaigh (CAMHS)
- Ionad cóireála le haghaidh neamhord itheacháin

Ag deireadh 2019, bhí **65** ionad formheasta cláraithe leis an gCoimisiún. Le linn na bliana, bhí clárúchán nua amhain agus rinneadh 20 ionad formheasta a athchlárú.

Le linn 2019, chuir an Coimisiún tús le tionscadal clárúcháin suntasach roimh an timthriall clárúcháin nua, ina raibh 28 ionad formheasta dlite le hathchlárú go luath in 2020. An aidhm bhí leis an tionscadal ná faisnéis ábhartha a bhailiú go córasach chun tacú leis an bpróiseas athchlárúcháin.

Ag deireadh 2019, bhí **2,703** leaba d'othair chónaitheacha in ionaid fhormheasta ar fud na tíre.

Bhí **98** leaba CAMHS ann go náisiúnta: 62 i mBaile Átha Cliath, 20 i nGaillimh agus 16 i gCorcaigh.

Bhí **687** leaba d'aosaigh san earnáil neamhspleách, agus 679 díobh siúd i mBaile Átha Cliath.

Bhí **103** leaba fóiréinseacha claraithe ann freisin agus **96** leaba míchumais intleachtúil meabhair-shláinte (MHID). Bhí na leapacha seo suite i mBaile Átha Cliath, le dobharcheantar náisiúnta.

Tá **Clár na nIonad Formheasta** iomlán le fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin: www.mhcirl.ie/registration.

Físor 2.
Príomhfhigiúirí 2019



Cigearacht

Tugann Cigire na Seirbhísí Sláinte Meabhrach cuairt ar gach ionad formheasta agus déanann iniúchadh orthu uair amháin ar a laghad sa bhliain. Tar éis cigireacht a dhéanamh, ullmhaíonn an Cigire tuarascáil ar a cuid torthaí. Tugtar deis do gach seirbhís athbhreithniú agus ráiteas a dhéanamh ar aon chuid den inneachar nó de na torthaí sula ndéanfaí í a fhoilsiú.

Ar chigireacht, déanann an Cigire comhlíonadh a rátáil i gcoinne na nithe a leanas:

- 31 Rialachán
- Alt 4 den Acht Meabhair-Shláinte 2001
- 2 Riail Reachtúla
- 4 Chód Cleachtais

Déanann an Cigire measúnú freisin ar cháilíocht gach seirbhíse i gcoinne na gceithre philéar den Chreat Tacaíochta Breithiúnais:

- Próisis
- Oiliúint
- Faireachán
- Cur chun feidhme

Bunaithe ar chomhlíonadh na gceanglas reachtach ábhartha, déanann an Cigire rátáil chomhlíonta de 'Comhlíontach' nó 'Neamh-Chomhlíontach'. Ina theannta sin, bunaithe ar cloí na seirbhíse leis na critéir atá leagtha síos amach sa Chreat Tacaíochta Breithiúnais, déanann an Cigire Measúnú Cáilíochta de 'Ar fheabhas', 'Sásúil', 'Feabhsú Riachtanach 'nó 'Neamhleor '.

In 2019, bhí **65** cigireacht bhliantúil rialála ar ionaid fhormheasta rialaithe, agus **5** díobh siúd le fógra roimh ré agus **60** gan fógra. Ina theannta sin, bhí **18** gcigireacht ar thithe cónaithe pobail neamhrialaithe 24 uair an chloig ina bhfuil foireann altraí, agus 5 chigireacht fhócasaithe.

Tá tuilleadh mionsonraí le fáil i dTuarascáil an Chigire um Sheirbhísí Meabhair-Shláinte ar leathanach 60.

Tugadh isteach an Creat Tacaíochta Breithiúnais in 2015 agus modh nua freisin chun comhlíonadh rialála na n-ionad formheasta a thomhas. Léiríonn an figiúr thíos na leibhéil chomhlíonta thar an tréimhse ceithre bliana ó tugadh isteach an Creat Tacaíochta Breithiúnais. Léiríonn sé go bhfuil méadú bliain i ndiaidh bliana ar chomhlíonadh na n-ionad formheasta leis na rialacháin thar an tréimhse ceithre bliana.

Físor 3.
Comhlíonadh na Rialachán 2016-2019

2019	**78%** comhlíonadh	**33%** rátáilte mar ar fheabhas	**22** rioscaí criticiúla
2018	**79%** comhlíonadh	**26%** rátáilte mar ar fheabhas	**26** rioscaí criticiúla
2017	**76%** comhlíonadh	**11%** rátáilte mar ar fheabhas	**20** rioscaí criticiúla
2016	**74%** comhlíonadh	**16%** rátáilte mar ar fheabhas	**13** rioscaí criticiúla

Faireachán Comhlíonta

Déanaimid sonraí comhlíonta a bhailiú agus a anailísiú de réir seirbhíse aonair, de réir earnála/limistéar CHO, agus go náisiúnta, chun limistéir dhea-chleachtais agus ábhair imní a shainaithint. Léirítear i bhFigiúr 4 meánchomhlíonadh de réir earnála agus limistéar CHO. In 2019, ba é meánchomhlíonadh is airde na rialachán san earnáil CAMHS. Bhí an meánchomhlíonadh is ísle in CHO 7.

Cé go dtugann próisis forfheidhmithe aghaidh ar na rioscaí criticiúla agus ar na teagmhais thromchúiseacha, díríonn faireachán ar chomhlíonadh ar an treochtaí foriomlána le himeacht ama. Ní dhéanann an Coimisiún imscrúdú amháin ar cibé acu ar tháinig méadú nó laghdú i gcomhlíonadh ag seirbhís aonair, toisc nach bhfuil sé seo an-fhaisnéiseach (mar shampla má 'laghdaíonn' seirbhís ó chomhlíonadh 97% go 95%). Ina áit sin, is é an aidhm atá le faireachán ar chomhlíonadh ná chun díriú ar thromlach na seirbhísí atá ag feabhsú go comhsheasmhach bliain i ndiaidh bliana.

In 2019 tháinig laghdú beag ar chomhlíonadh náisiúnta foriomlán na rialachán go 78%, síos ó 79%.

Réimsí dea-chleachtais agus feabhsúchán

Déantar faireachán ar chomhlíonadh freisin thar na rialacháin agus na ceangalis rialála éagsúla chun feabhsúcháin a rianú agus chun aird a tharraingt ar réimsí ábhair imní féideartha. Tá an miondealú iomlán leagtha síos i dTábla 2 thíos.

Léiríodh comhlíonadh ard go seasta ar fud na seirbhísí go léir i roinnt réimsí, lena n-áirítear aitheantóirí cónaitheoirí (100%), sláinte agus sábháilteacht (100%) agus cumarsáid (97%). I measc na bhfeabhsuithe suntasacha bhí feabhas 13% ar chomhlíonadh i gClár na gCónaitheoirí (80%), feabhsú 5% ar ghearáin, agus feabhsú 5% ar chláir agus seirbhísí teiripeacha. Bhí feabhas 1% i *Rialacháin 22: Áitreabh*, réimse a bhí ina ábhar imní le blianta beaga anuas.

Réimse ina bhfuil ábhar imní

I measc na réimsí a bhfuil ábhar imní ag baint leo ná *Rialachán 26: Soláthar foirne*, a thit go comhlíonadh 8% in 2019, agus *Rialachán 19: Sláinte Ghinearálta*, a bhaineann le sláinte fhisiciúil na gcónaitheoirí, lena n-áirítear scagthástálacha sláinte ghinearálta a fháil ó dhochtúir, a bhí fós ag comhlíonadh 42%.

Rioscaí criticiúla

In 2019, fuair 22 réimse neamhchomhlíonta rátáil riosca criticiúil. Ciallaíonn sé seo go raibh ard dóchúlacht go mbeadh neamh-chomhlíonadh leanúnach ann agus tionchar ard ar shábháilteacht, ar chearta, ar shláinte nó ar fholláine na gcónaitheoirí.

I measc na rioscaí criticiúla bhí príobháideacht (6), áitreabh (5), cláir theiripeacha agus seirbhísí teiripeacha (3), agus soláthar foirne (2).

Fíor 4.
Meánchomhlíonadh rialachán de réir CHO agus earnála



Comhlíonadh Ionad Formheasta Rialachán in 2019

Tables 1 and 2 give the breakdown and ranking of all services' compliance with regulations across three years (2017-2019), and are separated based on inspections that were announced and those that were unannounced.

Tá dathchódú ar na táblaí chun **droch-chomhlíonadh**, comhlíonadh **measartha** agus comhlíonadh **maith** a léiriú. Léirítear sna táblaí comhsheasmhacht sna leibhéil chomhlíonta ag roinnt ionad formheasta thar an tréimhse ama seo, agus **27** seirbhís a bhain comhlíonadh maith amach, agus 1 sheirbhís a raibh droch-chomhlíonadh ag baint léi in 2019. Tá sé seo i gcomparáid le **27** seirbhís a bhain comhlíonadh maith amach agus gan aon seirbhís a raibh droch-chomhlíonadh ag baint léi in 2018.

Níos lú ná 60% comhlíontach
Idir 60% agus 80% comhlíontach
80% agus níos airde comhlíontach
Gan a bheith oscailte

Tábla 1.
Comhlíonadh Ionad Formheasta Rialachán, 2017-2019 (Cigireachtaí Fógartha 2019) - Rangaithe de réir Comhlíonta

Ionad Formheasta	CHO/Earnáil	2019	2018	2017
St Edmundsbury	Neamhspleách	100%	100%	96%
Ospidéal Phádraig	Neamhspleách	100%	97%	100%
Garrán na Sailí	CAMHS	97%	100%	100%
Tearmann Ward	3	96%	93%	82%
Linn Dara	CAMHS	93%	97%	97%

Tábla 2.
Comhlíonadh Ionad Formheasta Rialachán, 2017-2019 (Cigireachtaí Neamhfhógartha 2019) - Rangaithe de réir Comhlíonta

Ionad Formheasta	CHO/Earnáil	2019	2018	2017
AIPU Naomh Uinseann	CAMHS	97%	86%	72%
An Coillin	2	97%	86%	89%
Creagh Suite	2	97%	82%	93%
Lóiste na Ceapaí Airde	3	93%	93%	71%
Bloomfield	Neamhspleách	90%	73%	77%
Lóiste Haywood	5	90%	73%	74%
Cluain Lir	8	90%	83%	86%
DOP Ros Comáin	2	90%	83%	52%
Lois Bridges	Neamhspleách	89%	93%	79%
Ospidéal Ginearálta Bheanntraí	4	87%	77%	87%
Páirc Mhuirlinne	CAMHS	87%	90%	74%
Ospidéal Naomh Loman	8	87%	77%	77%
Ionad Maryborough	8	86%	90%	74%
Ospidéal Naomh Cainneach	5	86%	64%	68%
Deer Lodge	4	83%	89%	80%
Ionad Cúraim Fionnuisce	9	83%	80%	74%
Highfield	Neamhspleách	83%	83%	86%
Ospidéal Naomh Uinseann	9	83%	83%	72%

Ionad Formheasta	CHO/Earnáil	2019	2018	2017
Wood View	2	83%	72%	76%
Ospidéal Naomh Damhnait	1	82%	82%	72%
Aonad an tSeiceamair	9	82%	90%	90%
Vergemount	6	82%	77%	79%
AMHU Chorcaí	4	80%	77%	73%
AMHU Mhaigh Eo	2	80%	73%	83%
DOP Phort Laoise	8	80%	80%	90%
DOP Naomh Lúcás	5	80%	60%	57%
Éist Linn	CAMHS	80%	94%	87%
APU an Chabháin	1	79%	74%	83%
Abhainn na Cora	4	79%	89%	75%
Teach Selskar	5	79%	71%	93%
Aonad San Anna	2	79%	68%	86%
Ospidéal Bhríde	8	79%	93%	64%
Ginesa Suite	Neamhspleách	77%	Gan a bheith oscailte	Gan a bheith oscailte
Aonad Radharc an Locha	7	77%	73%	67%
Ospidéal an Chaisleáin Nua	6	77%	77%	70%
Clinic Jonathan Swift	7	76%	79%	55%
Teach Aisling	2	76%	72%	59%
APU na hInse	3	73%	73%	90%
Ionad Ashlin	9	73%	87%	84%
An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar	Fóiréinseach Náisiúnta	73%	87%	80%
Cois Dalua	Neamhspleách	73%	89%	Gan a bheith oscailte
DOP Leitir Ceanainn	1	73%	67%	60%
DOP Dhroichead Átha	8	73%	70%	70%
APU 5B Luimnigh	3	72%	72%	60%
Aonad Naomh Mícheáil	4	72%	83%	72%
Ospidéal Naomh Stiofáin	4	72%	62%	66%
Ospidéal St John of God	Neamhspleách	71%	84%	84%
AAMHU na Gaillimhe	2	70%	87%	80%
An Charraig Mhór	4	70%	74%	77%
Sligeach/Liatroim	1	70%	80%	70%
Ospidéal Naomh Otteran	5	70%	63%	57%
Barda Naomh Aloysius	9	69%	72%	70%
IDS Naomh Iosaf	ID Náisiúnta	69%	80%	67%
Seomraí Uí Chathasaigh	9	68%	72%	83%
Sliabh Mis	4	68%	72%	67%
DOP Uí Chonghaile	9	67%	70%	77%
DOP Phort Láirge	5	67%	73%	77%
Aonad Elm Mount	6	66%	62%	69%
Ospidéal Naomh Fionnbarra	4	64%	69%	70%
APU Thamhlachta	7	57%	68%	74%
Meán Náisiúnta 78%				

**Rinneadh cigireacht ar Aonad Ginesa mar chuid de Ospidéal St John of God in 2017 agus in 2018.*

Comhlíonadh de réir ceanglais rialála

Leagtar amach sa tábla thíos comhlíonadh Rialachán in 2019. Tá sé grúpáilte faoi na catagóirí a áirítear san *Acht Meabhair-Shláinte 2001 (Ionaid Fhormheasta)* Rialacháin 2006: Cúram agus Leas Ginearálta, Cúram do Chónaitheoirí, Áitreabh, Soláthar Foirne, Taifid, agus Forálacha Eile, agus áirítear leis céatadán méadaithe nó laghdaithe an chomhlíonta ó 2018 go 2019.

In 2019, bhí leibhéal ard comhlíonta ag 21 de na 31 rialachán is infheidhme ar an meán, agus maidir leis na 7 rialachán a bhaineann le soláthar foirne, áitreabh, príobháideacht, sláinte ghinearálta, cleachtais chógais, cothabháil taifead agus pleanáil chúraim aonair, bhí droch-chomhlíonadh ann i measc na n-ionad formheasta a ndearnadh cigireacht orthu. Tríd is tríd, bhí leibhéal comhlíonta seirbhísí na rialachán in 2019 comhchosúil leis sin in 2018, agus laghdú an-íseal ann in 2019. Feictear é seo sa laghdú comhlíonta náisiúnta ar an meán ó 79% go 78%. Tugann sé seo le fios, cé go bhfuil torthaí comhsheasmhach den chuid is mó, gur féidir feabhas a chur orthu fós.

In 2019, tháinig méaduithe suntasacha ar chomhlíonadh na Rialacha ar Shrianadh Meicniúil (Cuid 5) agus ar na Cóid Chleachtais a bhaineann le Srianadh Fisiciúil agus Iontráil, Aistriú agus Scaoileadh.

Mar sin féin, tháinig laghdú ar chomhlíonadh na Rialacha maidir le Leithlis ó leibhéal comhlíonta a bhí íseal cheana féin. Ba iad na príomhchúiseanna le neamh-chomhlíonadh a thuairiscítear ná: taifeadadh neamhleor nó neamhiomlán den chás leithlise; an seomra leithlise bheith salach; agus oiriúnacht agus sábháilteacht na saoráidí leithlise.

Tháinig laghdú freisin ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais maidir le hIontráil Leanaí. Mar sin féin, ní raibh an Cód Cleachtais seo infheidhmithe ach i 14 ionad formheasta in 2019, laghdú ó 18 ionad in 2018. Tuairiscíodh gurb iad na príomhchúiseanna le neamh-chomhlíonadh ná: nach bhfuil áiseanna nó gníomhaíochtaí aois-oiriúnacha do leanaí in ionaid fhormheasta d'aosaigh.

Níos lú ná 60% comhlíontach
Idir 60% agus 80% comhlíontach
80% agus níos airde comhlíontach
Gan a bheith oscailte

Tábla 3.
Comhlíonadh Rialachán 2018-2019

Rialachán		2019 comhlíonadh	2018 comhlíonadh	Athrú (%)
CÚRAM AGUS LEAS GINEARÁLTA				
4	Sainaithint Chónaitheoirí	100%	100%	Gan athrú
5	Bia agus Cothú	91%	92%	-1%
6	Sábháilteacht Bia	88%	86%	+2%
7	Éadaigh	95%	88%	+8%
8	Maoin	91%	97%	-7%
9	Gníomhaíochtaí áineasa	95%	92%	+3%
10	Creideamh	100%	100%	Gan athrú
11	Cuairteanna	97%	98%	-1%
12	Cumarsáid	97%	95%	+2%
13	Cuardaigh	92%	91%	+1%
14	Cúram dóibh siúd atá ag fáil bháis	100%	95%	+5%

Rialachán		2019 comhlíonadh	2018 comhlíonadh	Athrú (%)
CÚRAM DO CHÓNAITHEOIRÍ				
15	Plean Cúraim Aonair	52%	58%	-6%
16	Seirbhísí Teiripeacha	78%	73%	+5%
17	Oideachas do Leanaí	88%	100%	-12%
18	Aistrithe	88%	84%	+4%
19	Sláinte Ghinearálta	42%	42%	Gan athrú
20	Soláthar Faisnéise	97%	91%	+6%
21	Príobháideacht	49%	53%	-4%
ÁITREABH				
22	Áitreabh	31%	30%	+1%
23	Cógas	54%	52%	+2%
24	Sláinte agus Sábháilteacht	100%	100%	Gan athrú
25	CCTV	71%	78%	-7%
SOLÁTHAR FOIRNE				
26	Soláthar foirne	8%	9%	-1%
TAIFID				
27	Cothabháil Taifead	52%	53%	-1%
28	Clár	80%	67%	+13%
29	Beartais	89%	95%	-6%
FORÁLACHA EILE				
30	Binsí Méabhair-Shláinte	93%	98%	-5%
31	Gearáin	97%	92%	+5%
32	Bainistiú Rioscaí	69%	72%	-3%
33	Árachas	100%	100%	Gan athrú
34	Teastas	97%	100%	-3%

Tábla 4.
Comhlíonadh Rialacha Reachtacha Agus Cuid 4 den Acht Meabhair-Shláinte 2001 2018-2019

Ionstraim	2019	2018	Athrú (%)
Rialacha ar ECT	45%	58%	-13%
Rialacha ar Leithlis	21%	33%	-12%
Rialacha ar Shrianadh Meicniúil (Cuid 5)	76%	50%	+26%
Nósanna imeachta Toilithe (Cuid 4)	87%	81%	+6%

Tábla 5.
Comhlíonadh Cód Cleachtais 2018-2019

Cód Cleachtais	2019	2018	Athrú (%)
Srianadh Fisiciúil	50%	19%	+31%
Iontráil Leanaí	7%	11%	-4%
ECT	81%	64%	+17%
Iontráil, Aistriú, Scaoileadh	46%	25%	+21%

Forfheidhmiú

Glactar gníomh forfheidhmithe i gcás go bhfuil imní orainn go bhféadfadh gné de chúram agus cóireáil a chuirtear ar fáil in ionad ceadaithe a bheith ina riosca do shábháilteacht, shláinte agus fholláine na gcónaitheoirí, nó i gcás nár tugadh aghaidh ar réimse leanúnach neamh-chomhlíonta.

Breithníonn Coiste Athbhreithnithe Rialála an Choimisiúin ar gach saincheist a bhaineann le 'rioscaí criticiúla'. Is gnách go dtarlaíonn forfheidhmiú mar gheall ar thorthaí na gcigireachtaí, fógraí cáilíochta agus sábháilteachta, agus faireachán leanúnach.

Tá gníomhartha forfheidhmithe atá ar fáil don Choimisiún leagtha amach sa phirimid i bhFíor 5. Áirítear le gníomhartha forfheidhmithe ceanglas le Plean Gníomhaíochta Ceartaitheach agus Coisctheach (ag leibhéal íochtarach forfheidhmithe) agus ionad formheasta a bhaint ón gclár nó ionchúiseamh a leanúint.

Gníomhartha forfheidhmithe

Ghlac an Coimisiún **40** gníomh forfheimithe i gcoinne teagmhas, imeachtaí agus ábhair imní thromchúiseacha in 2019. Bhain na gníomhartha seo le **31** ionad formheasta. Tá sé seo i gcomparáid le 44 gníom forfheidhmithe in 2018 agus le 23 gníomh forfheidhmithe in 2017.[2]

Baineann an líon níos airde gníomhartha in 2018 agus 2019 le bailiú méadaithe agus feabhsaithe sonraí comhlíonta ar ardchaighdeán a chuireann ar chumas bearta forfheidhmithe a dhéanamh maidir le treochtaí an neamh-chomhlíonta leanúnaigh.

Le linn 2019, áiríodh le forfheidhmiú na nithe a leanas:

- **16** Fógra Ghníomh Láithreach a bhain le 20 ábhar imní tromchúiseach
- **24** Cruinniú Comhlíonta Rialála

Baineann an líon measartha ard Cruinnithe Comhlíonta Rialála leis an Tionscadal Clárúcháin, dá dtagraítear sa chuid Clárúchán den tuarascáil seo. Tionóladh 21 Cruinniú Comhlíonta Rialála réamhchlárúcháin ar an láthair ag gach ionad formheasta agus díríodh ar cibé ar cuireadh bearta ceartaitheacha agus coisctheacha imleora i bhfeidhm laistigh den tseirbhís nó nár cuireadh.

D'eascair 45% de ghníomhartha forfheidhmithe as cigireachtaí rialála a rinne Cigire na Seirbhísí Meabhairshláinte. D'eascair 43% de ghníomhartha forfheidhmithe ó fhaireachán comhlíonta agus go sonrach faireachán comhlíonta réamhchlárúcháin.

Bhain gníomhartha forfheidhmithe le croí-réimsí soláthar seirbhíse a d'imir tionchar ar shábháilteacht, folláine nó cearta daonna na gcónaitheoirí. Áiríodh leo:

- **7** a bhain le háitreabh an ionaid fhormheasta
- **4** a bhain le hábhair imní maidir le soláthar foirne, lena n-áirítear eolas na foirne ar na Rialacha agus ar na Cóid
- **4** a bhain le príobháideacht agus dínit na gcónaitheoirí

Fíor 5.
Samhail Fhorfheidhmithe an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte



2 Áiríodh i dtuarascáil bhliantúil 2017 obair leantach ar SREnna mar ghníomhartha forfheidhmithe. Níor cuireadh iad san áireamh ar chuspóirí tuairiscithe.

Coinníollacha Clárúcháin

Féadfaidh an Coimisiún coinníollacha a cheangal le clárú ionad formheasta (cosúil le pionós nó formhuiniú ar cheadúnas tiomána). Is é an chúis is coitianta le coinníoll a cheangal le clárú ionad formheasta ná neamh-chomhlíonadh leanúnach agus/nó ardriosca rialacháin nó riail reachtúil.

Is cion é coinníoll chlárúcháin a shárú.

> Cuireann coinníollacha clárúcháin ar chumas an Choimisiúin dlúthfhaireachán a dhéanamh ar phleananna chun dul i ngleic le neamh-chomhlíonadh. Déantar é seo trí:
>
> - Riachtanais bhreise thuairiscithe a shocrú (e.g. tuarascálacha iniúchta, taifid oiliúna)
> - Gníomhartha ar leith a éileamh (e.g. oibreacha tógála, prótacail fhorbartha)
> - Gníomhartha ar leith a chosc (e.g. iontrálacha díreacha)

Le formhór na gcoinníollacha atá ceangailte faoi láthair le saoráidí, bíonn tuarascálacha go míosúil nó go ráithiúil ag teastáil le cur faoi bhráid an Choimisiúin ar theimpléad caighdeánaithe. Leis sin, cuirtear ar chumas an Choimisiúin dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an gceanglas coinníll.

Amhail deireadh na bliana 2019, bhí **57** coinníoll ceangailte le **35** ionad formheasta. Bhí na coinníollacha is coitianta ceangailte sna réimsí a leanas:

- **18** a bhain le hoiliúint éigeantach don fhoireann
- **14** a bhain le háitreabh a chothabháil
- **10** a bhain le pleanáil chúraim aonair
- **3** a bhain le cógas
- **3** a bhain le dúnadh

Coinníollacha ceangailte

In 2019, rinneadh **14** coinníoll clárúcháin nua a cheangal le **9** ionad formheasta le linn 2019:

- Aonad Meabhair-Shláinte Othar Cónaitheach Leanaí agus Aosach, Ospidéal Ollscoile Pháirc Mheirlinne
- Roinn Síciatrachta Dhroichead Átha
- Aonad Othar Cónaitheach Leanaí agus Aosach Éist LInn
- Lois Bridges
- Ionad Maryborough, Ospidéal Naomh Fintan
- Barda San Caitríona, Ospidéal Naomh Fionnbarra
- Seirbhís Mhíchumas Intleachtúil Iosaf
- Teach Aisling
- Woodview

Baineadh coinníollacha

Le linn 2019, baineadh **7** gcoinníoll mar gheall ar chomhlíonadh bheith léirithe ag an ionad formheasta sa réimse ábhartha.

Baineadh coinníollacha de na hionaid fhormheasta a leanas mar gheall ar chomhlíonadh a bhaint amach:

- Barda Naomh Aloysius, Ospidéal an Mater Misericordiae
- Deer Lodge
- An Roinn Síciatrachta, Ospidéal Ollscoile Phort Láirge
- Aonad Radharc an Locha, Ospidéal Ginearálta an Náis
- Barda San Ita, Ospidéal Naomh Bríd
- Aonad Naomh Mícheáil, Ospidéal Ollscoile na Trócaire

Cáilíocht agus Fógraí Sábhailteachta

Ceanglaítear ar ionaid fhormheasta agus seirbhísí meabhairshláinte pobail eile Fógraí Cáilíochta agus Sábháilteachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Tá 16 Fhógra Cáilíochta agus Sábháilteachta ann san iomlán, a bhaineann le:

- **Imeachtaí dochracha** (e.g. imeachtaí agus teagmhais tromchúiseacha intuairiscithe, agus básanna)
- **Cleachtais rialaithe** (e.g. ECT agus cleachtais sriantacha)
- **Réimsí a ndéanann an Coimisiún dlúthfhaireachán orthu** (e.g. iontrálacha leanaí, plódú)

Déanann an Coimisiún dlúthfhaireachán agus dlúthanailís ar threochtaí le haghaidh na bhfógraí seo. Cuirimid tuarascálacha bliantúla ar fáil freisin maidir le cleachtais rialáilte, atá le fáil ar ár láithreán gréasáin.

Básanna

In 2019, tuairiscíodh **563** bás dhaoine a úsáideann seirbhísí meabhair-shláinte chuig an gCoimisiún. Bhain **166** díobh siúd le seirbhísí rialaithe (ionaid fhormheasta), agus bhain **397** díobh le seirbhísí meabhair-shláinte pobail eile.

Ní féidir bás trí fhéinmharú a chinneadh ach trí ionchoisne Cróinéara, a d'fhéadfadh tarlú roinnt míonna tar éis an bháis.

Mar sin féin, thuairiscigh na seirbhísí **168** bás chugainn mar 'fhéinmharuithe amhrasta'.

563	Iomlán na mbásanna i seirbhísí meabhair-shláinte
166	Básanna in ionaid fhormheasta
168	Básanna tuairiscithe mar fhéinmharuithe amhrasta

Imeachta Tromchúiseacha Intuairiscithe

Ceanglaítear ar gach seirbhís mheabhairshláinte fógra a thabhairt don Choimisiún maidir le hImeachtaí Tromchúiseacha Intuairiscithe (SREnna, FSS 2015). In 2019, tuairiscíodh **41** SREnna chuig an gCoimisiún. Bhain **37** díobh siúd le cónaitheoirí in ionaid fhormheasta, bhain 4 le seirbhísí meabhair-shláinte pobail eile. Léirítear i dTábla 6 líon na SREnna a tuairiscíodh, arna miondealú de réir catagóire SRE.

Tábla 6.
Imeachtaí Tromchúiseacha Intuairiscithe a Tuairiscíodh de réir Catagóire

Catagóir SRE	Cur Síos	An líon a tuairiscíodh
Imeacht Timpeallachta (5D)	Míchumas tromchúiseach a bhaineann le titim	11
Imeacht Coiriúil (6C)	Ionsaí gnéasach ar othar nó ar dhuine eile	9
Imeacht um Bainistiú Cúraim (4I)	Othrais bhrú chéim 3 nó 4	8
Imeacht Coiriúil (6D)	Bás nó gortú/míchumas tromchúiseach	5
Imeacht Cosanta Othar (3C)	Básanna tobanna gan mhíniú nó gortuithe as a dtagann míchumas tromchúiseach	5
Eile		2
Imeachtaí Cosanta Othar (3B)	Bás othair nó míchumas tromchúiseach a bhaineann le héalú othair	1
Iomlán		**41**

Plódú

Bhí **208** cás plódaithe ann in 2019. Meastar go bhfuil ionad formheasta plódaithe má sháraíonn líon na gcónaitheoirí san aonad ag 12am an lá sin líon na leapacha a bhfuil an t-ionad formheasta cláraithe dóibh.

Bhain na 208 cás plódaithe seo le **13** ionad formheasta. Thuairiscigh **cúig** ionad formheasta **194** as na 208 cás plódaithe:

- An Roinn Síciatrachta, Ospidéal Ollscoile Phort Láirge
- Othair Isteach Meabhair-Shláinte Shliabh Mis, Ospidéal Ollscoile Chiarraí
- Aonad Meabhair-Shláinte d'Aosaigh, Ospidéal Ollscoile Mhaigh Eo
- An Roinn Síciatrachta, Ospidéal Naomh Lúcás
- An Roinn Síciatrachta, Ospidéal Ollscoile Ros Comáin

Agus cúiseanna le plódú á dtabhairt, rinne **115** fógra tagairt d'iontráil éigeandála amháin nó níos mó. I measc na gcúiseanna eile bhí iontrálacha deonacha agus ainneonacha, gan scaoileadh ar fáil, agus filltí ó shaoire.

Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le hionaid fhormheasta a thuairiscigh plódú d'fhonn a áirithiú go raibh pleananna bainistíochta borrtha éifeachtacha i bhfeidhm agus chun aghaidh a thabhairt ar chúiseanna córasacha plódaithe.

Iontrálacha Leanaí

Déanann an Coimisiún dlúthfhaireachán ar iontrálacha leanaí agus daoine óga (faoi 18 mbliana d'aois) chuig seirbhísí meabhair-shláinte d'othair chónaitheacha. Ba é **497** an líon iomlán iontrálacha dhaoine óga chuig ionaid fhormheasta in 2019. Tá sé sin i gcomparáid le hiomlán de 408 iontráil in 2018 agus 439 in 2017.

Iontrálacha chuig ionaid fhormheasta d'aosaigh

Níor chóir leanaí agus daoine óga a chur in aonaid d'aosaigh seachas i gcúinsí eisceachtúla. Tarlaíonn formhór na n-iontrálacha chuig aonaid d'aosaigh mar gheall ar riosca láithreach do na daoine óg nó do dhaoine eile, nó mar gheall ar easpa leapacha in aonad speisialaithe CAMHS.

Níl aonaid CAMHS ach i dtrí chontae go náisiúnta, agus ní ghlacann siad iontrálacha lasmuigh d'uaireanta oibre, seachas Páirc Mheirlinne agus Linn Dara. Fágtar leanaí agus daoine óga atá i ngéarchéim leis an 'rogha' do-ghlactha idir: roinn éigeandála, ospidéal ginearálta, ospidéal leanaí, nó aonad aosach d'othair chónaitheacha.

Aonad CAMHS	Contae	Earnáil	Aois iontrála
Páirc Mhuirlinne	Gaillimh	FSS	<18
Éist Linn	Corcaigh	FSS	<18
Linn Dara	Baile Átha Cliath	FSS	<18
Aonad Ginesa	Baile Átha Cliath	Príobháideach	16-17
Garrán na Sailí	Baile Átha Cliath	Príobháideach	16-17
AIPU Naomh Uinseann	Baile Átha Cliath	Deonach	16-17

In 2019, bhí **54** iontráil chuig **15** aonad d'aosaigh. Tá sé seo i gcomparáid le 84 iontráil chuig 18 n-aonad d'aosaigh in 2018.

Bhí **23** de na hiontrálacha sin ar feadh níos lú ná 48 uair an chloig, i gcomparáid le 11 iontráil ar feadh níos lú ná 28 uair an chloig in 2018.

Iontrálacha chuig ionaid fhormheasta do leanaí agus d'ógánaigh

Tá sé aonad speisialaithe CAMHS sa tír; ceithre cinn i mBaile Átha Cliath, ceann amháin i gCorcaigh agus ceann amháin i nGaillimh. In 2019, bhí **443** iontráil chuig na haonaid seo. Ba é an meánfhad iontrála **50** lá (bunaithe ar fhaisnéis scaoilte a soláthraíodh le haghaidh 431 iontráil).

Iontrálacha leanaí ainneonacha

Ní mór iontráil ainneonach linbh a bheith údaraithe ag an gCúirt Dúiche. In 2019, rinneadh 32 ordú iontrálacha ainneonacha leanaí chuig ionaid fhormheasta, de bhun Alt 25 den Acht Meabhair-Shláinte. Áiríodh leis sin:

- **2** ordú chuig aonaid d'aosaigh
- **30** ordú chuig aonaid CAMHS

Ina theannta sin, bhí Ordú Ard-Chúirte amháin ann chun leanbh a chur isteach in aonad d'aosaigh. Cuireadh **triúr** daoine óga isteach in aonaid CAMHS mar Choimircithe Cúirte agus cuireadh duine **amháin** isteach in aonad d'aosaigh mar Choimircí Cúirte.

Aois agus inscne iontrálacha leanaí

In 2019, bhí 65% de na hiontrálacha leanaí go léir ina mbaineannaigh. Bhí an cónaitheoir is óige 11 bhliain d'aois.

Tábla 7.
Aois Iontrálacha Leanaí chuig Aonaid d'Aosaigh agus do Leanaí

Aois	Aonad d'aosaigh	Aonad CAMHS
17	32	153
16	16	118
15	6	89
14	0	54
13 agus níos óige	0	29

Físr 6.
Iontrálacha leanaí de réir chineál an aonaid (aosach nó leanbh) ó 2015 go 2019



Feabhsú Cáilíochta

Tá sainordú ag an gCoimisiún ardchaighdeáin agus dea-chleachtas a chothú i seachadadh cúram meabhair-shláinte. Molaimid seachadadh seirbhísí duine-lárnaithe atá bunaithe ar théarnamh, a chuireann cearta daonna na ndaoine a fhaigheann cúram agus cóireáil chun cinn agus a thacaíonn leis na cearta sin.

Cuirimid le cultúr d'fheabhsú cáilíochta leanúnach trí anailís a dhéanamh, treoir a eisiúint agus caighdeáin, rialacha agus cóid chleachtais fianaise-bhunaithe a fhorbairt chun seachadadh seirbhíse agus eispéireas na ndaoine a fhaigheann rochtain ar sheirbhísí a fheabhsú.

Bainimid úsáid as modheolaíochtaí feabhsúcháin cáilíochta freisin san athbhreithniú ar ár bpróisis inmheánacha féin.

Le linn 2019, áiríodh lenár bpríomhghníomhaíochtaí faoinár bhfeidhmeanna Feabhsúcháin Cáilíochta forbairt agus seoladh, mar aon le HIQA, na gCaighdeán Náisiúnta um Chosaint Aosach agus seoladh an Chórais Chuimsithigh Faisnéise (CIS).

Foilseacháin

D'fhoilsigh an Coimisiún roinnt doiciméad le linn 2019 agus isteach in 2020 luath. Cuimsíonn na doiciméid seo tuarascálacha faisnéiseacha ar ghníomhaíochtaí agus caighdeáin cháilíochta, i measc nithe eile.

- Straitéis 2019-2022 an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte
- Úsáid Cleachtas Sriantach in Ionaid Fhormheasta: Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí 2017 & 2018
- Úsáid Theiripe Leictri-Thritheamhach in Ionaid Fhormheasta: Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí 2017 & 2018
- Fógraí Cáilíochta agus Sábháilteachta – Treoir leis na Foirmeacha Athbhreithnithe
- Caighdeáin Náisiúnta do Chosaint Aosach

Rochtain ar Ghéarleapacha Meabhair-Shláinte in Éirinn

Le linn 2019, d'oibrigh an Coimisiún chun plépháipéar a thabhairt chun críche a chuireann i láthair na torthaí ó athbhreithniú ar sholáthar géarleapacha meabhair-shláinte aosach in Éirinn. Mar chuid dá thiomantas straitéiseach, bhunaigh an Coimisiún Coiste Feabhsúcháin Cáilíochta in 2018. Rinne an Coiste, le ceadú an Choimisiúin, comhaontú comhpháirteach oibre le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath chun athbhreithniú a dhéanamh ar rochtain ar ghéarleapacha meabhair-shláinte in Éirinn.

Tá sé mar aidhm ag an bplépháipéar pictiúr cuimsitheach a sholáthar de rochtain ar sheirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaitheacha, lena n-áirítear líon na ngéarleapacha, a gcóimheas maidir leis an daonra, infhaighteacht géarleapacha meabhair-shláinte a bhaineann le haois dóibh siúd atá os cionn 65 bliana d'aois agus infhaighteacht acmhainní cúraim ar bhonn leanúnach. Úsáideann an páipéar sonraí a cuireadh ar fáil le linn phróiseas clárúcháin na n-ionad formheasta, chomh maith le sonraí a bailíodh le linn daonáirimh ar áitíocht leapacha a rinne an Coimisiún i mí na Samhna 2018.

Obair Chomhoibritheach

Aighneachtaí

Le linn 2019, chuir an Coimisiún aighneachtaí nó barúlacha ar fáil maidir le roinnt dréachtchaighdeán, creataí, straitéisí agus páipéar seasaimh, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dóibh a leanas:

- Caighdeáin Inniúlachta CORU d'Oibrithe Sóisialta
- Comhairliúchán Scóipe HIQA ar Chaighdeáin Náisiúnta do Sheirbhísí Sóisialta Leanaí
- Seirbhísí Bainistíochta Faisnéise HIQA
- Plean Corparáideach FSS
- Plean Straitéiseach an Údaráis Rialála um Tháirgí Sláinte

Coistí, Grúpaí Comhairleacha agus Grúpaí Sainleasa

Le linn 2019, ghlac an Coimisiún páirt i roinnt grúpaí chun cur le forbairt caighdeán, foghlaim a roinnt agus léargais idirnáisiúnta a fháil, lena n-áirítear:

- Fóram Idirnáisiúnta BMJ ar Cháilíocht i gCúram Sláinte, Glaschú
- Comhchoiste an Oireachtais ar Shláinte
- An Coiste Eorpach chun Céastóireacht agus Cóireáil nó Pionós Mídhaonna nó Maslach a Chosc
- An Oifig Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc
- Fóram Idirphlé ar ról eagraíochtaí deonacha i seirbhísí sóisialta sláinte agus pearsanta arna maoiniú go poiblí
- An Coiste Náisiúnta um Chosaint
- An Coiste um Éifeachtúlacht Náisiúnta Chliniciúil
- Grúpa Comhairleach HIQA um Chur Chuige Bunaithe ar Chearta an Duine i leith Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint Aosach

In 2019, d'fhoilsigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte agus an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (HIQA) i gcomhpháirt Caighdeáin Náisiúnta um Chosaint Aosach. Áiriodh leis an bpróiseas forbartha Caighdeán athbhreithniú cuimsitheach ar fhianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta, rannpháirtíocht fhócasghrúpa agus comhairliúchán poiblí, teagmháil leis an Roinn Sláinte agus cead deiridh ón Aire Sláinte. Sheol an tAire na Caighdeáin i mí na Nollag 2019 agus tá siad ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Tá sé de cheart ag gach aosach a bheith sábháilte agus saol a chaitheamh atá saor ó dhochar. Trí Chaighdeáin Náisiúnta um Chosaint Aosach a bheith i bhfeidhm is féidir cur chuige comhsheasmhach a úsáid chun dochar a chosc agus chun freagairt dó má tharlaíonn sé. Tugtar leis na Caighdeáin breac-chuntas ar bhealach oibre do sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta agus tacaítear leo le cultúir a fhorbairt a áirithíonn gur cuid bhunúsach den soláthar seirbhíse í an chosaint.

D'fhorbair an Coimisiún agus HIQA roinnt acmhainní breise chun tacú le cur i bhfeidhm na gCaighdeán

Córas Faisnéise Cuimsitheach

Sheol an Coimisiún an Córas Cuimsitheach Faisnéise (CIS) in 2019. Is córas comhordaithe, ar fud na heagraíochta, slán é CIS a thacaíonn le croífheidhmeanna an Choimisiúin. Le CIS éascaítear bainistiú inmheánach faisnéise agus próisis agus seirbhísí meabhair-shláinte á soláthar freisin le comhéadan a éascaíonn sé cumarsáid gan pháipéar leis an gCoimisiún. Déantar na próisis a leanas anois trí CIS: iarratais chlárúcháin, 'Trácht agus Athbhreithniú' ar thuarascálacha cigireachta, aighneacht Phleananna Gníomhaíochta Ceartaitheacha agus Coisctheacha (CAPAnna), agus aighneacht Fógraí Cáilíochta agus Sábháilteachta.

Sa ráithe dheireanach de 2019, chuir an Coimisiún oiliúint phearsanta ar fáil do bhaill foirne ionad formheasta a bheadh ag plé leis an bpróiseas Fógra Cáilíochta agus Sábháilteachta ar CIS. Cuireadh leis seo le roinnt lámhleabhar cuimsitheach oiliúna agus físeán atá ar fáil ar ár láithreán gréasáin.

Tá an Coimisiún ag leanúint ar aghaidh le CIS a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach chuig feidhmeanna agus fógraí breise, lena n-áirítear obair rannán na mBinsí agus aighneacht faisnéise maidir le ECT agus le cleachtais shriantacha in ionaid fhormheasta.

Binsí Méabhair-Shláinte



Réamhrá

Rinneadh roinnt cinntí cúirte le linn 2019, rud a chuir feabhas ar chearta dhaoine a coinníodh go hainneonach sa mhéid is go raibh tionchar dáiríre agus praiticiúil acu ar an othar.

I gcás amháin[3] fuarthas go bhfuil othar fós i dteideal achomharc a dhéanamh ar ordú iontrála fiú sa chás gur leathnaíodh an t-ordú sin le hordú athnuachana. Má sheastar leis an achomharc sin agus má chúlghaireann an chúirt an t-ordú iontrála, cúlghairtear an choinneáil iomlán.

I gcás eile[4], chuir an Chúirt Uachtarach in iúl go neamhbhalbh gur gá guth an duine ábhartha a chluinstin sa phróiseas tríd an méid a leanas a chur in iúl:

"Tá sé riachtanach go gcluintear guth an duine aonair sa phróiseas, agus mura féidir léi labhairt ar a son féin ní mór duine éigin a fháil, nach bhfuil bainteach ar shlí eile le haon díospóid, atá in ann labhairt ar a son... Is é seo i ndáiríre an ghné is suntasaí den dlíthíocht ar fad agus de na nósanna imeachta uile atá sainordaithe ag an gcúirt go dtí seo - go ndeachaigh sé ar aghaidh go dtí an pointe seo ar bhonn argóintí idir tríú páirtithe, agus cinntí cúirteanna, maidir leis an rud atá de dhíth uirthi [an t-othar] agus an rud atá chun a leasa, gan a guth féin a chluinstin."

Cé gur bhain an cinneadh sa chás seo leo siúd in ospidéil agus i dtithe altranais, tá feidhm ag an teachtaireacht maidir le gach duine leochaileach, agus iad siúd atá i seirbhísí meabhairshláinte cónaithe á gcur san áireamh.

Leagadh béim leis an dá chás thuas ar an ngá atá le leasú ar an Acht Meabhair-Shláinte 2001, rud a cuireadh chun cinn in 2019. Tugadh na Cinn Bille don Acht Meabhair-Shláinte 2001 don Choimisiún i mí Iúil 2019 lena n-athbhreithniú thar thréimhse sé mhí.

Faisnéis Ghinearálta

Faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001 (Acht 2001), maidir le gach aosach a choinnítear go hainneonach in ionad formheasta, tarchuirfear a n-ordú coinneála chuig binse meabhair-shláinte (binse) le haghaidh athbhreithnithe. Is bunriachtanas é seo chun cearta daonna othar a chosaint agus chun seasamh leo.

Leagtar amach san Acht 2001 conas a oibríonn an córas éigeantach seo d'athbhreithniú neamhspleách. Ní mór do bhinse an t-athbhreithniú neamhspleách seo a dhéanamh laistigh de **21 lá** ó dhéanamh an t-ordú. Tá triúr ar an mbinse - dlíodóir/abhcóide mar chathaoirleach, síciatraí comhairleach agus duine eile, ar a dtugtar tuata go minic.

Mar chuid den phróiseas seo, sannann an Coimisiún ionadaí dlíthiúil do gach othar (cumhdaithe le cúnamh dlíthiúil) ach, más mian leo, féadfaidh othar iarracht a dhéanamh dlíodóir eile a fháil ó phainéal an Choimisiúin, nó a ndlíodóir príobháideach féin a cheapadh.

Socraíonn an Coimisiún freisin go ndéanfaidh síciatraí comhairleach neamhspleách athbhreithniú ar an othar, agus cuirtear a thuarascáil ar fáil d'ionadaí dlíthiúil an othair agus don bhinse.

3 IF -v- MHT agus daoine eile an 29 Bealtaine 2019. Fuair an Chúirt Uachtarach go leathnaíonn ordú athnuachana saol ordaithe iontrála agus nach ndéanann ordú athnuachana "... coinneáil an othair a údarú leis féin nó teacht in ionad coinneáil an othair. Is é an t-ordú iontrála bunús na coinneála, cé gur leathnaíodh é."

4 A.C. & Ors v Ospidéal Ollscoile Chorcaí agus Ors & A.C. v Fitzpatrick agus Ors 17 Deireadh Fómhair 2019.

Is iad na páirtithe a d'fhéadfadh a bheith i láthair ag an mbinse i dteannta le comhaltaí an bhinse ná an t-othar (nach bhféadann freastal i gcónaí), ionadaí dlíthiúil an othair (más mian leis an othar iad a bheith i láthair) agus síciatraí comhairleach cóireála an othair.

Iontráil Ainneonach

Ní féidir duine a ghlacadh isteach in ionad formheasta agus é/í a choinneáil ann ach amháin más rud é go bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi (mar a mhínítear in alt 3 d'Acht 2001).

Is féidir aosach a ghlacadh isteach go hainneonach ar dhá bhealach: iontráil ainneonach ón bpobal nó athghrádú othair dheonaigh in ionad formheasta go dtí othar ainneonach.

I gcásanna den chineál sin, is é síciatraí comhairleach a dhéanann an t-ordú iontrála ar fhoirm reachtúil (Foirm 6 nó 13). Más rud é go gcoinnítear duine ar Fhoirm 6, ní mór foirmeacha reachtúla eile a ghabháil leis an bhfoirm, lena n-áirítear foirm iarratais (Foirmeacha 1, 2, 3, nó 4) agus foirm mholta sínithe ag lia-chleachtóir cláraithe (Foirm 5).

Maireann an t-ordú tosaigh lena gcoinnítear othar, ar a dtugtar **ordú iontrála**, ar feadh uasmhéid de **21 lá**. Is féidir an choinneáil a leathnú le hordú breise, ar a dtugtar **ordú athnuachana**, agus d'fhéadfaí an chéad cheann acu a mhaireachtáil do thréimhse suas le trí mhí agus an dara ceann do thréimhse suas le sé mhí.

Ní féidir ordú athnuachana a dhéanamh ach amháin tar éis don chomhairleoir atá freagrach as an othar athbhreithniú a dhéanamh ar an othar agus cinneadh a dhéanamh go bhfuil neamhord meabhrach air nó uirthi fós. Ní gá do shíciatraí comhairleach atá ag déanamh ordaithe ar feadh suas le trí mhí nó sé mhí é a dhéanamh ar feadh na tréimhse iomláine agus ní mór dóibh a mbreithiúnas cliniciúil a úsáid chun cinneadh a dhéanamh ar a bhfuil oiriúnach. Seoltar gach ceann de na horduithe seo chuig binse le hathbhreithniú a dhéanamh orthu.

In 2019, rinneadh na horduithe a leanas:

- **1,825** ordú ionrálacha ón bpobal
- **565** ordú iontrálacha trí athghrádú
- **905** ordú athnuachana do thréimhse suas le trí mhí
- **328** ordú athnuachana do thréimhse suas le sé mhí

Tháinig laghdú 2% ar orduithe iontrála agus méadú 1% ar orduithe athnuachana idir 2018 agus 2019.

Tá faisnéis mhionsonraithe ar orduithe iontrála agus athnuachana léirithe i bhFíoracha 9-11 agus i dTáblaí 8,9,10 agus 11 sna hAguisíní.

Athbhreithnithe Breise

Suas le Deireadh Fómhair 2018, b'fhéidir othar a choinneáil ar ordú ar feadh suas le 12 mhí. Ritheadh Acht in 2018 a chuir cosc ar ordaithe a dhéanamh ar feadh suas le 12 mhí. Rinneadh athrú leis freisin maidir le horduithe ar feadh suas le sé mhí.

Má choinnítear othar ar ordú ar feadh suas le sé mhí (an dara hordú athnuachana nó ordú athnuachana ina dhiaidh sin), tá sé nó sí i dteideal athbhreithniú breise ag binse má choinnítear fós é/í tar éis trí mhí. Is cosaint bhreise é seo d'othair. Tháinig an ceart seo chun athbhreithniú breise a lorg i bhfeidhm an 8 Eanáir 2019 agus is féidir leis an othar nó lena n-ionadaí dlíthiúil é a lorg.

Ó 8 Eanáir 2019 go 7 Eanáir 2020, bhí 234 othar ann a bhí incháilithe athbhreithniú breise a lorg. As an méid sin, thabharfaimis na cinn a leanas d'aire:

- Fuarthas tríocha a naoi (39) iarratas ar éisteacht.
- Rinneadh trí (3) ordú a chúlghairm sular tharla an éisteacht.
- Tharraing an t-othar dhá (2) iarratas siar.

- Tionóladh tríocha a ceathair (34) cruinniú ina ndearnadh tríocha a trí (33) ordú a dheimhniú agus ordú amháin (1) a chúlghairm.

Is ionann na hiarratais a fuarthas agus 16% de líon iomlán na n-othar atá incháilithe le haghaidh athbhreithniú breise, méid atá i bhfad níos lú ná mar a raibh an Coimisiún ag súil.

In 2020, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcúis leis an nglacadh íseal. Nuair is féidir, labhróidh muid le hothair/abhcóidí othar le fáil amach an bhfuil othair ar an eolas go hiomlán faoin gceart seo agus más gá don Choimisiún níos mó a dhéanamh chun iad a chur ar an eolas faoin gceart.

Éisteachtaí Binse

Caithfidh binse bheith ina shuí laistigh de 21 lá ó ordú a dhéanamh. Tharla iomlán de 2,024 binse in 2019. I bhFíor 12 sna hAguisíní, is féidir a fheiceáil cén lá den tréimhse 21 lá sin ar a raibh éisteachtaí binse.

In 2019:

- rinneadh 1,677 ordú a chúlghairm sular tharla éisteacht
- chuaigh 2,024 ordú chuig éisteacht
- rinneadh 245 ordú a chúlghairm ag an éisteacht

Moladh i dTuarascáil an tSainghrúpa Athbhreithnithe i mí na Nollag 2014 gur cheart athbhreithnithe ag binsí a dhéanamh laistigh de 14 lá ón ordú a dhéanamh. In 2019, tharla 88% d'éisteachtaí idir Lá 15 agus Lá 21. Toilíonn an Coimisiún leis an moladh seo agus áiritheoidh sé go mbeidh sé seo indéanta sula ndéanfar dlí de.

Orduithe a cúlghaireadh sular tharla éisteacht:

Ní mór do shíciatraí comhairleach atá freagrach as othar ordú a chúlghairm má thagann sé/sí ar an tuairim nach bhfuil neamhord meabhrach ar an othar a thuilleadh.

Agus cinneadh á dhéanamh ar cheart othar a scaoileadh, ní mór don síciatraí comhairleach an gá a áirithiú nach scaoiltear an duine go míchuí a chothromú leis an ngá a áirithiú nach gcoinnítear an duine go hainneonach ach fad a bhíonn sé riachtanach go réasúnta chun cúram ceart agus cóireáil cheart a fháil.

I gcás ina scaoileann an síciatraí comhairleach freagrach othar faoi Acht 2001, ní mór dóibh fógra i scríbhinn a thabhairt don othar lena mbaineann, agus dá (h)ionadaí dlíthiúil. Thabharfadh an Coimisiún dá aire nach ndéantar é seo i gcónaí nó nach ndéantar é go tráthúil. Nuair a dhéantar ordú othair a chúlghairm, féadfaidh siad an t-ionad formheasta a fhágáil nó féadfaidh siad aontú fanacht chun cóireáil a fháil ar bhonn deonach. Ba chóir don síciatraí comhairleach freagrach agus do bhaill eile d'fhoireann an othair é seo ar fad a mhíniú don othar. In 2019, rinneadh 46% de na horduithe go léir a chúlghairm sula raibh éisteacht bhinse ann. Féach Fíor 13 sna hAguisíní.

Binsí Alt 28:

Má dhéantar ordú a chúlghairm sula mbeadh binse ann, féadfaidh an t-othar a chinneadh fós binsé bheith aige/aici. Tugtar *Binse Alt 28* air seo go coitianta. As na 1,677 ordú a cúlghaireadh sula raibh éisteacht ann, rinneadh 34 iarratas ar Bhinsí Alt 28 agus chuaigh 24 acu ar aghaidh chuig éisteacht iarbhír. Is é seo céatadán an-bheag (1.4%) de na horduithe a cúlghaireadh sula raibh éisteacht ann.

Luaigh an Coimisiún nach bhfuil sé soiléir, ina thuairim féin, an méid atá le cinneadh ag binse i mBinse Alt 28. Rinne an Chúirt Uachtarach roinnt tráchtanna ar Alt 28 i gcinneadh in 2019 ach níor déileáladh go substaintiúil leis an ábhar.[5]

5 Éisteadh IF-v-MHT an 21 Márta 2019 agus breithiúnas dar dáta 29 Bealtaine.

Orduithe a cúlghaireadh ag binsí:

Mar a dúradh thuas, ba é 245 líon na n-orduithe a cúlghaireadh ag binse, agus is ionann sin agus 12% díobh sin a chuaigh chun éisteachta. Léiríonn sé seo méadú 1% ó bhí 2018 ann. Léirítear i bhFíor 14 sna hAguisíní miondealú breise ar na cúlgharimeacha sin.

Rinneadh iomlán de 245 ordú a chúlghairm ag binse in 2019, ar féidir a roinnt mar seo a leanas:

- níor chomhlíon 65% acu an critéár in alt 3 d'Acht 2001
- níor chomhlíon 29% acu ceann de na hailt ábhartha atá liostaithe in alt 18 (1) (a)(i) (nó a choibéis) agus chuir sé sin isteach ar shubstaint an ordaithe
- níor chomhlíon 4% acu an critéar in alt 3 agus níor chomhlíon ceann de na hailt ábhartha in alt 18 (1)(a) (i) (no a choibhéis) agus chuir sé sin isteach ar shubstaint an ordaithe
- 2% a bhí rangaithe mar 'eile' (mar shampla – bhain dhá chúlghairm le saincheisteanna alt 26).

Deonach go dtí Ainneonach

Má thugann othar deonach le fios gur mian leis ionad formheasta a fhágáil, is féidir iad a choinneáil má tá an fhoireann den tuairim go bhfuil neamhord meabhrach ar an othar. Ní mór próiseas mionsonraithe a dhéanamh sula bhféadann sé seo tarlú, lena n-áirítear gur gá dá síciatraí comhairleach freagrach agus don dara síciatraí comhairleach an duine a athbhreithniú.

Mar a tugadh d'aire, cuireadh 565 iontráil den chineál sin in iúl don Choimisiún in 2019.

Cé a dhéanann an t-iarratas chun coinneáil?

Mar chuid dár n-anailís, bailímid sonraí maidir le cé a dhéanann an t-iarratas maidir le iontráil ainneonach aosaigh chuig ionad formheasta.

Is iad na príomhathruithe i bhfigiúirí 2019 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin ná go bhfuil iarratais de réir teaghlaigh laghdaithe 4%; fanann iarratais ó oifigigh údaraithe mar an gcéanna; tá méadú 2% ar iarratais ón nGarda Síochána; agus tá méadú 2% ar iarratais ó 'aon duine eile'[6].

Thabharfadh an Coimisiún dá aire an méid a leanas maidir leis na torthaí seo:

- Fáiltíonn sé roimh an laghdú in iarratais de réir teaghlaigh.
- Tá imní air faoin méadú in iarratais ag na Gardaí.
- Mar d'fhéádfadh dochtúirí éigeandála i Ranna Éigeandála bheith san áireamh in iarratais ó dhaoine eile, b'fhéidir nach aon iontas é an méadú seo.
- Maidir le hoifigigh údaraithe, is cúis díomá é gur fhan na figiúirí mar an gcéanna.

Tá an Coimisiún den tuairim gur féidir le hoifigigh údaraithe na hiarratais go léir a dhéanamh. Bheadh athrú sa dlí riachtanach agus i gcleachtas freisin ann chun freastal ar an togra seo, rud a fhaigheann tacaíocht ó fhormhór mór na ngrúpaí sainleasa.

6 Tá 'duine eile' an-leathan agus is féidir dochtúir i roinn T&É a chur san áireamh.

Físor 7.
Anailís ar Iarratasóirí ar Iontrálacha Ainneonacha ón bPobal in 2019



Físor 8.
Anailís ar Iarratasóirí Iontrálacha Ainneonacha ón bPobal ó 2010 go 2019



Aois agus Inscne

- Léiríonn anailís ar aois agus inscne i gcásanna iontrálacha ainneonacha in 2019 an méid seo a leanas: Is i measc daoine d'aois 35-44 an líon is mó iontrálacha ainneonacha ag 22% (mar an gcéanna in 2018).
- Bhí laghdú in iontrálacha ainneonacha i ndaoine níos sine ná 65 bliain d'aois, go 14% (laghdú 1% ó 2018).
- B'fhir iad 54% de na hiontrálacha ainneonacha iomlána.54% of the total involuntary admissions were male. Mar sin féin, bhí níos mó iontrálacha ban sna haoisghrúpaí níos sine ná 55.

Féach táblaí 9, 10 agus 11 sna hAguisíní le haghaidh tuilleadh faisnéise mionsonraithe.

Feabhsú Cáilíochta

Thug Rannán na mBinsí Meabhair-Shláinte roinnt beart isteach in 2018 a bhí dírithe ar cháilíocht na seirbhísí a sholáthraíonn Rannán na mBinsí agus Comhaltaí an Phainéil a shanntar chuig binsí meabhair-shláinte a fheabhsú. Leathnaíodh iad seo in 2019 agus áiríodh leo iniúchtaí inmheánacha a chur i bhfeidhm ar fhoireann na mBinsí, comhaltaí an phainéil agus ionaid fhormheasta, agus nuashonruithe faisnéise rialta a sholáthar bunaithe ar thorthaí na n-iniúchtaí seo.

Áiríodh ar na príomhbhearta logáil fhoirmiúil saincheisteanna a thabhairt isteach a bhaineann le gach ionad formheasta, a thagann faoi aird Rannán na mBinsí i rith na bliana. Cuireadh tuaráscálacha ar fáil ar bhonn ráithiúil agus ag deireadh na bliana d'ionaid fhormheasta maidir leis na saincheisteanna go léir a tháinig chun cinn nár mhór aghaidh a thabhairt orthu.

Rinneadh ochtó a naoi (89) saincheist a logáil. Suntasach:

- Bhain 43% de na saincheisteanna le cúlghairmeacha orduithe a síníodh agus a fuarthas lá éisteachta binse an othair, cuid acu ag an am a raibh an binse le tosú.
- B'ionann foirmeacha a fuarthas níos déanaí ná an amlíne reachtúil 24 uair agus 10% de na saincheisteanna, agus bhí iarmhairtí ann do bhailíocht na coinneála i gcuid de na cásanna sin.

Chonacthas tionchar an iniúchta agus an tuairisciú air sin i laghdú na saincheisteanna a tuairiscíodh sa dara leath den bhliain. Taifeadadh seasca a sé saincheist sna chéad sé mhí den bhliain agus laghdaíodh é seo go 23 saincheist a taifeadadh sa dara leath den bhliain.

Achomhairc na Cúirte Cuarda

Féadfaidh othair achomharc a dhéanamh i gcoinne chinneadh binse chun na Cúirte Cuarda. Mar sin féin, ní mheastar san achomharc cinneadh an bhinse. Breithníonn an Chúirt Chuarda saincheist an neamhoird mheabhraigh amhail ar dháta an achomhairc.

Chinn an Chúirt Uachtarach go leathnaíonn ordú athnuachana saolré ordaithe iontrála. Dá bhrí sin, nuair a dhéanann duine achomharc i gcoinne chinneadh binse i ndáil le ordú iontrála, a dhéantar a leathnú ansin le hordú athnuachana, is féidir dul ar aghaidh leis an achomharc mar go bhfuil sé dírithe ar an staid reatha den othar agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil neamhord meabhrach orthu (cás IF dá dtagraítear thuas).

Cuireadh 153 achomharc na Cúirte Cuarda in iúl don Choimisiún in 2019. Tá sé seo comhsheasmhach leis na líonta a fuarthas le blianta beaga anuas seachas 2017 nuair a fuarthas 120 achomharc den chineál sin.

As na 153 achomharc a fuarthas in 2019, chuaigh 33 achomharc ar aghaidh chuig éisteacht iomlán. Is méadú é seo i gcomparáid le 27 in 2018 agus 21 in 2017.

Rinneadh go leor plé ar an gceist cibé acu ar chóir go mbeadh cead ag an gCúirt Chuarda déileáil le hábhair seachas ceist an neamhoird meabhraigh. Mholfadh an Coimisiún leathnú na nithe ar féidir leis an gCúirt Chuarda déileáil leo. Chuirfeadh sé sin feabhas ar chearta na ndaoine a choinnítear in ionaid fhormheasta. Ina theannta sin, de thairbhe gur áitiúil iad na Cúirteanna seo, tá siad níos inrochtana. Chomh maith leis sin, tá scéim dhlíthiúil an Choimisiúin ar fáil d'othair ar mhian leo acomhairc na Cúirte Cuarda a thionscnamh.

Faisnéis Bhinse Mheabhair-Shláinte
Aguisíní

Fíor 9.
Iontrálacha Ainneonacha Míosúla 2019



Fíor 10.
Comparáidí Iontrálacha Ainneonacha iomlána 2015-2019



Fíor 11.
Comparáid Orduithe Athnuachana 2015-2019



Tábla 8.
Rátaí Iontrálacha Ainneonacha do 2019 (Aosach) de réir Limistéar CHO agus Earnáil Neamhspleách[7]

	Iontrálacha Ainneonacha	Deonach go Ainneonach a Athghrádú	Ráta Iomlán Iontrálacha Ainneonacha
CHO1	153	40	193
CHO2	203	42	245
CHO3	116	24	140
CHO4	296	84	370
CHO5	128	48	176
CHO6	137	34	171
CHO7	211	76	287
CHO8	209	35	247
CHO9	296	104	400
Earnáil Neamhspleách[8]	76	78	154
IOMLÁN (an Earnáil Neamhspleách as an áireamh)	**1,749**	**487**	**2,236**
IOMLÁN (an Earnáil Neamhspleách san áireamh)	**1,825**	**565**	**2,390**

7 Tugtar anailís mhionsonraithe ar rátaí iontrálacha ainneonacha do 2019 in aghaidh an Ionaid Fhormheasta ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte www.mhcirl.ie
8 Tá seacht n-ionad formheasta neamhspleácha ann.

Fíor 12.
Miondealú Éisteachtaí in 2019 thar thréimse 21 lá[9]



Fíor 13.
Líon na nOrduithe Cúlghairthe sula raibh Éisteacht ann ag Síciatraithe Comhairleacha Freagracha do na Blianta 2015 go 2019



Fíor 14.
Líon na nÉisteachtaí agus na nOrduithe a Cúlghaireadh ag Éisteacht 2019



9 Maidir leis na héisteachtaí a éisteadh tar éis na 21 lá, baineann siad seo le héisteachtaí a leathnaíodh (mar a cheadaítear faoin Acht) nó baineann siad le héisteachtaí alt 28 tar éis ordú a chúlghairm.

Tábla 9.
Anailís de réir Inscne agus Aoise Iontrálacha Ainneonacha 2019

Aois	Fireann	Baineann	% inscne
18-24	206	90	70% fireann
25-34	314	185	63% fireann
35-44	289	233	55% fireann
45-54	233	223	51% fireann
55-64	126	166	57% baineann
65+	131	194	60% baineann
Iomlán	**1299**	**1091**	**54% fireann**

Tábla 10.
Anailís de réir Inscne agus Cineál Iontrála Iontrálacha Ainneonacha 2019

Inscne	Foirm 6	Foirm 13	Iomlán	%
Baineann	821	270	1,091	46%
Fireann	1,004	295	1,299	54%
Iomlán	**1,825**	**565**	**2,390**	**100%**

Tábla 11.
Anailís de réir Inscne, Aoise agus Cineál Iontrála Iontrálacha Ainneonacha 2019

Aois	Foirm 6	Foirm 6 Baineann	Foirm 6 Fireann	Foirm 13	Foirm 13 Baineann	Foirm 13 Fireann	Iomlán	%
18-24	205	56	149	91	34	57	296	12%
25-34	381	134	247	118	51	67	499	21%
35-44	408	182	226	114	51	63	522	22%
45-54	363	176	187	96	50	46	414	19%
55-64	218	121	97	71	42	29	310	12%
65 agus níos sine	250	152	98	75	42	33	362	14%
Iomlán	**1,825**	**821**	**1004**	**565**	**270**	**295**	**2,390**	**100%**

seirbhís tacaíochta cinnteoireachta

decision support service

Athbhreithniú ar bhliain na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí

Le bliain anuas d'oibríomar chun Plean Gnó 2019 don tSeirbhís Tacaíochta Cinntí (DSS) a chur chun cinn, le fócas ar leith ar an tionscadal chun an DSS a oibriú ar thosach iomlán an Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015.

In 2019, bhíomar dírithe ar na nithe a leanas:

- Dul i dteagmháil le raon leathan páirtithe leasmhara chun faisnéis a sholáthar agus chun ullmhacht i ndáil le tosú a chur chun cinn.
- Na struchtúir oibríochta a fhorbairt atá riachtanach chun seirbhís inrochtana, dírithe ar an duine a sholáthar, lena n-áirítear córas TF iomchuí.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar Chóid Chleachtais arna ndréachtú ag grúpaí oibre an Údaráis Náisiúnta Míchumais agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.
- Soiléire a fháil maidir le leasuithe ar Acht 2015 agus gnéithe den DSS nach mór a leagan síos le Rialacháin arna ndéanamh ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Sláinte.
- Láithreán gréasáin nua DSS a thógáil.
- Ár bhFoireann a Fhorbairt.

Cé go ndearnadh dul chun cinn maith i gcoinne ár gcuspóirí gnó in 2019, bhí roinnt spleáchas seachtrach a raibh tionchar acu ar ár gcumas ár bplean gnó a sheachadadh go hiomlán. Le linn 2019, chuir spleáchais seachtracha cosc orainn soiléireacht a fháil ar ár gcreat rialála, ar mhaoiniú do thosach feidhme an chláir DSS, agus ar chur chuige maidir le hobair thras-eagraíochta.

I dtreo dheireadh 2019, rinneadh dul chun cinn suntasach i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Roinn Sláinte maidir le plean costáilte, faoi cheangal ama a aontú i ndáil le tús a chur le hAcht 2015 agus féadfaidh gach páirtí leasmhar bheith ag obair sa treo sin. Áiríodh leis na príomhcheisteanna gan réiteach ná soiléireacht ar ghnéithe bunúsacha d'Acht 2015 agus ar Rialacháin ón Roinn Sláinte a shainmhíneoidh gnéithe tábhachtacha den chreat dlíthiúil le haghaidh réamhthreoracha cúraim sláinte.

Níor cuireadh tús iomlán le hAcht 2015, ceithre bliana ina dhiaidh sin. Mar gheall air seo, **gach bliain**:

- Glactar na **100í** duine isteach i gcoimircíocht fós
- Bíonn na **1000í** duine i mbaol mí-úsáid airgeadais agus eile fós
- Ní bhíonn na creata foirmiúla ag na **100,000í** duine chun pleanáil chun tosaigh, agus chun tacaíocht a fháil a mhéid is féidir chun cinntí a dhéanamh faoina saolta féin

Tá Coimircithe Cúirte déanta as níos mó ná 1250 duine ó ritheadh Acht 2015. Ina breithiúnas suntasach in *AC agus Daoine Eile v. Ospidéal Ollscoile Chorcaí agus Daoine Eile* i mí Dheireadh Fómhair 2019, dúirt an Chúirt Uachtarach nach gcluintear guth an choimircí go himleor sa phróiseas coimircíochta agus nach raibh cosaintí bunúsacha áirithe ann ar mhaithe le leasanna an choimircí beartaithe.

In 2020, tuairisceoidh Éire ar a comhlíonadh Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas, tar éis a dhaingnithe i mí an Mhárta 2018. Tá ról lárnach ag tosú iomlán Acht 2015 agus ag an oibriú den DSS i gcomhlíonadh an Stáit an Choinbhinsiúin.

Gach duine a ullmhú le haghaidh cinnteoireachta tacaithe

In 2019 bhuailemar le raon leathan geallsealbhóirí ar fud níos mó ná 40 imeacht, ceardlann, fóram agus cruinniú, chuireamar ina láthair, d'oibríomar leo agus chuamar i gcomhairle leo.

	Daoine a bhfuil deacrachtaí cumais acu, a dteaghlaigh, cúramóirí teaghlaigh, gaolta agus ionadaithe roghnaithe.
	Síciatraithe, geirinteolaithe, teiripeoirí urlabhra agus teanga, ainéistéiseolaithe, Dochtúirí Teaghlaigh, oibrithe sóisialta, soláthraithe seirbhíse míchumais intleachtúla, úinéirí tithe altranais, soláthraithe meabhair-shláinte, an Roinn Sláinte, HIQA, FSS, an tOspidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, foirne Cosanta.
	Dlíodóirí, an Bord um Chúnamh Dlíthiúil, an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, An Garda Síochána, Seirbhís na gCúirteanna, Dlí-Chumann na hÉireann, Oifig na gCoimircithe Cúirte.
	Bainc, Cumann Pleanálaithe Airgeadais na hÉireann, an Banc Ceannais, ComReg, Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí.
	Abhcóidí, gníomhaithe, comhlachtaí deonacha, ENRanna, acadóirí agus ollscoileanna. Cuimsiú Éireann, Sage, Mental Health Reform, AsIAm, IHREC, an tÚdarás Náisiúnta Míchumais, an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

I mí na Samhna 2019, in éineacht le hOifig Cinnteoireachta Cuidithe agus Toilithe FSS agus Scoil Dlí UCC, d'óstálamar dhá imeacht ar Acht 2015. Reáchtáladh imeacht amháin an 20 Samhain 2019 i bPáirc an Chrócaigh agus rinneadh iniúchadh ann ar thionchair shonracha do sheirbhísí meabhair-shláinte. Reáchtáladh an dara himeacht thar 28-29 Samhain 2019 in UCC agus clúdaíodh ann impleachtaí don earnáil sláinte níos leithne.

In 2019 chuir an Stiúrthóir alt faoi bhráid irisleabhar Choláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann 'A cultural shift in the human rights of healthcare'. Chuir an Stiúrthóir freisin le hathbhreithniú a d'fhoilsigh Taighde Seirbhísí Sláinte BMC, 'What are the mechanisms that support healthcare professionals to adopt assisted decision- making practice? A rapid realist review'.

Príomhtheachtaireachtaí a thugamar inár rannpháirtíocht geallsealbhóirí in 2019:

- Tá ullmhacht d'Acht 2015 níos mó ná an DSS agus teastaíonn pleanáil agus cur chun feidhme suntasach ón earnáil sláinte agus cúraim shóisialta, ón earnáil airgeadais, ón earnáil dlí agus ó Sheirbhísí Cúirteanna, i measc go leor eile.
- Ní mór dúinn gníomhú anois le bheith réidh don tosú.
- Teastaíonn cur ar fáil acmhainní ceart chun an DSS a oibriú, agus chun oiliúint, oideachas agus ullmhacht cheart a dhéanamh d'Acht 2015 thar gach earnáil.
- Tugtar le hAcht 2015 bunús dlí agus cinnteacht do go leor daoine maidir le 'limistéir liatha', amhail cóireáil gan toiliú, ról neasghaolta agus bainistiú gnóthaí airgeadais na ndaoine a bhfuil deacrachtaí cumais acu.
- Is ionstraim mhaol é an córas Coimircíochta a leanann de bheith ag baint na gceart do na mílte duine cinntí a dhéanamh faoina saolta agus tá sé thar am go ndéántar é a athchóiriú.

A bheith oibríochtúil

Ár ndaoine

Le linn 2019, líonamar roinnt príomhróil laistigh den DSS chun tacú leis an Stiúrthóir ina cuid feidhmeanna, lena n-áirítear foireann bainistíochta a bhunú ina bhfuil an Bainisteoir Sinsearach Cásanna, an Bainisteoir Sinsearach Painéil agus an Bainisteoir Sinsearach um Ghearáin agus Imscrúduithe. Ag deireadh 2019, bhí an fhoireann DSS tar éis fás go foireann de naonúr, an Stiúrthóir san áireamh, agus tá Foireann Oibríochtaí Corparáideacha an Choimisiúin ag tacú léi i gcónaí.

Dearadh seirbhíse

In 2019, leanamar le dearadh mionsonraithe na bpróiseas lárnach don DSS, lena n-áirítear socruithe tacaíochta cinntí a chur i bhfeidhm agus a chlárú, faireachán a dhéanamh ar lucht tacaíochta cinntí, painéil shaineolaithe agus feidhm ghearán agus imscrúduithe a bhunú.

Córas TF

Le linn 2019, d'fhorbraíomar iarraidh mhionsonraithe ar thairiscintí (RFT) do chóras TF DSS a chuimseodh tairseach os comhair an phobail, córas bainistíochta cásanna agus clár inchuardaithe. Tá sé riachtanach go mbeadh na leibhéil is airde inrochtaineachta agus príobháideachta úsáideora ag an gcóras TF seo. Chuamar i dteagmháil le saineolaithe seachtracha chun an tairiscint seo a mheas agus a bhronnadh. Ina theannta sin, chuireamar an RFT ar fáil do Ghrúpa Rialachais TFC na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais lena mbreithniú agus lena n-athbhreithniú.

Branda agus lógó DSS

D'fhorbraíomar agus sheolamar ár lógó nua agus ár bhféiniúlacht amhairc.

Láithreán gréasáin DSS

Le linn 2019, bhronnamar tairiscint chun láithreán gréasáin nua a fhorbairt don DSS. Cuireadh tús le tionscadal an láithreáin ghréasáin go déanach in 2019 agus beidh sé beo in 2020. Is riachtanas é seo faoi Acht 2015 agus beidh ról lárnach aige i gcur chun cinn feasachta agus tuisceana ar an Acht.

Cóid Chleachtais

Chuir an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus an Roinn Sláinte de chúram ar an Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) agus FSS faoi seach Dréachtchóid Chleachtais a fhorbairt chun treoir a thabhairt do dhaoine a n-imríonn Acht 2015 tionchar orthu agus a dhéanann feidhmeanna faoin Acht. Le linn 2019, chuir an NDA agus FSS na Dréachtchóid Chleachtais deiridh faoi bhráid an DSS.

Ag foghlaim ó dhaoine eile

Chuamar i dteagmháil le comhlachtaí cinnteoireachta tacaithe seanbhunaithe i gCeanada, i Sasana agus in Albain chun foghlaim óna dtaithí. Shroicheamar freisin chuig earnálacha agus eagraíochtaí eile a oibríonn go dlúth leis an bpobal chun foghlaim faoina nósanna imeachta agus faoina mbonneagar. Níos tábhachtaí fós, chuamar i dteagmháil le húsáideoirí ionchasacha an DSS sa todhchaí. Leanfaimid orainn dul i dteagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara seo agus foghlaim uathu in 2020.

Rialachas

Rialachas Corparáideach laistigh den MHC

Tá an Coimisiún tiomanta chun an caighdeán is airde rialachais chorparáidigh a bhaint amach laistigh den eagraíocht.

Ar 1 Meán Fómhair 2016, tháinig Cód Cleachtais 2016 um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Cód 2016) chun bheith ina chaighdeán cinntitheach rialachais chorparáidigh do gach comhlacht stáit tráchtála agus neamhthráchtála in Éirinn. Is éard atá i gCód 2016 príomhchaighdeán amháin agus ceithre dhoiciméad gaolmhara riachtanais agus treorach Cód. Nuashonraíodh an Cód i mí na Samhna 2017 le Treoir do Ráitis Airgeadais Bliantúla. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a áirithiú go gcomhlíontar forálacha an Chóid. Comhlíonadh gach ceanglas tuairiscithe do 2019.

Príomhghníomhaíochtaí Rialachais de réir ceanglas an Chóid a rinneadh le linn 2019

Ag teacht le dea-rialachas, rinne an Coimisiún suirbhé féinmheasúnaithe do 2019. Bhreithnigh Comhaltaí an Choimisiúin é seo ag a chruinniú i mí Feabhra 2020. Ina theannta sin, chuaigh Comhaltaí an Choimisiúin i dteagmháil le soláthraithe seachtracha chun athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar éifeachtúlacht an Choimisiúin. Níor críochnaíodh é seo amhail 31 Nollaig 2019.[10] Cuirfidh an dá dhoiciméad bonn eolais faoi phlean gníomhaíochta do Chomhaltaí an Choimisiúin le haghaidh na blianta amach romhainn. Rinne an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca (FARC) agus an Coiste Reachtaíochta féinmheasúnuithe do 2019 freisin[11].

Rialachas Corparáideach

Tugadh isteach nó nuashonraíodh roinnt doiciméad um rialachas corparáideach in 2019 mar a leanas:

Lámhleabhar um Rialachas Corparáideach – nuashonraithe

Feidhmeanna Forchoimeádta an Choimisiúin – nuashonraithe

Scéim Tharmligin (le Clár Tarmligean) – nua

Cód Iompraíochta do Chomhaltaí an Choimisiúin – nua

Cairt Chustaiméirí – nua

Beartas um Nochtadh Cosanta (Oibrithe Inmheánacha) – nuashonraithe

Beartas um Nochtadh Cosanta (Oibrithe Seachtracha) – nuashonraithe

Rinneadh gach ceann díobh thuas a athbhreithniú agus a nuashonrú de réir dhea-chleachtais agus Chód 2016. Rinneadh athbhreithniú agus leasú breise orthu freisin le hionchur ón bhFoireann Sinsearach Bainistíochta agus ó Chomhaltaí an Choimisiúin.

Cód Iompair, Eitic in Oifig Phoiblí, Nochtadh Breise Leasanna ag Comhaltaí an Bhoird agus Nochtadh Cosanta

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019, is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú gur cuireadh i bhfeidhm Cód Iompraíochta don Bhord agus do bhaill foirne agus gur cloíodh leis. Ina theannta sin, chomhlíon gach Comhalta den Choimisiún agus gach ball foirne ábhartha a bhfreagrachtaí reachtúla go hiomlán faoin reachtaíocht um Eitic in Oifig Phoiblí. Chuir an Coimisiún Cód Iompraíochta tiomnaithe ar fáil do Chomhaltaí an Choimisiúin in 2019.

10 Críochnaíodh an Tuarascáil tar éis plé ag cruinniú an Choimisiúin in Aibreán 2020.
11 Phléigh Comhaltaí FARC mionsonraí an mheasúnaithe ag a chruinniú i Márta 2020 agus phléigh an Coiste Reachtaíochta an méid céanna ag a chruinniú i mí na Bealtaine 2020.

Coistí

Thionóil an Coiste Reachtaíochta sé chruinniú in 2019 agus ba é príomhfhócas a phlean oibre athbhreithniú an Choimisiúin ar na Cinn Bille chun an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 a leasú. Cuireadh an Dréacht-Aighneacht faoi bhráid an Choimisiúin ag a chruinniú i mí Feabhra.

Thionóil an Coiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca ceithre chruinniú in 2019 agus cuireadh a Thuarascáil Bhliantúil 2019 ar fáil don Choimisiún i Márta 2020. Breithníodh sa Tuarascáil an méid seo a leanas:

1. Caidreamh Páirtithe Leasmhara
2. Iniúchadh Seachtrach (C&AG)
3. Ráitis Airgeadais Bhliantúla do 2018
4. Iniúchadh Inmheánach - críochnaíodh 4 iniúchadh inmheánach in 2019, mar a leanas:
   - Tuarascáil ar Athbhreithniú agus Éifeachtacht Rialuithe Inmheánacha Airgeadais
   - Athbhreithniú ar chomhlíonadh an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016
   - Athbhreithniú ar Rialachas TF
   - Athbhreithniú ar Phróisis Rialála (Faireachán agus Forfheidhmiú)
5. Cuntais Bhainistíochta & Buiséad do 2019
6. Tionscadail TFC MHC
7. Seirbhísí Tacaíochta Cinntí
8. Beartais
9. Bainistiú Rioscaí
10. Rialachas agus Rialú Inmheánach/Rialú Inmheánach Airgeadais
11. Measúnú aibíochta rialuithe
12. Nochtadh Cosanta

Tuairisciú Gnó & Airgeadais

Ba é leithdháileadh iomlán na Roinne Sláinte don Choimisiún do 2019 ná €14.4 milliún. Ba é an toradh do 2019 sa Choimisiún Meabhair-Shláinte ná €14.237 milliún.

Fuair an Coimisiún €0.026m breise ón Roinn Sláinte mar dheontas Caipitil chun ceannach trealaimh TFC nua a mhaoiniú.

Ba é leithdháileadh na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais do chlár oibre na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí do 2019 ná €3.5 milliún (níor tarraingíodh anuas ach €2.7 milliún mar gheall ar chúinsí seachtracha ba chúis le moilleanna ar an tionscadal DSS).

Bhain príomhréimsí caiteachais leis na feidhmeanna reachtúla mar atá leagtha amach in Acht 2001, lena n-áirítear Binsí Meabhair-Shláinte a sholáthar, rialáil Ionad Formheasta agus bunú na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí.

Bhain caiteachas eile le tuarastail foirne, cíos, táillí gairmiúla, TFC agus tacaíocht theicniúil ghaolmhar. Leanadh le bainistíocht a dhéanamh ar chonarthaí tacaíochta tríú páirtí chun luach ar airgead a áirithiú agus lena áirithiú go gcomhlíontar spriocanna um sheachadadh seirbhíse.

Is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú gur cloíodh leis na nósanna imeachta iomchuí go léir maidir le tuairisciú airgeadais, iniúchadh inmheánach agus diúscairtí sócmhainní. Rinne an Coimisiún beartais airgeadais i réimsí bainistíochta sócmhainní, baincéireachta, nósanna imeachta soláthair agus nósanna imeachta cuntasaíochta a nuashonrú agus a fhaomhadh in 2019.

Ina theannta sin, is féidir leis an gCoimisiún a dhearbhú gur chloígh sé leis an gCód Caiteachais Phoiblí agus le riachtanais bheartas taistil an Rialtais. Ní dhearna an Coimisiún aon íocaíochtaí maidir le táillí nár bhain le tuarastal.

Chuir an Coimisiún Ráiteas ar an gcóras um Rialú Inmheánach san áireamh san fhormáid atá leagtha amach i gCód 2016 sna Ráitis Airgeadais neamhiniúchta do 2019.

Cheadaigh an Coimisiún na Dréacht-Ráitis Airgeadais neamhiniúchta agus chomhaontaigh sé gur léargas fíor agus cothrom iad ar fheidhmíocht agus seasamh airgeadais an Choimisiúin ag deireadh na bliana. Cuireadh na Ráitis Airgeadais Bhliantúla neamhiniúchta do 2019 faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (C&AG) de réir Alt 47 den Acht Meabhair-Shláinte 2001 agus de réir Chód 2016. Foilseofar ráitis airgeadais iniúchta bhliantúla an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte a luaithe is a bheidh siad ar fáil.

Reachtaíocht um Íoc Pras Cuntas

Chomhlíon an Coimisiún ceanglais na reachtaíochta um Íoc Pras Cuntas agus d'íoc 99.63% de shonraisc bhailí laistigh de 15 lá ó fuarthas iad. D'fhonn an sprioc seo a bhaint amach, tá amlínte inmheánacha diana i bhfeidhm chun sonraisc a cheadú. Foilsítear sonraí faoi na hamlínte íocaíochta ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.

Bainistiú Rioscaí

Éilítear le bainistíocht éifeachtach riosca eagraíochta próisis rialaithe láidre chun tacú leis an mbainistíocht cuspóirí an Choimisiúin a bhaint amach agus éifeachtacht agus éifeachtúlacht oibríochtaí a áirithiú.

Agus a fhreagrachtaí bainistíochta riosca á gcur i gcrích aige le linn 2019, chloígh an Coimisiún le trí phríomhphrionsabal an rialachais: oscailteacht, ionracas agus cuntasacht. Cuid shuntasach de chlár oibre an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca is ea an ról maoirseachta atá aige sa phróiseas bainistíochta riosca don eagraíocht. Déanann an Fhoireann Sinsearach Bainistíochta an timpeallacht riosca a mheas go míosúil agus is mír í ar an gClár Oibre do gach cruinniú den Choimisiún.

Déanann an Fhoireann Sinsearach Bainistíochta athbhreithniú cuimsitheach gach ráithe, déanann an FARC athbhreithniú air agus ina dhiaidh sin cuirtear i láthair é le haghaidh athbhreithnithe agus plé ag an gcéad chruinniú eile den Choimisiún.

Iniúchadh agus Rialú Inmheánach

Cuimsíonn an córas um rialú inmheánach na beartais agus na nósanna imeachta go léir arna nglacadh ag an mbainistíocht chun cuidiú leis an gcuspóir a bhaint amach chun a áirithiú, a mhéid is indéanta, seoladh ordúil agus éifeachtúil ghníomhaíochtaí na heagraíochta, lena n-áirítear:

- cloí le beartais inmheánacha
- sócmhainní a chosaint
- rioscaí a bhainistiú
- calaois agus earráid a chosc agus a bhrath
- cruinneas agus iomláine na dtaifead cuntasaíochta agus ullmhú tráthúil cuntas airgeadais iontaofa.

Thug an Príomhfheidhmeannach (leis an bhfoireann Sinsearach Bainistíochta) na dearbhuithe ábhartha don Choimisiún maidir le leordhóthanacht agus oiriúnacht an chórais um rialú inmheánach.

Ciallaíonn an 'timpeallacht rialaithe' dearcadh, feasacht agus gníomhartha go léir na bainistíochta agus na foirne maidir le rialuithe inmheánacha agus an tábhacht atá ag baint leo san eagraíocht. Cuimsíonn an timpeallacht rialaithe an stíl bhainistíochta, agus an cultúr corparáideach agus na luachanna a roinneann na fostaithe go léir. Soláthraíonn sé an cúlra ar a n-oibrítear na rialuithe éagsúla eile. Rinne an FARC ag gach ceann dá chruinnithe athbhreithniú ar aon Dréacht-Thuarascálacha Iniúchta Inmheánacha (le freagraí na bainistíochta) a cuireadh i láthair. Ina theannta sin, soláthraíodh Nuashonrú Iniúchta Inmheánaigh ag gach cruinniú maidir leis na hIniúchtaí a rinneadh de bhun Phlean Iniúchta 2018-2020. Thug an FARC dá aire go raibh an bhainistíocht ag déanamh a seacht ndícheall chun aghaidh a thabhairt ar na moltaí éagsúla. Déantar an Plean Iniúchta a athbhreithniú gach bliain ag brath ar aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn (agus go sonrach aon saincheist riosca). Mhol na hIniúchóirí Inmheánacha na hIniúchtaí Inmheánacha do 2020 bunaithe ar an bpróifíl riosca in 2019 agus chomhaontaigh an FARC leis na hiniúchtaí inmheánacha sin ag a chruinniú i mí na Samhna 2019 agus chuir sé leo.

Caidreamh leis an Oireachtas, leis an Aire Sláinte agus leis an Roinn Sláinte

Tionóladh cruinnithe rialachais le hoifigigh ón Roinn Sláinte agus leis an bhFeidhmeannas i Márta, Meitheamh, Deireadh Fómhair agus Nollaig 2019. Síníodh Comhaontuithe Maoirseachta agus Seachadta Feidhmíochta do 2019. Chuir an Coimisiún tús le díospóireachtaí leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais in 2019 maidir leis na meicníochtaí rialachais is gá a chur i bhfeidhm a luaithe is a chuirfear tús le feidhmeanna na Seirbhíse Tacaíochta Cinntí.

Ní raibh aon díospóidí dlíthiúla ag an gCoimisiún le haon ghníomhaireacht Stáit nó comhlacht Rialtais eile seachas ina ról mar rialtóir ar ionaid fhormheasta. Maidir leis sin, rinne an Coimisiún ionchúiseamh go rathúil ar cheann de na hionaid fhormheasta in 2019. Rinne an Coimisiún ranníocaíocht maidir le costais i socrú cás amháin.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Is é an príomhfhócas atá ag TFC laistigh den Choimisiún creat athléimneach Seirbhísí Faisnéise a sholáthar chun tacú le gach gné de ghnó an Choimisiúin. Áirítear leis seo cur i bhfeidhm agus cumraíocht na gcóras corparáideach TF, chomh maith le tacú leis an teicneolaíocht bhunúsach.

Le linn 2019, rinne an Coimisiún uasghrádú ar a bhonneagar TFC lena n-áirítear ríomhairí deisce, ríomhairí glúine agus línte leathanbhanda cúltaca. Tá an córas oibriúcháin is déanaí á rith anois ar gach ríomhaire deisce agus agach ríomhaire glúine. Rinneadh tástáil treáite ar bhallaí dóiteáin agus ar fheidhmchláir.

Críochnaíodh an soláthar chun fóin phóca agus dangail leathanbhanda USB a sholáthar. Cuireadh iad seo ar fáil do bhaill foirne chun tacú le hobair shofhreagúil.

Críochnaíodh an Córas Cuimsitheach Faisnéise (CIS) le haghaidh Caighdeán agus Dearbhú Cáilíochta agus na Cigireachta. Rinneadh obair shuntasach in 2019 chun an córas seo a chur chun cinn le húsáid ag rannán na mBinsí freisin. Tá an feidhmchlár CIS beartaithe le bheith críochnaithe in 2020.

In 2019, chuir an Coimisiún tús le hathbhreithniú ar Néalsheirbhísí dá chórais TFC atá ann cheana féin agus a bheidh ann amach anseo, mar athsholáthar ar fhreastalaithe traidisiúnta. Rinneadh an t-athbhreithniú i gcomhréir leis an treoir DPER ar Néalsheirbhísí "Cloud Computing Advice Note" a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair 2019. Déanfar Néalsheirbhísí a bhreithniú tuilleadh in 2020.

Tuairisciú Fuinnimh

In 2019, d'úsáid an Coimisiún 206,383kWh d'fhuinneamh, a chuimsigh 101,975 kWh de leictreachas agus 104,408 kWh de ghás.

An tAcht Sláinte 2007 (Cuid 14) agus an tAcht um Nochtadh Cosanta 2014

Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019, bhí nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun nochtuithe cosanta a dhéanamh de réir na gceanglas reachtach ábhartha. Níor tuairiscíodh aon nochtadh cosanta don Choimisiún le linn 2019.

Tuairisceáin Maastricht

In 2019, chomhlíon an Coimisiún an ceanglas Tuairisceán Maastricht a chur faoi bhráid na Roinne Sláinte.

Tús Áite do Leanaí

Cuireadh tús leis an Acht um Thús Áite do Leanaí an 11 Nollaig 2017. Ní "seirbhís ábhartha" é an Coimisiún mar a shainmhínítear in Acht 2015. Mar sin féin, féadfaidh an Coimisiún "daoine sainordaithe" a fhostú mar a shainmhínítear in Acht 2015. Coinnítear Clár Daoine Sainordaithe laistigh den Choimisiún agus rinneadh é a nuashonrú le linn 2019. Tá Beartas an Choimisiúin um Thuairisciú ar Chosaint Leanaí agus ar Imní Leasa i bhfeidhm ó Eanáir 2018. Níor tuairiscíodh aon imeachtaí don Choimisiún le linn 2019.

Rannpháirtíocht Pháirtithe Leasmhara

Chuir an Coimisiún a chéad fheidhm chumarsáide intí i bhfeidhm go luath in 2019.

Is é cuspóir na foirne cumarsáide rannchuidiú go réamhghníomhach le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach trí chabhrú le feasacht ar an gCoimisiún a spreagadh, agus trí chumarsáid éifeachtach a dhéanamh faoin tSeirbhís Tacaíochta Cinntí (DSS).

Trí fhoireann cumarsáide intí a fhostú, d'aithin an Coimisiún go raibh deis aige straitéis chumarsáide chuimsitheach, shainiúil agus nuálach a fhorbairt a thabharfadh léargas ar chúrsa don Choimisiún bealach nua a fhorbairt chun cumarsáid a dhéanamh lena pháirtithe leasmhara.

Forbraíodh an straitéis chumarsáide sin go luath sa samhradh, agus leagadh amach inti cuid de na príomhchuspóirí agus príomhghníomhaíochtaí cumarsáide don Choimisiún sna ceithre bliana ina dhiaidh sin. Tacaíonn sé le treo straitéiseach foriomlán an Choimisiúin, agus chuir a mhisean, a fhís agus a luachanna bonn eolais fúithi, chomh maith le comhráite agus comhfhreagras ó phríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear úsáideoirí seirbhíse meabhair-shláinte, soláthraithe seirbhíse, baill foirne, na meáin agus pobal na hÉireann.

Is í an fhís le haghaidh cumarsáide ná go bhfuil an Coimisiún aitheanta ag a pháirtithe leasmhara mar eagraíocht láidir, neamhspleách, atruach agus trédhearcach a chuireann guth agus cearta daonna an úsáideora seirbhíse i gcroílár a chumarsáide.

D'fhonn oibriú i dtreo na físe sin, chuaigh an fhoireann cumarsáide i mbun obair an Choimisiúin - agus ár bpríomhthuarascálacha go príomha - a chur chun cinn go mór trí bhealaí traidisiúnta meán. Dá bhrí sin, cuireadh go mór le clúdach na meán ar an gCoimisiún agus ar a chuid oibre rialála i rith 2019, i gcomparáid le blianta roimhe seo.

Mar iarracht chun idirghníomhaíocht duine le duine a threisiú le príomhpháirtithe leasmhara, d'eagraigh an fhoireann cumarsáide seoltaí agus imeachtaí éagsúla ar fhreastail níos mó ná 900 duine orthu ó níos mó ná 60 eagraíocht. Áiríodh leis na himeachtaí seo seoladh Phlean Straitéiseach MHC 2019-2022, Tuarascáil Bhliantúil MHC 2018; dhá imeacht poiblí 'Halla an Bhaile' i gCorcaigh agus i nGaillimh; agus seoladh na gCaighdeán Náisiúnta um Chosaint Aosach le HIQA.

Ina theannta sin, bhunaigh an fhoireann cumarsáide Tionscnamh Páirtithe Leasmhara Bhaill an Choimisiúin in 2019, ar próiseas foirmiúil rannpháirtíochta páirtithe leasmhara é idir úsáideoirí seirbhíse agus an Coimisiún.

D'fhorbair an fhoireann cumarsáide roinnt príomhdhoiciméid le linn na bliana chun tacú le láithreacht dhigiteach ardaithe don Choimisiún sna blianta amach romhainn. Ina measc seo bhí straitéis cumarsáide digití, treochlár na meán sóisialta, agus beartas meán sóisialta. Bhunaigh an fhoireann cuntas LinkedIn freisin ag tús na bliana, agus sheol siad cuntas Twitter ag deireadh na bliana.

Léiríonn forbairt de láithreán gréasáin nua don Choimisiún, agus forbairt de láithreán gréasáin don DSS - ar tionscadail iad a ndéanann an fhoireann cumarsáide maoirseacht agus bainistíocht orthu - le chéile an tionscadal digiteach is tábhachtaí i saolré an Choimisiúin. Cuireadh tús le tionscadal láithreáin ghréasáin DSS i dtreo dheireadh na bliana agus seolfar é in 2020. Cuirfear tús le tionscadal láithreáin ghréasáin MHC le linn 2020.

Maidir leis an DSS, thacaigh an fhoireann cumarsáide leis an bhfoireann i rith na bliana agus shocraigh siad óstáil faisnéise do chomhaltaí an Oireachtais ag Foirgnimh an Rialtais i dtreo dheireadh na bliana. Thacaigh an fhoireann freisin leis an DSS le himeachtaí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh, a reáchtáladh i gcomhar le FSS agus UCC.

In 2020, leanfaidh an fhoireann cumarsáide le cur chun cinn obair an Choimisiúin a chur chun tosaigh, agus oibreoidh siad chun teagmháil a dhéanamh le príomhpháirtithe leasmhara ar gach saincheist a bhaineann leis an gCoimisiún nó a bhfuil leas ag an gCoimisiún iontu.

Acmhainní Daonna

Tacaíonn an fheidhm Acmhainní Daonna le fostaithe an Choimisiúin ar feadh a saolré fostaíochta. Is acmhainn bhunúsach iad fostaithe an Choimisiúin agus is mór againn a saineolas, a ngairmiúlacht agus a dtiomantas éagsúil.

Déanann an Coimisiún iarracht i gcónaí barr feabhais a bhaint amach sa timpeallacht oibre agus aithníonn sé go bhfuil rath na heagraíochta ag brath ar scileanna agus ar chumais a chuid fostaithe.

Bainistiú Feidhmíochta

Tá an Coimisiún tiomanta d'oiliúint a chur ar a fhostaithe agus iad a fhorbairt trí phróisis agus chórais a chur i bhfeidhm chun cuspóirí eagraíochta a bhaint amach. Chun cultúr fáis agus forbartha a chothú, tá Córas Forbartha Bainistíochta Feidhmíochta (PMDS) i bhfeidhm chun tacú le feidhmíocht dhearfach agus forbairt ghairmiúil a bhaint amach.

Reáchtáladh clár ionduchtaithe cuimsitheach d'fhostaithe nua an Choimisiúin in 2019 chun aistriú cuimsitheach go fostaíocht an Choimisiúin a áirithiú.

Suirbhé Ginearálta Foirne 2019

Rinne soláthraí seachtrach an suirbhé ginearálta foirne 2019 chun na caighdeáin is airde in oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a áirithiú. Bhí an suirbhé cuimsitheach agus cuireadh na torthaí i láthair gach fostaí. Baineadh úsáid as na sonraí a bailíodh chun bonn eolais a chur faoi athruithe agus dúshláin AD, agus feidhmeoidh siad mar bhonnlíne chun meastóireacht a dhéanamh ar shuirbhé ginearálta na foirne 2020.

Folláine Fostaithe

I 2019 cuireadh clár folláine nua i bhfeidhm d'fhostaithe an Choimisiúin ar a dtugtar 'Work Well'. Bá é príomhfhócas an phlean an clár a leabú laistigh de riachtanais ár mbonn fostaithe éagsúil reatha. Is é príomhthiománaí chlár imeachtaí WorkWell 2020 ná aghaidh a thabhairt ar chuid de na torthaí bunúsacha ó Shuirbhé Ginearálta Foirne 2019 agus cláir agus imeachtaí folláine a chur in oiriúint chun aghaidh a thabhairt orthu.

Trí infheistíocht a dhéanamh i sláinte agus folláine fhostaithe MHC tá an cumas againn táirgiúlacht a fheabhsú, neamhláithreacht a laghdú, rannpháirtíocht a mhéadú agus sástacht sa phost a fheabhsú.

Agus margadh atá ag éirí níos iomaíche (laistigh d'earnáil phoiblí na hÉireann féin agus ar fud earnálacha) tá sé ríthábhachtach go ndéantar an Coimisiún Meabhair-Shláinte a bhrandáil mar áit iontach le bheith ag obair inti, a bhfuil folláine na bhfostaithe ina ghné lárnach de. Tá sé mar aidhm againn an tallann is fearr a mhealladh agus a choinneáil chun cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta a bhaint amach agus ár bpríomh-thallann a choinneáil sláintiúil le linn a ngairmeacha beatha linn.

Ba é an creat a úsáideadh chun an tionscnamh WorkWell a dhearadh ná an creat '5 Bhealach chun Folláine' (arna chur chun cinn in Éirinn ag Meabhair-Shláinte Éireann). Tá sé comhdhéanta de phlean gníomhaíochta 5 chéime bunaithe ar fhianaise a chuireann folláine agus feidhmiú dearfach chun cinn do bhaill na sochaí, laistigh agus lasmuigh den ionad oibre. Reáchtáladh ár dtionscnaimh ar bhonn míosúil, agus bhí gach ceann acu laistigh de cheann amháin ar a laghad de na cúig chatagóir gníomhaíochta:

Ceangail

- Tugtar planda lus liath do gach ball foirne chun aire a thabhairt dó sa spás oifige nó sa bhaile.
- Crann cuimhneacháin um Nollaig do bhaill foirne chun ainm duine a chrochadh uaidh ar mhian leo cuimhneamh orthu thar shéasúr na Nollag.

Bí Gníomhach & Sláintiúil

- Ranganna seachtainiúla pilates.
- Ciseáin torthaí maidin Luain.

Bí san airdeall

- Tionscnamh "Pay it forward", inar thug fostaithe buíochas do chomhghleacaí gan ainm le bearta beaga thar thréimhse ama.

Coinneáil le Foghlaim

- Bunaíodh cúinne leabhar i spásanna d'fhostaithe inar féidir leabhair a mhalartú, agus inar glactar le cur chuige 'tóg leabhar, fág leabhar'.
- Bunaíodh cláir fhógraí i spásanna d'fhostaithe chun gníomhaíochtaí sláintiúla a chur chun cinn - e.g. ag siúl 10,000 céim in aghaidh an lae agus sonraí ar fáil faoin gClár Cúnaimh d'Fhostaithe.
- Caint ag am lóin le ball den Chumann Duáin ar an ábhar 'Deonú Orgán'.

Tabhair

- Achainí bosca bróg i gcomhar leis an gcarthanas Inner City Helping Homeless (ICHH) i mBaile Átha Cliath.

De réir mar a leantar leis an gclár 'WorkWell' a fhorbairt, leanfaimid le taighde folláine a úsáid chun an struchtúr uileghabhálach a sholáthar don tionscnamh. Tríd an taighde seo a chur i gcrích ar bhonn bliantúil, tá sé mar aidhm againn freastal ar riachtanais folláine foirne atá ann faoi láthair agus atá ag athrú. Mar thoradh air seo, bainfidh an eagraíocht leas as clár folláine rathúil agus tacúil a chur i bhfeidhm.

Cuireann Clár Cúnaimh d'Fhostaithe an Choimisiúin (EAP), ar sholáthraíonn soláthraí seachtrach é, seirbhís ghairmiúil saor in aisce ar fáil d'fhostaithe agus dá dteaghlaigh chun imní pearsanta nó a bhaineann le hobair a réiteach, a d'fhéadfadh a bheith ag dul i bhfeidhm ar fholláine duine agus ar a fheidhmíocht san ionad oibre.

Tacaíocht d'Fhostaithe faoi Mhíchumais

Soláthraíonn an Coimisiún timpeallacht oibre fhorásach agus, i gcomhréir le reachtaíocht chomhionannais, cuireann sé comhionannas deiseanna chun cinn do gach fostaí. Tá dualgas reachtúil ar an Údarás Náisiúnta Míchumais (NDA) faireachán a dhéanamh ar fhostaíocht dhaoine faoi mhíchumas san earnáil phoiblí ar bhonn bliantúil. Tá an Rialtas tiomanta do sprioc fostaíochta na seirbhíse poiblí do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú ar bhonn incriminteach ó 3% ar a laghad go 6% ar a laghad faoi 2024. In 2019, trí shaincheisteanna na dtuairisceán daonáirimh foirne, thuairiscigh an Coimisiún ráta de 5.88% dá bhonn fostaithe a bhí faoi mhíchumas.

Is é beartas an Choimisiúin a áirithiú go bhfuil ceanglais inrochtaineachta ábhartha do dhaoine faoi mhíchumas ina gcuid dhílis dár bpróisis go léir. I gcomhréir leis an Acht um Míchumas 2005, tá Oifigeach Rochtana ag an gCoimisiún. Tá an tOifigeach Rochtana freagrach, nuair is iomchuí, as cúnamh agus treoir a sholáthar nó a eagrú do dhaoine faoi mhíchumas, agus é sin a chomhordú.

Sláinte agus Sábháilteacht

Tá an Coimisiún tiomanta do shláinte agus folláine a chuid fostaithe a áirithiú trí áit shábháilte oibre a chothabháil agus a áirithiú go gcomhlíontar na ceanglais go léir de bhun an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (arna leasú agus/nó arna nuashonrú).

Earcaíocht 2019

Lean struchtúr eagraíochta an Choimisiúin ag cur leis an leathnú a tharla le linn 2018. Tar éis smachtbhanna a fháil ón Roinn Sláinte agus ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, méadaíodh líon foirne an Choimisiúin ó 49 fostaí ag tús Eanáir 2019 go 68 fostaí ag deireadh mhí na Nollag 2019 (méadú 38.8% ar an iomlán). Tharla cuid mhór den mhéadú seo sna rannáin Oibríochtaí Corparáideacha agus DSS. Bhí buaicphointe i líon na bhfostaithe ag 72 le linn Lúnasa 2019, agus líon fostaithe de 68 amhail an 31 Nollaig 2019. Ba é an ráta láimhdeachais don bhliain san iomlán ná 17.9%, agus d'fhág iomlán de 12 fhostaí le linn 2019.

Saoráil Faisnéise/Cosaint Sonraí

Cosaint Sonraí

Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) agus an tAcht um Chosaint Sonraí 2018 i bhfeidhm in 2018. Ó shin i leith, rinne an Coimisiún an obair a bhí ag teastáil agus rinne sé a bheartais a nuashonrú laistigh den chomhthéacs reachtúil seo. Tá plean comhlíonta GDPR curtha le chéile agus curtha i bhfeidhm aige ar fud na heagraíochta. I rith na bliana, déanann sé Grúpa Rialachais Faisnéise a thionól chun aghaidh a thabhairt ar ábhair fhaisnéise thar ceann an Choimisiúin - lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le Cosaint Sonraí agus Saoráil Faisnéise.

Iarratais

In 2019, rinneadh 8 Iarratas ar Rochtain ar Ábhar Sonraí faoin reachtaíocht um chosaint sonraí. Ag deireadh na bliana bhí cás amháin oscailte fós.

Fíor 15.
Líon na foirne amhail 31 Nollaig 2019



Saoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, is comhlacht ainmnithe FOI é an Coimisiún. 2l gcomhréir leis an reachtaíocht seo, soláthraíonn sé a Scéim Foilsithe um Shaoráil Faisnéise ar a láithreán gréasáin agus déanann sé iarratais ar fhaisnéis a phróiseáil ar bhonn leanúnach.

Iarratais

In 2019, fuair an Coimisiún 27 iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Tugadh ceann breise anonn ó 2018. As na 28 iarratas, deonaíodh 9 gcinn, deonaíodh 2 cheann go páirteach, aistarraingíodh 6 cinn, aistríodh 3 cinn agus diúltaíodh 8 gcinn. Ag deireadh na bliana, ní raibh aon chás oscailte fós.

Tagann formhór na n-iarratas ar fhaisnéis a próiseáladh faoin reachtaíocht um chosaint sonraí nó faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 ó dhaoine a coinníodh go hainneonach in Ionaid Fhormheasta. Iarratas tipiciúil is ea faisnéis ar Bhinse Meabhair-Shláinte inar breithníodh coinneáil ainneonach an duine sin. Ní amháin gur teidlíocht dhlíthiúil é rochtain ar fhaisnéis den sórt sin, tá sé mar chuid de sheachadadh agus ghealltanas an Choimisiúin ar a chuspóir straitéiseach chun seasamh le cearta an duine.

Aguisíní

Aguisín 1.
Comhaltas agus Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte 2019

Freastal ar Chruinnithe an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte 2019												
Comhaltaí an Choimisiúin	**16/17.01**	**21.02**	**21.03**	**18.04**	**16.05**	**20.06**	**18.07**	**19.09**	**17.10**	**21.11**	**19.12**	**Iomlán**
John Saunders (Cathaoirleach)	Y	Y	N	N	Y	Y	Y	N	Y	Y	Y	**8/11**
Jim Lucey	N	Y	Y	N	Y	N	N	Y	N	N/B	N/B	**4/10**
Patrick Lynch	Y	Y	Y	Y	N	Y	Y	Y	Y	N	Y	**9/11**
Ned Kelly	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	**11/11**
Aaron Galbraith	N	Y	Y	Y	Y	N	Y	N	N	N	N	**5/11**
Xavier Flanagan	Y	N	N	N	Y	Y	Y	N	Y	Y	Y	**7/11**
Colette Nolan	Y	Y	Y	N	Y	Y	N	Y	Y	Y	N	**8/11**
Rowena Mulcahy	Y	Y	Y	N	Y	N	Y	Y	Y	Y	Y	**9/11**
Margo Wrigley	Y	N	Y	N	Y	Y	Y	N	Y	Y	Y	**8/11**
Michael Drumm	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	**11/11**
Nicola Byrne	Y	Y	N	N	Y	Y	Y	Y	Y	Y	Y	**9/11**
Tomas Murphy	N/B	Y	Y	Y	Y	N	Y	Y	Y	Y	Y	**9/10**
Niamh Cahill	Y	Y	Y	Y	N	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B	**4/5**

Aguisín 2.
Comhaltas agus Cruinnithe an Choiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca 2019[12]

Freastal ar an gCoiste Airgeadais, Iniúchta agus Riosca 2019					
Comhaltaí an Choiste	**04.03**	**01.07**	**06.09**	**29.11**	**Iomlán**
Patrick Lynch (Cathaoirleach) (CC)	Y	Y	Y	Y	**4/4**
Moling Ryan (CS)	Y	Y	N	Y	**3/4**
James Lucy (CC)	Y	Y	N	N/B	**2/3**
Nicola Byrne (CC)	N	Y	Y	Y	**3/4**
Ciara Lynch (CS)	Y	Y	Y	Y	**4/4**
Mairead Dolan (CS)	Y	Y	Y	Y	**4/4**
Tomas Murphy (CC)	Y	Y	Y	Y	**4/4**

Aguisín 3.
Comhaltas agus Cruinnithe an Choiste Reachtaíochta 2019

Freastal ar Chruinnithe an Choiste Reachtaíochta 2019							
Comhaltaí an Choiste	**11.02**	**02.09**	**07.10**	**05.11**	**02.12**	**17.12**	**Iomlán**
Rowena Mulcahy (Cathaoirleach) (CC)	Y	Y	Y	Y	Y	Y	**6/6**
Mary Donnelly (CS)	Y	Y	Y	Y	Y	Y	**6/6**
Michael Drumm (CC)	Y	Y	Y	Y	Y	Y	**6/6**
Ned Kelly (CC)	Y	Y	Y	Y	N	Y	**5/6**
Teresa Blake(CS)[13]	N/B	Y	Y	Y	Y	Y	**5/5**

12 CC = Comhalta den Choimisiún agus CS = Comhalta Seachtrach.
13 Ceapadh Teresa Blake in Iúil 2019.

Tuarascáil an Chigre Seirbhísí Meabhair-Shláinte

Leis an Dr. Susan Finnerty,
Cigire Seirbhísí
Meabhair-Shláinte

MHC
Coimisiún Meabhair-Shláinte | Mental Health Commission

Clár ábhar

Céard a dhéanann Cigire Seirbhisí Meabhair-Shláinte? 60

Cad a rinneamar iniúchadh air in 2019? 61

Comhlíonadh Rialachán, Rialacha agus Cód Cleachtais in Ionaid Fhormheasta 62

Pleananna Cúraim Aonair 65

- Comhlíonadh in 2019 – Pleananna Cúraim Aonair 67

Cúram Fisiciúil do Dhaoine a bhfuil Galar Meabhrach Trom orthu 68

- Comhlíonadh in 2019 – Sláinte Ghinearálta 70

Cothabháil Taifead 72

- Comhlíonadh in 2019 – Coinneáil Taifead 73

Rialachán 22 – Áitreabh 73

- Leibhéil chomhlíonta le 5 bliana anuas 74
- Comhlíonadh in 2019 – Áitreabh 74

Cód Cleachtais ar Shrianadh Fisiciúil 75

- Comhlíonadh in 2019 – Srianadh Fisiciúil 76

Leithlis 76

- Comhlíonadh in 2019 – Leithlis 77

Comhlíonadh Cuid 4 den Acht Meabhair-Shláinte 77

Áitreabh pobail faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig 77

Céard a dhéanann Cigire Seirbhisí Meabhair-Shláinte?

Tá feidhmeanna agus dualgais Chigire na Seirbhísí Meabhairshláinte leagtha amach in ailt 51 agus 52 den Acht Meabhair-Shláinte 2001 ("an tAcht"). Déantar cigireachtaí in ionaid fhormheasta chun a fháil amach an bhfuil siad ag comhlíonadh Rialachán 2006[14] ("na Rialacháin"), Rialacha[15], agus Cód Cleachtais[16] an Achta Meabhair-Shláinte 2001 (Ionaid Fhormheasta), chomh maith le haon cheisteanna eile a bhaineann le cúram agus cóireáil chónaitheoirí sna hionaid fhormheasta.

Agus iad cláraithe leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte, is iad ionaid fhormheasta **ospidéil nó saoráidí eile d'othair chónaitheacha a chuireann cúram agus cóireáil ar fáil do dhaoine a bhfuil galar meabhrach nó neamhord meabhrach orthu**. Soláthraíonn géar-ionaid fhormheasta seirbhísí d'othair chónaitheacha a bhfuil meabhair-shláinte acu atá chomh holc sin nach féidir iad a chóireáil agus tacaíocht a thabhairt dóibh go sábháilte nó go héifeachtach sa bhaile. I measc na seirbhísí eile, tá aonaid chúraim leantaigh ina gcónaíonn cónaitheoirí, go minic ar feadh blianta fada nó go buan.

Ní chuimsíonn ionaid fhormheasta agus aonaid chúraim leantaigh ach 1% de na seirbhísí meabhair-shláinte go léir sa tír. Soláthraítear na 99% eile i suíomhanna pobail agus níl siad rialaithe. Cé gur féidir leis an gCigire iniúchadh a dhéanamh ar aon tsaoráid mheabhair-shláinte eile atá faoi threoir shíciatraí comhairligh, níl an chumhacht dhlíthiúil ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte aon athruithe riachtanacha a fhorfheidhmiú.

Mar chuid dá ndualgais, ní mór don Chigire athbhreithniú náisiúnta a dhéanamh ar na seirbhísí meabhair-shláinte sa Stát agus tuarascáil ar a dtorthaí a sholáthar don Choimisiún Meabhair-Shláinte. Ní mór an méid a leanas bheith san athbhreithniú náisiúnta:

a) Tuarascáil ar an gcúram agus ar an gcóireáil a thugtar do dhaoine a fhaigheann seirbhísí meabhair-shláinte;

b) Aon rud a fuair an cigire amach faoi ionaid fhormheasta nó faoi sheirbhísí meabhair-shláinte eile;

c) A mhéid a chomhlíonann ionaid fhormheasta cóid chleachtais, agus;

d) Aon ábhar eile a mheasann an Cigire a bheith iomchuí a d'eascair as an athbhreithniú.

Faigheann an Cigire tacaíocht ón gCigireacht; foireann a chuimsíonn cigirí cúnta, scríbhneoirí teicniúla, agus foireann riaracháin. Tá an Chigireacht mar chuid d'Fhoireann Rialála níos leithne a bhfuil clárú, cigireacht, forfheidhmiú agus faireachán acu mar chuid dá bhfeidhmeanna.

Is mian leis an gCigire aitheantas a thabhairt don obair a rinne foireann na cigireachta le linn 2019.

14 Rialacháin 2006 an Achta Meabhair-Shláinte 2001 (Ionaid Fhormheasta) 2006 (I.R. Uimh. 551 de 2006).
15 Rialacha lena Rialaítear Úsáid Leithlise agus Modhanna Meicniúla um Shrianadh Coirp. Rialacha an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte lena Rialaítear Úsáid Theiripe Leictri-Thritheamhach (ECT). An Coimisiún Meabhair-Shláinte.
16 Cód Cleachtais a bhaineann le hIontráil Leanaí faoin Acht Meabhair-Shláinte 2001. An Coimisiún Meabhair-Shláinte.
Cód Cleachtais maidir le Srianadh Fisiciúil a Úsáid in Ionaid Fhormheasta. An Coimisiún Meabhair-Shláinte.
Cód Cleachtais do Sheirbhísí Meabhair-Shláinte ar Fhógraí faoi Bhásanna agus Tuairisciú Teagmhas. An Coimisiún Meabhair-Shláinte.
Cód Cleachtais ar Iontráil, Aistriú agus Scaoileadh chuig agus ó Ionad Formheasta. An Coimisiún Meabhair-Shláinte.
Cód Cleachtais: Treoir do Dhaoine atá ag obair i Seirbhísí Meabhair-Shláinte le Daoine faoi Mhíchumas Intleachtúil. An Coimisiún Meabhair-Shláinte.
Cód Cleachtais maidir le Úsáid ECT d'Othair Deonacha. Cód Cleachtais an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte ar Úsáid Shrianadh Fisiciúil. An Coimisiún Meabhair-Shláinte.

Cad a rinneamar iniúchadh air in 2019?

In 2019:

- Rinneamar cigireacht ar **65 ionad formheasta** ag baint úsáide as na Rialacháin, na Rialacha agus Cóid Chleachtais;
- As na 65 cigireacht ar ionaid fhormheasta, bhí **cúig** chigire fógartha ann. Rinneadh na cigireachtaí fógartha in ionaid fhormheasta a raibh an líon is mó comhlíontachtaí acu maidir leis na rialacháin, na rialacha agus na cóid chleachtais in 2018;
- Rinneamar cigireacht ar **22 áit chónaithe phobail**;
- Rinneamar **cúig** chigireacht fhócasaithe chun obair leantach a dhéanamh ar ghníomhartha forfheidhmithe nó nuair a bhí ceisteanna imní ann;
- Bhuaileamar le foirne bainistíochta agus cliniciúla na Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine Scothaosta (MHSOP) i ngach ceann de na **naoi** limistéar Meabhair-Shláinte Pobail agus i **gceithre** soláthraí neamhspleácha seirbhísí meabhair-shláinte;
- Rinneamar athbhreithniú ar an áitreabh ina ndéantar seirbhísí meabahir-shláinte d'othair chónaitheacha a sholáthar;
- Bhuaileamar le húsáideoirí seirbhíse agus le hionadaithe abhcóideachta piaraí chun a gcuid tuairimí a fháil ar sheirbhísí meabhair-shláinte; agus;
- D'fhoilsíomar gach tuarascáil chigireachta ar ionaid fhormheasta agus ar áiteanna cónaithe pobail ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte.

Is féidir rochtain a fháil ar gach ceann dár dtuarascálacha ar ár láithreán gréasáin: http://www.mhcirl.ie.

Céard a fuaireamar?

Fuaireamar **roinnt ábhar imní**:

- An éagsúlacht mhór sa chaoi a n-úsáideann foireann na n-ionad formheasta cleachtais sriantacha, srianadh fisiceach agus leithlis chun iompar dúshlánach a dhí-ghéarú.
- An drochchaighdeán maidir le faireachán a dhéanamh ar shláinte fhisiciúil na gcónaitheoirí.
- Tionchar easpa foirne.
- Mainneachtain plean cúraim aonair fónta a sholáthar do gach cónaitheoir.

Fuaireamar roinnt **cásanna dea-chleachtais**:

- Chonacthas go raibh an fhoireann cineálta, atruach agus comhbhách le cónaitheoirí.
- Ghlac an chuid is mó den fhoireann agus den bhainistíocht in ionaid fhormheasta páirt mhaith sa phróiseas rialála.
- Chuir na seirbhísí is fearr feabhas ar cháilíocht a gcúraim trí oibriú i gcomhpháirtíocht leis na húsáideoirí seirbhíse, trí chumhacht a thabhairt dá bhfoireann, agus trí dheiseanna a lorg chun cáilíocht an chúraim a thugann siad a fheabhsú.

Comhlíonadh Rialachán, Rialacha agus Cód Cleachtais in Ionaid Fhormheasta

In 2019, fuaireamar go raibh comhlíonadh rialachán mar an gcéanna le 2018, ag 78%. Ábhar díoma a bhí ann nár leanadh leis na feabhsuithe measartha a rinneadh ó 2016.

Bliain	2016	2017	2018	2019
Meánchomhlíonadh	74%	76%	79%	78%

Mar sin féin, rinne roinnt ionad formheasta aonair dul chun cinn suntasach maidir le cáilíocht agus sábháilteacht a fheabhsú do chónaitheoirí agus i gcomhlíonadh na gceanglas rialála go léir, lena n-áirítear rialacháin, rialacha, cóid chleachtais agus Cuid 4 den Acht Meabhair-Shláinte 2001:

Tábla 1.
Ionaid fhormheasta a bhfuil na leibhéil chomhlíonta fhoriomlána is airde acu

An comhlíonadh is mó				
Ionad Formheasta	**Eagraíocht Cúram Sláinte Pobail (CHO)**	**An Cineál Oispidéil**	**An Cineál Cigireachta**	**Céatadán Comhlíonta 2019**
Ospidéal Naomh Pádraig, Baile Átha Cliath	Neamhspleách	Seirbhísí Ginearálta Meabhair-Shláinte d'Aosaigh	Fógartha	100%
Creagh Suite, Béal Átha na Sluaighe	CHO 2	Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine Scothaosta	Neamhfhógartha	97%
Garrán na Sailí, Baile Átha Cliath	Neamhspleách	CAMHS	Fógartha	97%
St Edmundsbury, Leamhcán	Neamhspleách	Seirbhísí Ginearálta Meabhair-Shláinte d'Aosaigh	Fógartha	97%
Tearmann Ward, Luimneach	CHO 3	Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Dhaoine Scothaosta	Fógartha	97%

**CAMHS – Seirbhísí Meabhair-Shláinte do Leanaí agus d'Ógánaigh*

Bhí deacracht ag eagraíochtaí eile comhlíonadh os cionn 60% a bhaint amach:

Tábla 2.
Ionaid fhormheasta a bhfuil na leibhéil comhlíonta fhoriomlána is ísle acu

Comhlíonadh is lú				
Ionad Formheasta	**Limistéar CHO**	**An Cineál Oispidéil**	**An Cineál Cigireachta**	**Céatadán Comhlíonta 2019**
Géaraonad Síciatrach Thamhlachta	CHO 7	Géar- Ginearálta Aosach	Neamhfhógartha	56%
An Rionn Síciatrachta, Port Láirge	CHO 5	Géar- Ginearálta Aosach	Neamhfhógartha	57%
Sliabh Mis, Trá Lí	CHO 4	Géar- Ginearálta Aosach	Neamhfhógartha	58%
An Roinn Síciatrachta, Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Átha Cliath	CHO 9	Géar- Ginearálta Aosach	Neamhfhógartha	59%

Léiríonn an figiúr a leanas an céatadán comhlíonta gach rialachán aonair in 2019 i gcomparáid leis an gcéatadán comhlíonta in 2018.

Fíor 1.
Comhlíonadh ionad formheasta na rialachán 2018-2019



Maidir le roinnt rialachán, bhí leibhéil ísle chomhlíonta ar fud ionad formheasta, lena n-áirítear iad siúd atá riachtanach do leas cónaitheora, amhail Pleananna Cúraim Aonair (Rialachán 15), Sláinte Ghinearálta (Rialachán 19), agus Cógais (Rialachán 23).

Tábla 3.
Rialcháin a bhfuil leibhéil ísle chomhlíonta ag baint leo

Rialachán	2018 comhlíonadh	2019 comhlíonadh	Athrú (%)
Soláthar Foirne (Rialachán 26)	9%	8%	↓1%
Áitreabh (Rialachán 22)	30%	31%	↑1%
Sláinte Ghinearálta (Rialachán 19)	42%	42%	Gan athrú
Cógais (Rialachán 23)	52%	54%	↑2%
Príobháideacht (Rialachán 21)	53%	49%	↓4%
Coinneáil Taifead (Rialachán 27)	53%	52%	↓1%
Plean Cúraim Aonair (Rialachán 15)	58%	52%	↓6%

Tábla 4.
Rialacháin a bhfuil arleibhéil chomhlíonta ag baint leo

Rialachán	2018 comhlíonadh	2019 comhlíonadh	Athrú (%)
Aithint (Rialachán 4)	100%	100%	Gan athrú
Creideamh (Rialachán 10)	100%	100%	Gan athrú
Sláinte + Sábháilteacht (Rialachán 24)	100%	100%	Gan athrú
Árachas (Rialachán 33)	100%	100%	Gan athrú
Cúram do dhaoine atá ag fáil bháis (Rialachán 14)	95%	100%	↑5%
Cuairteanna (Rialachán 11)	98%	97%	↓1%
Cumarsáid (Rialachán 12)	95%	97%	↑2%

Pleananna Cúraim Aonair

Luaitear i Rialachán 15, Pleananna Cúraim Aonair, nach mór plean cúraim aonair bheith ag gach cónaitheoir in ionad formheasta. Sainmhínítear plean cúraim aonair ann mar:

'Sraith spriocanna doiciméadaithe a dhéanann a dhéanann foireann ildisciplíneach an chónaitheora a fhorbairt, a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta a mhéid is indéanta i gcomhairle le gach cónaitheoir.

Is é sin le rá gur plean cúraim é:

- an chóireáil agus an cúram atá ag teastáil a shonrú, a bheidh i gcomhréir le dea-chleachtas,
- acmhainní riachtanacha a aithint, agus
- spriocanna iomchuí don chónaitheoir a shonrú.

Maidir le cónatheoir atá ina leanbh, beidh riachtanais oideachais san áireamh lena p(h)lean cúraim aonair.

Déanfar an plean cúraim aonair a thaifeadadh i dtacar ilchodach doiciméad amháin.'

Is é sin le rá gur plean cúraim é:

'Plean a dhéanann cur síos ar bhealach éasca, inrochtana ar riachtanais an duine, a dtuairimí, a roghanna, na hacmhainní atá ar fáil, agus gníomhartha ó bhaill na foirne cúraim, (lena n-áirítear an t-úsáideoir seirbhíse agus an cúramóir) chun na riachtanais sin a chomhlíonadh. Ba chóir é a chur le chéile agus a aontú leis an duine tríd an bpróiseas pleanála agus athbhreithnithe cúraim[17].'

Luaitear i dtreoir na hInstitiúide Náisiúnta um Fheabhas Sláinte agus Cúraim (NICE):

"déanann daoine a úsáideann seirbhísí meabhair-shláinte plean cúraim a fhorbairt i gcomhpháirt le gairmithe meabhair-shláinte agus cúraim shóisialta, agus tugtar cóip dóibh le dáta comhaontaithe chun é a athbhreithniú"[18].

Ní mór go bhfuil comhghleacaithe in ann an plean cúraim aonair a thuiscint agus a úsáid go héasca sa chás nach mbeadh an duine a chomhordaíonn an cúram i láthair, agus mar sin ní mór dóthain faisnéise bheith ann chun an plean a chur i bhfeidhm go héifeachtach.



17 Láithreán gréasáin an Chomhlachais um Chomhordú Cúraim ar: www.cpaa.org.uk
18 Caighdeán Cáilíochta d'eispéireas Úsáideora Seirbhíse i meabhair-shláinte aosaigh (QS14) Nollaig 2011 Ráiteas Cáilíochta NICE 8.

Tá plean cúraim scríofa do gach othar, rud a léiríonn a gcuid riachtanas aonair.

Féachann baill foirne go gníomhach le comhoibriú le hothair agus lena gcúramóirí (le toiliú an othair) agus an plean cúraim á fhorbairt acu.

Leagtar amach go soiléir sa phlean cúraim:

- Straitéisí idirghabhála comhaontaithe do shláinte choirp agus do mheabhair-shláinte;
- Spriocanna agus torthaí intomhaiste;
- Straitéisí le haghaidh féinbhainistíochta;
- Aon réamhthreoracha nó ráitis a rinne an t-othar;
- Pleananna géarchéime agus teagmhasacha;
- Dátaí athbhreithnithe agus creat urscaoilte.

Tairgtear cóip den phlean cúraim don othar (agus dá gcúramóir, le toiliú an othair) agus an deis athbhreithniú a dhéanamh air seo.

Standards for Inpatient Mental Health Services An dara leagan, 2017 Eagarthóirí: Jen Perry, Lucy Palmer, Peter Thompson, Adrian Worrall, Rob Chaplin Cód Foilseacháin: CCQI260

Tá na nithe a leanas mar chuid de dhea-phleanáil chúraim:
Tá líon mór foirne ag géarionaid fhormheasta ghnóthacha ach tá acmhainní teoranta acu chun pleananna cúraim a fhorbairt nó a athbhreithniú. Cuireadh in iúl don Chigire nach léiríonn pleananna cúraim "an saol mar atá" agus go gcaitear an iomarca acmhainní foirne ag forbairt agus ag athbhreithniú pleananna cúraim, rud a laghdaíonn an méid ama a chaitear le cónaitheoirí. Tá an-fhrustrachas agus an-díomá ann mór mar thoradh air seo laistigh de na hionaid fhormheasta i gcás nach gcomhlíontar caighdeán an rialacháin.

Ní mór spriocanna bheith:

Sonrach: ní mór spriocanna bheith soiléir agus sonrach, ní ginearálta nó doiléir.

Intomhaiste: Ba chóir go mbeadh othair in ann a gcuid dul chun cinn a thomhas.

Inbhainte amach: Ba chóir othair a spreagadh spriocanna agus cuspóirí a shocrú atá indéanta. Ba chóir go mbeadh spriocanna dúshlánach ach indéanta.

Ábhartha: Ba chóir go mbeadh spriocanna agus cuspóirí ábhartha do na saincheisteanna atá liostaithe sa phlean cúraim.

Faoi cheangal ama: Ní mór spriocam bheith le spriocanna agus cuspóirí. D'fhéadfaí a mheas go bhfuil spriocanna gearrthéarmach nó fadtéarmach.

Fachtóir láidir chun téarnamh agus folláine meabhair-shláinte a chur chun cinn is ea spriocanna a leagan síos go héifeachtach. Tá fianaise láidir ann go bhfeabhsaítear torthaí i réimse leathan stát breoiteachta agus cineálacha teiripe, trí oibriú i dtreo spriocanna atá sainithe go soiléir agus atá leagtha síos ag an gcónaitheoir dó/di féin, agus go gcuidíonn sé sin leis an gcomhghuaillíocht theiripeach a fhorbairt agus a neartú[19 20].

Nuair a roghnaíonn an duine atá ag obair i dtreo na sprice is mian leo a bhaint amach, bíonn socrú na sprice níos éifeachtaí. Dá mhéad muiníne atá ag duine as a chumas tasc a dhéanamh agus a chur i gcrích, is ea is dóichí a éireoidh leo[21].

19 Clarke SP, Oades LG, Crowe TP, et al. (2006) Collaborative goal technology: Theory and practice. Psychiatric Rehabilitation Journal 30(2): 129-136.
20 Schrank B, Bird V, Rudnick A, et al. (2012) Determinants, self-management strategies and interventions for hope in people with mental disorders: Systematic search and narrative review. Social Science & Medicine 74: 554-564.
21 Mann T, de Ridder D, Fujita K. (2013) Self-regulation of health behavior: Social psychological approaches to goal setting and goal striving. Health Psychology 32(5): 487-498.

Comhlíonadh in 2019 – Pleananna Cúraim Aonair

In 2019, i ngach ionad formheasta, rinne an chigireacht scrúdú ar shampla de 10 bplean cúraim aonair, de réir an tsainmhínithe a fhoráiltear i Rialachán 15 agus a leagtar amach ar leathanach 65. Fuaireamar nach raibh ach 52% d'ionaid fhormheasta ag comhlíonadh an rialacháin seo. Tá sé seo i gcomparáid le blianta roimhe seo mar a léirítear i bhfíor 2.

Maidir leis na hionaid fhormheasta nár chomhlíon an rialachán seo, níor fhorbair 74% acu spriocanna iomchuí do chónaitheoirí. I roinnt pleananna cúraim aonair ní raibh aon spriocanna doiciméadaithe, agus i bpleananna cúraim eile luadh spriocanna "Pictiúr Mór". Ina measc seo bhí "sláinte choirp a chothabháil," meabhair-shláinte a fheabhsú", "cóiríocht a fháil". I gcás amháin, rinneadh an sprioc a dhoiciméadú mar "cantalach fós".

D'fhéadfaí a mheas go bhfuil an easpa oiliúna ina chúis le drochchleachtas pleanála cúraim. Mar sin féin, chuir formhór na n-ionad formheasta oiliúint ar fáil dá bhfoireann i bpleanáil chúraim. B'fhéidir go mbeadh sé riachtanach an oiliúint seo a athbhreithniú agus a chaighdeánú.

Tá tábhacht ag baint le ceannaireacht sa phróiseas pleanála cúraim. Mura dtoilíonn ceannairí cliniciúla le pleanáil chúraim aonair, is beag an seans go ndéanfar pleananna cúraim bríocha a fhorbairt agus a athbhreithniú. Toisc go bhfuil dochtúirí i mbun oiliúna i síciatracht ag formhór na n-ionad formheasta, tá gach baol ann go ndéanfar droch-chleachtas pleanála cúraim a bhuanú.

Ní mór dul i ngleic le comhlíonadh lag leanúnach Rialacháin 15: Plean Cúraim Aonair ar roinnt gnéithe:

1. **Athrú cultúir**: Ba chóir féachaint ar phlean cúraim aonair an othair mar an treoirphlean dá mbealach cúraim. Ba cheart féachaint air mar phlean cúraim an othair, ní plean an chliniceora.
2. **Olliúint**: Ní mór foghlaim theoiriciúil agus eispéireasach a ionchorprú in oiliúint, mar aon le cúrsaí athnuachana rialta. Ba chóir go mbeadh iniúchtaí rialta ar an oiliúint agus foghlaim inléirithe ó na hiniúchtaí sin.
3. **Ceannaireacht i bpleanáil chúraim**: Ní mór do cheannairí cliniciúla bheith tacúil agus páirt a ghlacadh sa phróiseas pleanála cúraim.
4. **Infhaighteacht foirne cliniciúla**: Aithnítear go forleathan go mbíonn easpa rannpháirtíochta ag cliniceoirí i bhforbairt agus in athbhreithniú pleanála cúraim mar thoradh ar easpa foirne cliniciúla. Ba chóir, mar riachtanas íosta, go mbeadh aon fhoireann chliniciúil a bhfuil baint acu le hothair a mheasúnú agus a athbhreithniú i láthair ag na cruinnithe pleanála cúraim.

Fíor 2.
Comhlíonadh phlean cúraim aonair 2016-2019



5. **Aiseolas rialta ó úsáideoirí seirbhísí**: Den chuid is mó, tá othair ar an eolas maidir le cé acu an bhfuil plean cúraim aonair acu nó nach bhfuil. Tá sé ráite arís agus arís eile ag grúpaí stocaireachta meabhair-shláinte, grúpaí tacaíochta, agus abhcóidí go dteastaíonn pleananna cúraim aonair ó chónaitheoirí. Ba chóir othair a spreagadh chun páirt iomlán a ghlacadh agus féachaint ar a bplean cúraim mar chuid riachtanach dá measúnú agus dá gcóireáil agus iad san ospidéal agus ina dhiaidh sin.
6. **Turas ceann le ceann**: Ba chóir go leanfadh plean cúraim aonair an othair an t-othar ar feadh a dturas seirbhíse meabhair-shláinte agus gan a bheith ag tosú nó ag críochnú ag doirse an aonaid mheabhair-shláinte d'othair chónaitheacha.

Cúram Fisiciúil do Dhaoine a bhfuil Galar Meabhrach Trom orthu

I mí na Bealtaine 2019, d'fhoilsigh mé tuarascáil théamach ar Shláinte Fhisiciúil Dhaoine a bhfuil Breoiteacht Thromchúiseach Mheabhrach orthu.[22]Thug an tuarascáil seo breac-chuntas ar an riosca méadaithe drochshláinte agus básmhaireachta luath a bhaineann le meabhairghalar tromchúiseach, go háirithe minicíocht mhéadaithe siondróm meitibileach a bhaineann le cóireáil fhrithshíocóiseach.

Tá sé fós ina fhíric san 21ú haois go bhfaighidh daoine a bhfuil galar meabhrach orthu bás idir 15-20 bliain níos luaithe ná a bpiaraí sa phobal i gcoitinne, i go leor cásanna mar gheall ar ghalair choirp inseachanta. Mar shaoránaigh, tá na cearta céanna ag daoine a bhfuil galar meabhrach orthu agus atá ag gach duine eile agus tá siad i dteideal a bheith ag súil le saol fada agus níos folláine. Tá stiogma agus idirdhealú i gceist gan é seo a éascú.

Fíor 3.
An gaol idir an duine agus an gairmí cúraim maidir le plean cúraim aonair



22 https://www.mhcirl.ie/File/MHC_PhysicalHealthReport.pdf

Léiríodh sa tuarascáil nach raibh rochtain ag an gcohórt seo den daonra, ar chúiseanna éagsúla, ar ghnéithe éagsúla de chúram sláinte fisiciúil ar bhonn cothrom le saoránaigh eile. Tá sé suntasach gur chuir easpa tionscnaimh agus easpa spéise gaolmhar le breoiteacht shíceolaíoch fhadtéarmach le stíl mhaireachtála neamhshláintiúil agus le seachaint rannpháirtíochta le seirbhísí cúraim sláinte coirp.

Tugadh faoi deara go hidirnáisiúnta, áfach, go gcuireann fachtóirí laistigh den chóras sláinte leis an neamhréiteach seo sa rannpháirtíocht. Mar thoradh ar scaradh stairiúil cúram sláinte fisiciúil agus meabhrach san eagrú dár gcóras sláinte, tá staid ann inar chaill sainoiliúint mheabhair-shláinte agus na caighdeáin chleachtais ghaolmhara, go pointe áirithe, radharc an othair 'iomláin' agus an gá atá le breithniú a dhéanamh ar fhachtóirí meabhracha agus fisiciúla i ngéinte agus i leanúnachas na meabhairshláinte.

I dteannta le saincheisteanna oiliúna agus aitheantais, chuir an tearc-acmhainní fadtéarmach ar mheabhair-shláinte laistigh den bhuiséad sláinte foriomlán le heaspa acmhainní agus saoráidí tiomnaithe laistigh den chóras meabhair-shláinte chun cúram sláinte fisiciúil a sholáthar.

Mar gheall ar an imní a bhí ann nuair a sainaithníodh caighdeáin neamhleor monatóireachta sláinte arís agus arís eile le linn an phróisis iniúchta, go háirithe in áiteanna cúraim leanúnacha, tugadh athruithe isteach go luath in 2018 sa treoir d'ionaid fhormheasta maidir le comhlíonadh rialachán a bhaint amach (an Creat Tacaíochta Breithiúnais (JSF)).

D'éiligh na hathruithe seo go ndéanfaí athbhreithniú fisiciúil níos córasaí ar chónaitheoirí a bhí os cionn sé mhí in ionaid fhormheasta. D'éiligh siad freisin, i gcás ina bhfuair cónaitheoirí cógas frithshíocóiseach, go ndéanfaí seiceálacha bithcheimiceacha iomchuí chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt fhéideartha an tsiondróim mheitibiligh i gcomhréir le dea-chleachtas.

Tugtar le fios i moltaí dea-chleachtais idirnáisiúnta, mar atá leagtha amach ag an Institiúid Náisiúnta um Shármhaitheas Cliniciúil sa RA[23] agus ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte[24], gur chóir monatóireacht rialta ar shláinte fhisiciúil a thairiscint do dhaoine a bhfuil meabhairghalar orthu. Ar a laghad, ba chóir go mbeadh measúnú rialta gach sé mhí ag cónaitheoirí atá faoi chúram leanúnach ar a gcuid riachtanas sláinte coirp. Go sonrach, i bhfianaise an cheangail sheanbhunaithe idir breoiteacht ainsealach agus droch-chothú, leibhéil neamhleora gníomhaíochta fisiciúla, agus méadú meáchain, moltar go dtabharfadh athbhreithnithe fisiciúla fócas ar leith ar na nithe a leanas:

- Stair mhuintire na breoiteachta;
- Stair phearsanta leighis;
- Méadú meáchain agus murtall ag baint úsáide as imlíne na coime (WC) agus Innéacs Corpmhaise (BMI);
- Leibhéal gníomhaíochta agus patrún aclaíochta;
- Úsáid toitíní agus alcóil;
- Brú Fola;
- Scagadh sláinte fiaclóireachta.

Ina theannta sin, i gcás ina ndéantar cógas frithshíocóiseach a fhorordú do chónaitheoir, ba chóir céimeanna a ghlacadh ón tús chun forbairt fhéideartha an tsiondróim mheitibiligh a scagadh, a aithint agus monatóireacht a dhéanamh air, ar teaglaim de bhrú fola ard, diaibéiteas, agus murtall é. Léirítear é le himlíne méadaithe na coime, brú fola ard leanúnach, tríghlicrídí fola arda le leibhéil ísle HDL (colaistéaról 'maith'), agus friotaíocht insline.

Cé nach bhfuil sé uathúil ag tinneas meabhrach, tá nasc doiciméadaithe go soiléir anois idir úsáid chógas frithshíocóiseach (go háirithe cógas frithshícóiseach den dara glúin) agus forbairt an tsiondróim mheitibiligh. Meastar go bhforbrófar siondróm meitibileach in os cionn aon trian d'othair a bhfuil scitsifréine orthu agus éifeacht dhíobhálach ar a sláinte agus ar a saolré dá bharr.

23 https://www.nice.org.uk/guidance/cg178
24 https://www.who.int/mental_health/evidence/guidelines_physical_health_and_severe_mental_disorders/en/

Chomh maith leis an measúnú sláinte rialta a leagtar amach thuas, moltar le moltaí dea-chleachtais gur chóir go mbeadh an méid seo a leanas, ar bhonn bliantúil ar a laghad, ag othair a bhfuil cógas frithshícóiseach á ordú dóibh:

- Glúcós fola céalacain nó HbA1c;
- Lipidí fola céalachain, go sonrach tríghlicrídí agus lipeapróitéin ard-dlúis (HDL);
- Leibhéil phrólachtaine (ag brath ar an ngníomhaire aonair frithshícóiseach);
- Tástálacha feidhme ae;
- Hormón tíoróideach, agus;
- Leictreacardagram (ECG).

Measadh go raibh na céimeanna seo riachtanach chun aird na bhfoirne meabhair-shláinte a athdhíriú ar an ngá le tosaíocht níos mó a thabhairt do shaincheisteanna cúraim choirp. Le dhá bhliain anuas, ó tugadh isteach na riachtanais athraithe go luath in 2018, rinneadh sa phróiseas cigireachta iarracht próiseas athbhreithnithe fisiciúil níos déine agus níos struchtúrtha a chur chun cinn. Tá teimpléad athbhreithnithe fisiciúil níos córasaí agus níos struchtúrtha curtha i bhfeidhm ag go leor seirbhísí anois a chuimsíonn cuid mhór, nó gach ceann b'fhéidir, de na saincheisteanna a leagtar amach thuas. Mar sin féin, d'aithin an próiseas cigireachta le linn 2019 mainneachtain leanúnach gnéithe éagsúla (meáchan, imlíne coime, BMI, úsáid substaintí, scagadh sláinte fiaclóireachta) a thaifeadadh agus a dhoiciméadú go córasach atá bunúsach don athbhreithniú foriomlán ar shláinte fhisiciúil i gcomhthéacs tinneas meabhrach agus, go háirithe, úsáid mhíochainí éagsúla a bhfuil gaol aitheanta acu le siondróm meitibileach.

Ba cheart na ceanglais a shonraítear sa JSF a mheas mar íosmhéid agus spreagtar seirbhísí chun folláine choirp a chur chun cinn trí fhorbairt agus infhaighteacht seirbhísí coimhdeacha, amhail diaitéitic, caint agus teanga, fisiteiripe, agus measúnú suíocháin ar bhonn cothrom le háiteanna eile sa chóras sláinte.

Comhlíonadh in 2019 – Sláinte Ghinearálta

Tar éis sainriachtanais mhonatóireachta a chur leis, a tugadh isteach go luath in 2018, dhírigh an próiseas cigireachta ar chuimsitheacht an phróisis mheasúnaithe fhisiciúil agus na ndoiciméad gaolmhar. Le linn 2019, ghnóthaigh 12 ionad formheasta (18% den iomlán) rátáil de 'Sármhaith' maidir le comhlíonadh Rialacháin 19: Sláinte Ghinearálta.

Le linn chigireachtaí 2019, fuaireamar go raibh mainneachtain ann ar bhonn leanúnach treoirlínte dea-chleachtais a chomhlíonadh. Níor chomhlíon ach 42% de na hionaid fhormheasta Rialachán 19: Sláinte Ghinearálta. Níor tháinig aon fheabhsú ar an bhfigiúr comhfhreagrach in 2018 (42%), in ainneoin go raibh bliain eile ag gach seirbhís chun na riachtanais dea-chleachtais a leagtar amach sa JSF a chur san áireamh agus chun a bpróisis oibríochta agus a soláthar acmhainní a choigeartú chun freastal ar na riachtanais.

Fíor 4.
Comhlíonadh Shláinte Ghinearálta 2016-2019



D'ainneoin teimpléid scrúdaithe a fhorbairt i go leor cásanna chun cuidiú leis an athbhreithniú ar stádas fisiciúil agus doiciméadú torthaí agus é sin a éascú, is ábhar mór imní é go raibh mainneachtain ann i bhformhór na gcásanna neamhchomhlíonta saincheisteanna bunúsacha a dhoiciméadú go córasach, ar saincheisteanna iad atá ábhartha do stádas sláinte na gcónaitheoirí, amhail meáchan, imlíne na coime, innéacs corpmhaise (BMI). Rinneadh saincheisteanna eile, amhail stádas cothaithe, stádas caitheamh tobac, agus measúnú ar shláinte fiaclóireachta, a dhoiciméadú go neamhréireach. Léirigh na teipeanna seo neamhréireacht chórasach san athbhreithniú ar phróisis mhonatóireachta fhisiciúla.

Go sonrach, rinneadh athbhreithniú ar na próisis a cuireadh i bhfeidhm in ionaid fhormheasta cúraim leanúnaigh (neamh-ghéarmhíochaine) ina mbíonn sainchónaí ar chónaitheoirí, go minic cohórt aoise níos sine a bhfuil éagsúlacht fadhbanna sláinte gaolmhara orthu, ar feadh tréimhsí fada. Sna háiteanna seo, tá sé réasúnach a bheith ag súil go dtabharfar tosaíocht do riachtanais shláinte choirp na gcónaitheoirí agus go gcuirfear próisis ghaolmhara oibríochta agus acmhainní i bhfeidhm chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag cónaitheoirí ar acmhainní ar bhonn cothrom le saoránaigh eile.

Bhí dhá shaincheist d'imní ar leith i gcásanna cúraim leanúnacha: 1) mainneachtain athbhreithniú fisiciúil iomlán a dhéanamh agus é a dhoiciméadú go córasach ar bhonn sé mhí, agus; 2) i gcás inar ordaíodh cógas frithshíocóiseach do chónaitheoirí ar bhonn fadtéarmach, mainneachtain tabhairt faoi scagadh fisiciúil agus bithcheimiceach iomchuí chun monatóireacht agus íoslaghdú a dhéanamh ar éifeachtaí féideartha an tsiondróim mheitibiligh.

Theip ar shé cinn déag (57%) den iomlán de 28 ionad formheasta a raibh cúram leanúnach mar phríomhfhócas acu ceanglais an rialacháin seo a chomhlíonadh.

I naoi n-ionad formheasta a raibh fócas ar chúram leanúnach acu, tugadh deacrachtaí faoi deara maidir le rochtain ar sheirbhísí éagsúla (diaitéitic, caint agus teanga, fisiteiripe, etc.) ar bhonn cothrom le saoránaigh sa phobal níos leithne.

Is cúis díomá dom a thuairisciú gurb iad na teipeanna a leagtar amach sa tuarascáil seo na teipeanna céanna a tuairiscíodh roimhe seo i mo Thuarascáil Bhliantúil roimhe seo agus sa Tuarascáil Théamach ar Shláinte Fhisiciúil Dhaoine a bhfuil Tinneas Tromchúiseach Meabhrach orthu a foilsíodh i mí na Bealtaine 2019. Léiríonn na torthaí agus na hábhair imní an t-eispéireas idirnáisiúnta go bhfaigheann daoine a bhfuil galar meabhrach orthu caighdeán níos measa de chúram sláinte coirp ná a bpiaraí sa phobal, agus galracht agus básmhaireacht iomarcach dá bharr.

Bheinn ag súil leis go n-úsáidfidh seirbhísí na torthaí sna tuarascálacha éagsúla seo chun acmhainní agus oibriú na bpróiseas sláinte fisiciúil laistigh den struchtúr meabhair-shláinte a chur chun cinn agus a fheabhsú. Bhí sé suntasach in 2019 gur fhorbair roinnt seirbhísí teimpléid chuimsitheacha maidir le doiciméadú na bpróiseas sláinte fisiciúil ach gur theip orthu a áirithiú gur cuireadh i bhfeidhm iad go comhsheasmhach.

Taispeánfar rath ina leith seo ní hamháin trí laghdú ar an iomarca galrachta agus básmhaireachta atá sa daonra seo faoi láthair, ach freisin trí mhaireachtáil shláintiúil a chur chun cinn trí chothú feabhsaithe, gníomhaíocht choirp a chur chun cinn, agus straitéisí a chur chun cinn chun úsáid tobac agus alcóil a laghdú sa daonra leochaileach seo.

58% neamhchomhlíonadh Shláinte Ghinearálta in aonaid Chúraim Leanúnaigh (neamh-ghéarmhíochaine).

Theip ar 95% a dhoiciméadú go raibh an measúnú críochnaithe do na cónaitheoirí go léir a bhí san ospidéal le breis agus sé mhí.

Theip ar 39% cónaitheoirí a mheasúnú i ndáil le siondróm meitibileach.

Cothabháil Taifead

Tá taifid mhíochaine thar a bheith tábhachtach mar gheall ar an bhfaisnéis atá iontu. Cuireann faisnéis ardchaighdeáin bonn taca faoi sholáthar de chúram sláinte sábháilte, ar ardchaighdeán agus fianaise-bhunaithe d'othair. Tá faisnéis an-luachmhar má bhíonn sí cruinn, cothrom le dáta agus inrochtana nuair a bhíonn sí ag teastáil. Áiritítear le córas éifeachtach bainistíochta taifead go ndéantar faisnéis a bhainistiú i gceart, go bhfuil sí ar fáil aon uair agus cibé áit a bhfuil gá réasúnach leis an bhfaisnéis sin, agus in aon mheán a theastaíonn agus a chomhlíonann an reachtaíocht ábhartha.

Feidhm na dTaifead Míochaine[25]:

1. Coinníonn siad stair chúram othar.
2. Déanann siad cinntí a bhaineann le plean cúraim an duine aonair a thaifeadadh.
3. Tacaíonn siad le sreabhadh oibre na bhfeidhmeanna cliniciúla agus riaracháin san ospidéal do chliniceoirí agus don fhoireann.
4. Tacaíonn siad leis an gcumarsáid le foinsí seachtracha faisnéise míochaine amhail ranna saotharlainne agus raideolaíochta chomh maith le comhairliúcháin agus atreoruithe le comhghleacaithe
5. Tugann siad údar le seachadadh cúraim sa chomhthéacs de reachtaíocht, treoirlínte um chaighdeáin ghairmiúla, fianaise, taighde agus iompraíocht ghairmiúil agus eiticiúil.
6. Déanann siad cinntí a bhaineann le plean cúraim an duine aonair a thaifeadadh.
7. Tacaíonn siad le sreabhadh oibre na bhfeidhmeanna cliniciúla agus riaracháin laistigh den ospidéal do chliniceoirí agus don fhoireann.
8. Tacaíonn siad leis an gcumarsáid le foinsí seachtracha faisnéise míochaine amhail ranna saotharlainne agus raideolaíochta chomh maith le comhairliúcháin agus atreoruithe le comhghleacaithe.
9. Tugann siad údar le seachadadh cúraim sa chomhthéacs de reachtaíocht, treoirlínte um chaighdeáin ghairmiúla, fianaise, taighde agus iompraíocht ghairmiúil agus eiticiúil.

I measc na dtaifead míochaine tá taifid chúram sláinte othar (leictreonach nó páipéarbhunaithe), tuarascálacha X-gha agus íomháithe, aschur agus íomhánna, grianghraif agus íomhánna eile, chomh maith le taifid scanta.

- Ba cheart go mbeadh taifead leighis iomlán an othair ar fáil i gcónaí le linn dóibh a bheith ag fanacht san ospidéal.
- Ba chóir go mbeadh ainm agus uimhir aitheantais an othair ar gach leathanach sa taifead míochaine.
- Ba chóir go mbeadh struchtúr agus leagan amach caighdeánaithe in ábhar an taifid mhíochaine.
- Ba chóir go léireodh na doiciméid laistigh den taifead míochaine leanúnachas an chúraim d'othair agus ba chóir go mbeadh sé le feiceáil in ord croineolaíoch.
- Ba chóir sonraí a thaifeadtar nó a chuirtear in iúl maidir le hiontráil, aistriú agus scaoileadh a thaifeadadh trí úsáid a bhaint as foirm chaighdeánaithe.
- Ba chóir go mbeadh gach iontráil sa taifead míochaine dátaithe, amaithe (clog 24 uair an chloig), inléite, agus sínithe ag an duine a dhéanann an iontráil. Ba chóir ainm agus ainmniú an duine a dhéanann an iontráil a phriontáil go soléite i gcoinne a sínithe. Ba chóir scriostaí agus athruithe a chomhshíniú, a dhátú agus an t-am a chur leo.
- Ba chóir iontrálacha ar an taifead míochaine a dhéanamh a luaithe is féidir tar éis an imeacht is infheidhme (e.g. athrú ar staid chliniciúil, babhta barda, imscrúdú) agus sula dtéann an ball foirne ábhartha as a d(h) ualgas. Má tá moill ann, ba cheart am an imeachta agus an mhoill a thaifeadadh.

25 Healthcare Records Management: National Hospitals Office Code of Practice, 2007.

- Ba chóir go n-aithneofaí le gach iontráil i dtaifid mhíochaine an gairmí cúraim sláinte is sinsearaí a bhí i láthair (atá freagrach as cinnteoireacht) tráth a dhéantar an iontráil.
- Ar gach ócáid ina n-athraíonn an comhairleoir atá freagrach as cúram an othair, ba chóir ainm an chomhairleora fhreagraigh nua agus dáta agus am an aistrithe cúraim a comhaontaíodh a thaifeadadh.
- Ba chóir iontráil a dhéanamh sa taifead míochaine aon uair a fheiceann dochtúir othar. Sa chás nach bhfuil aon iontráil sa taifead ospidéil ar feadh níos mó ná ceithre lá i gcás géarchúraim mhíochaine nó ar feadh seacht lá i gcás cúraim leanúnaigh san fhadtéarma, ba chóir an chúis a bheith sa chéad iontráil eile.
- Ba chóir tús a chur leis an dtaifead scaoilte/achoimre scaoilte tráth a chuirtear othar isteach san ospidéal.
- Ní mór Ardchinntí maidir le cóireáil, toiliú, cinntí athbheochana cardascamhógaí a dhiúltú a thaifeadadh go soiléir sa taifead míochaine.[26]

Comhlíonadh in 2019 – Coinneáil Taifead

In 2019, níor chomhlíon 30 (52%) d'ionaid fhormheasta Rialachán 27: Coinneáil Taifead. Seachas líon beag ionad formheasta a d'fhorbair a gcuid coimeád taifead leictreonach féin, níl aon aistriú ann chuig taifid mhíochaine leictreonacha. Dá bhrí sin, is féidir le taifid mhíochaine a bheith toirtiúil, míshlachtmhar, agus a bheith ina gcúis le deacracht chun faisnéis ábhartha a aisghabháil. Éiríonn leathanaigh scaoilte, rud a chruthaíonn deacrachtaí maidir le faisnéis shlán a choinneáil agus taifid a choinneáil in ord loighciúil. Tá iarmhairtí aige seo ar dhea-chumarsáid, rúndacht agus sábháilteacht an othair.

Cúiseanna le neamh-chomhlíonadh	
Bhí leathanaigh scaoilte ag taifid.	58%
Bhí na taifid ró-mhór agus toirtiúil.	21%
Níl bail mhaith ar thaifid.	29%
Ní raibh na taifid in ord loighciúil agus/nó bhí sé deacair faisnéis a aimsiú.	68%
Ní raibh taifid dátaithe agu/nó ní raibh an t-am leo.	23%
Ní raibh 2 aitheantóir othair a doiciméadaithe sa taifid.	21%
Níor stóráladh taifid in áit shábháilte.	19%

Rialachán 22 – Áitreabh

Dírítear i gcuid mhór den chomhthéacs beartais maidir le háitreabh i gcúram meabhair-shláinte ar eagraíochtaí a dhí-institiúidiú d'fhonn cúram meabhair-shláinte a sholáthar i suíomh an phobail. Tá éifeachtaí na timpeallachta tógtha ar fholláine mheabhrach seanbhunaithe[27]. I gcodarsnacht leis sin, déantar go leor taighde ar thionchar na droch-ailtireachta ar mheabhair-shláinte.

Mar sin féin, níl nádúr cruinn an ruda is 'timpeallacht mhaith' ann do ghéarchúram meabhair-shláinte d'othair chónaitheacha chomh soiléir. Déanann Ulrich et al. in 2018 cur síos ar bharda ina bhfuil gnéithe dearaidh laghdaithe struis, lena n-áirítear:

- Laghdú ar an strus plódaithe (seomraí singil, limistéir chomhroinnte ina bhfuil go leor spáis);
- Strus timpeallachta a laghdú (dearadh laghdaithe torainn);
- Seachráin dearfacha a laghdaíonn strus (gairdín atá inrochtana d'othair, radharc fuinneoige dúlra), agus;
- Dearadh le haghaidh breathnóireachta ó áit lárnach[28].

26 Generic medical record keeping standards Royal College of Physicians, 2015.
27 Christenfeld R et al How physical settings affect chronic mental patients. Psychiatric Quarterly 60: 253-264 (198).
28 Ulrich, R. S., Bogren, L., Gardiner, S. K., & Lundin, S. (2018). Féadann dearadh bharda shíciatraigh iompar ionsaitheach a laghdú. *Journal of Environmental Psychology*, 57, 53-66.

Aithnítear sa litríocht acadúil an tábhacht a bhaineann le sláinteachas agus cothabháil, chomh maith le príobháideacht agus fairsinge do chónaitheoirí maidir le leagan amach an ospidéil[29], agus go mbíonn tionchar dearfach ag baint le haistriú go saoráid mheabhair-shláinte saintógtha ar atmaisféar barda[30].

Baineadh úsáid as Rialachán 22: Áitreabh mar bhunús chun iniúchadh a dhéanamh ar áitreabh ionad formheasta in Éirinn ó cuireadh i bhfeidhm an Achta Meabhair-Shláinte (2001).

Leibhéil chomhlíonta le 5 bliana anuas

In 2015, bhí 52% d'ionaid fhormheasta comhlíontach le Rialachán 22: Áitreabh. Áiríodh le torthaí na cigireachta in 2015 foirgnimh nach raibh oiriúnach don fheidhm agus infhaighteacht saoráidí neamhimleora nó easnamhacha. Tháinig laghdú ar leibhéil chomhlíonta in 2016 go 34%. Bhí droch-chothabháil, easpa glaineachta agus láithreacht iallach mar chúiseanna le neamh-chomhlíonadh an rialacháin. In 2017, ní raibh ach 25% d'ionaid fhormheasta comhlíontach le Rialachán 22: Áitreabh, ar laghdú 9% é ó bhí 2016 ann. Measadh go raibh áitribh neamh-chomhlíontacha neamhshábháilte, salach, míchuí agus go raibh gá le cothabháil orthu. I gcúig ionad ní raibh rochtain, nó bhí rochtain theoranta, ag cónaitheoirí ar ghairdín nó ar chlós lasmuigh. Tugadh faoi deara freisin go raibh fadhb ann maidir le rochtain ar ghnáthchothabháil agus ar chothabháil rialta.

n 2018, tháinig méadú beag ar chomhlíonadh an rialacháin trína raibh 30% d'ionaid fhormheasta comhlíontach; Bhí 70% fós salach, bréan, agus faoi dhroch-chothabháil. Bhí sé ionad formheasta neamh-chomhlíontach, rátaithe criticiúil ó thaobh riosca de, agus cuireadh i bhfeidhm 13 choinníoll um chlárúcháin ina leith.

Comhlíonadh in 2019 – Áitreabh

San iomlán, bhí 45 ionad formheasta (69%) neamh-chomhlíontach maidir le Rialachán 22: Áitreabh, agus astu sin bhí rátáil riosca ag 5 (11%) mar chriticiúil.

As na 45 ionad formheasta neamhchomhlíontacha, bhí 15 (33%) ionad formheasta neamhchomhlíontach maidir leis an Rialachán toisc go raibh siad neamhghlan. I measc na dtorthaí bhí: seomra leithlise salach; áiseanna seomra folctha salacha, lena n-áirítear bunanna toitíní caite; bruscar i limistéir lasmuigh, agus; limistéir chistine a raibh cuma éillithe orthu. Breathnaíodh painéil agus urláir a bhí báite ag fual freisin. Fuarthas drochbholaithe i naoi saoráid: bhí leithris, seomraí folctha, seomraí codlata, agus seomraí comhroinnte ar fad bréan le linn chigireachtaí 2019.

Ina theannta sin, bhí 23 ionad formheasta (49%) neamhchomhlíontach mar gheall ar dhrochbhail struchtúrtha nó maisiúil, lena n-áirítear: péint scafa; clúdaigh urláir slisnithe agus síleálacha damáistithe; cithfholcadáin bhriste; marcanna dóite toitíní; poill i mballaí a mbaineadh daingneáin astu, agus; síleáil ghloine scoilte. Ní raibh deich n-ionad formheasta soilsithe, téite nó aeráilte go leordhóthanach.

Físor 5.
Comhlíonadh áitreabh 2016-2019



29 Cspike E et al. Design in Mind: eliciting service user and frontline staff perspectives on psychiatric ward design through participatory methods. Journal of Mental Health 25(2)114-21.
30 Nicholls D et al The value of purpose built mental health facilities: Use of the Ward Atmosphere Scale to gauge the link between milieu and physical environment. International Journal of Mental Health Nursing Lúnasa 2015 Eagrán 4.

Ní raibh clár gnáthchothabhála ag ocht n-ionad formheasta, a raibh impleachtaí aige sin do chothabháil na bhfoirgneamh agus a bhí ina chúis le roinnt cásanna neamhchomhlíonta. Níor forbraíodh nó níor coinníodh fiche a cúig ionad formheasta agus aird chuí á tabhairt ar riachtanais shonracha cónaitheoirí agus othar: áiríodh le 17 díobh siúd láithreacht leanúnach pointí iallaigh. Bhí rochtain neamhleor ar áiseanna leithris agus easpa spáis, lena n-áirítear spás lasmuigh, le feiceáil i sé cinn de na hionaid fhormheasta seo. Tugadh faoi deara easpa rochtana ar spás pearsanta freisin, lena n-áirítear seomraí codlata ina bhfuil sé leapa a bhí suite ró-dhlúth le chéile.

Cód Cleachtais ar Shrianadh Fisiciúil

Uaireanta d'fhéadfadh cónaitheoirí a bhfuil meabhairghalar orthu bheith ina rioscaí criticiúla dóibh féin agus do dhaoine eile. De ghnáth cuireann cliniceoirí meabhair-shláinte cuir chuige malartacha i bhfeidhm, amhail teicnící dí-ghéaraithe agus bainistiú géarchéime, chun aon rioscaí criticiúla ag cónaitheoir a mhaolú. Ina ainneoin sin, cuirtear idirghabháil éigeantach i bhfeidhm nuair a bhíonn roghanna eile caite. Is é srianadh fisiciúil an úsáid d'fhórsa fisiciúil ag duine amháin nó níos mó chun saorghluaiseacht chorp cónaitheora a chosc nuair a bhíonn siad ina mbagairt láithreach ar dhochar tromchúiseach dóibh féin nó do dhaoine eile. Níor chóir srianadh fisiciúil a úsáid ach amháin nuair a chinntear go bhfuil idirghabhálacha nach bhfuil chomh sriantach neamhéifeachtach maidir leis an othar, ball foirne, nó daoine eile a chosaint ar dhochar. Is eispéireas trámach, uafásach agus suaiteach é an srianadh fisiciúil don chónaitheoir, chomh maith le riosca fisiciúil a bheith i gceist. In 2014, d'fhorbair an Coimisiún Meabhair-Shláinte straitéis chun úsáid leithlise agus srianta a laghdú.

Tugann an litríocht reatha ar shrianadh fisiciúil le fios go láidir go bhfuil éifeachtaí díobhálacha fisiciúla nó síceolaíocha ag leithlis agus srianadh. Tá minicíocht Neamhord Strus Iarthrámach (PTSD) tar éis leithlise nó srianta sa raon ó 25% go 47%[31], go háirithe in othair a raibh imeachtaí trámacha acu roimhe seo. Is iad na príomh-dhiagnóisí a bhaineann le húsáid leithlise nó srianta ná scitsifréine, neamhord scitseamothachtálach nó neamhord dépholach (máineach). Baineann leithlis agus srianadh den chuid is mó le mothúcháin dhiúltacha, go háirithe mothúcháin phionóis agus anacra agus is beag fianaise atá ann maidir le haon éifeachtaí cosanta nó teiripeacha a bhaineann le leithlis agus srianadh.[32] [33]

Is cosúil go mbíonn tionchar ag idirghníomhaíocht theiripeach ar bhraistintí faoi chomhéigean agus d'fhéadfadh sé cabhrú éifeachtaí diúltacha a sheachaint nuair nach féidir bearta comhéigneacha a sheachaint.[34]

Fachtóirí a bhaineann le bás le linn srianta[35]:

- Greimeanna muiníl*
- Srianadh le droim in airde*
- Bac ar shrón agus/nó ar bhéal*
- Hyperflexion
- Murtall
- Galar croí
- Drochshláinte ghinearálta
- Traochadh
- Támhú gan mhaoirseacht

**Ní cheadaítear in Éirinn faoin gCód Cleachtais maidir le Srianadh Fisiciúil a Úsáid*

31 Fugger G, Gleiss A, Baldinger P, Strnad A, Kasper S, Frey R. Psychiatric patients' perception of physical restraint. Acta Psychiatr Scand (2016) 133(3):221-31.
32 Chieze M, Hurst S, Kaiser S, Sentissi O Effects of Seclusion and Restraint in Adult Psychiatry: A Systematic Review Front. Psychiatry, 2019.
33 Guzmán-Parra J, et al. Experience coercion, post-traumatic stress, and satisfaction with treatment associated with different coercive measures during psychiatric hospitalization. Int J Ment Health Nurs (2018) 448-56.
34 Keski-Valkama A, Koivisto A-M, Eronen M, Kaltiala-Heino R. Forensic and general psychiatric patients' view of seclusion: a comparison study. J Forensic Psychiatry Psychol (2010) 21(3):446-61.
35 Paterson B, Bradley P, Stark C, et al. Deaths associated with restraint use in health and social care in the UK. The results of a preliminary survey. J Psychiatr Ment Health Nurs 2003;10:3-15.

Leagann treoirlínte Choláiste Ríoga na Síciatraithe béim ar ghníomh réamhchoisctheach, mar a dhéanann Institiúid Míchumais Foghlama na Breataine, d'fhonn an gá, nuair is féidir, le srianadh fisiciúil úsáideoirí seirbhíse a sheachaint.

Comhlíonadh in 2019 – Srianadh Fisiciúil

D'úsáid ochtó a naoi (89%) de na hionaid fhormheasta srianadh fisiciúil in 2019, cúig ionad formheasta níos mó ná in 2018. As an méid sin, bhí 50% acu comhlíontach leis an gCód Cleachtais ar Shrianadh Fisiciúil[36], ar feabhas suntasach é ó 2016 nuair a bhí ráta comhlíonta 22% i gceist.

In 21% d'ionaid fhormheasta neamh-chomhlíontacha, ní dhearnadh aon scrúdú fisiciúil tar éis cás srianta, agus ba é sin an chúis ba mhó le neamh-chomhlíonadh.

Le roinnt blianta anuas, tharraing mé aird ar an bhfíric nach gceadaíonn an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 le haghaidh Rialacha a dhéanamh maidir le srianadh fisiciúil agus, mar thoradh air sin, ní féidir aon fhorfheidhmiú a chur i bhfeidhm sa chás nach gcloítear leis an gCód Cleachtais ar Shrianadh Fisiciúil. Mhéadófaí cosaint d'úsáideoirí seirbhíse le linn srianta fisiciúil dá mbeadh bunús reachtúil ann chun úsáid shrianadh fisiciúil a rialú.

Leithlis

Tarlaíonn leithlis nuair a bhíonn úsáideoir seirbhíse teoranta go hainneonach i seomra nó i limistéar agus má choisctear go fisiciúil air/uirthi imeacht, de ghnáth le doras faoi ghlas. Bíonn seomra leithlise lom de ghnáth, seachas tocht speisialta. Déantar teas, solas agus aeráil a rialú ón taobh amuigh den seomra. Tá úsáid leithlise in aonaid síciatrachta d'othair chónaitheacha conspóideach agus an-rialaithe. Tá úsáid leithlise in Éirinn rialaithe ag Rialacha, ar reachtaíocht thánaisteach iad.

Is é príomhaidhm na leithlise i síciatracht othar cónaitheach ná sábháilteacht gach duine sa timpeallacht chóireála a choinneáil. Ní cóireáil inti féin í agus d'fhéadfadh daoine aonair a mheas gur eispéireas diúltach í. Toisc go bhféadfadh rioscaí d'úsáideoirí seirbhíse a bheith dian, mar shampla daoine a bhfuil stair thráma acu a thrámú an athuair, chomh maith le dínit a chailleadh agus damáiste a dhéanamh do chaidrimh theiripeacha. Mar sin féin, mura n-úsáidtear leithlis i gcásanna éigeandála, d'fhéadfadh drochthorthaí bheith ar an duine aonair nó ar dhaoine eile sa timpeallacht.

Le deich mbliana anuas, tháinig comhaontú soiléir chun cinn gur idirghabhálacha sábháilteachta de rogha dheiridh iad srianadh agus leithlis agus gur féidir agus gur chóir úsáid na n-idirghabhálacha sin a laghdú go suntasach. Tá an Coimisiún Meabhair-Shláinte tiomanta do mhinicíocht agus fad na gcásanna leithlise agus srianta a laghdú in ionaid fhormheasta agus, in 2014, d'fhorbair sé straitéis chun teagmhais leithlise agus srianta a laghdú.[37]

Fíor 6.
Comhlíonadh srianta fisiciúil 2016-2019



36 Cód Cleachtais maidir le Srianadh Fisiciúil a Úsáid in Ionaid Fhormheasta. An Coimisiún Meabhair-Shláinte 2009
37 Seclusion and Restraint Reduction Strategy. An Coimisiún Meabhair-Shláinte Nollaig 2014.

Go praiticiúil, níor chóir an cinneadh leithlis a úsáid a dhéanamh ach amháin nuair a léiríonn an chothromaíocht idir na rioscaí féideartha a bhaineann le leithlis agus le haon idirghabháil eile, amhail srianadh fisiciúil fada, go mbeadh sé níos sábháilte leithlis a úsáid. Ní mór measúnuithe láidre a dhéanamh ar rioscaí, agus ní mór an fhaisnéis uile atá ar fáil a chur san áireamh.

I measc na gcúiseanna gan leithlis a úsáid ná leibhéil foirne níos fearr, níos mó spleáchais ar chógas éigeandála, níos mó oiliúna don fhoireann, nó níos mó úsáid de shrianadh fisiciúil nó straitéisí malartacha chun déileáil le hiompar foréigneach agus ionsaitheach. Níor chóir leithlis a úsáid ach don am is giorra is féidir. Ní mór d'ionaid fhormheasta an Cigire a chur ar an eolas má dhéantar an leithlis a fhadú níos faide ná 72 uair an chloig.

Tá tréimhsí fada agus go mion minic leithlise frith-theiripeach. Le linn na leithlise, ní bhíonn aon idirghníomhaíocht shóisialta ag an úsáideoir seirbhíse seachas leis an bhfoireann altranais agus leighis a dhéanann seiceálacha go tréimhsiúil chomh maith le breathnóireacht leanúnach.

Comhlíonadh in 2019 – Leithlis

As 65 ionad formheasta, bhain 28 (43%) acu úsáid as leithlis agus bhí saoráidí leithlise acu. Níor bhain aon trian de ghéarionaid fhormheasta úsáid as leithlis. Bhain trí as gach sé aonad CAMHS úsáid as leithlis, níor bhain dhá cheann acu úsáid as leithlis, agus bhain ceann acu úsáid as saoráidí leithlise san ionad formheasta d'aosaigh in aice láimhe. As na hionaid fhormheasta a bhain úsáid as leithlis, bhí 21% comhlíontach. Bhí éagsúlacht sna cúiseanna le neamh-chomhlíonadh, mar atá le feiceáil i dTábla 5.

Tábla 5.
Leithlis 2019 cúiseanna le neamh-chomhlíonadh

Seomra leithlise salach agus/nó bréan	23%
Bhí guaiseacha sa seomra leithlise	27%
Ní dhearnadh athbhreithniú ar an othar de réir na Rialacha	27%
Níor tugadh faisnéis imleor don othar faoina leithlis	27%

Comhlíonadh Cuid 4 den Acht Meabhair-Shláinte

Sonraítear in Alt 60 de Chuid 4 den Acht Meabhair-Shláinte 2001 nach féidir leanúint le míochaine a thabhairt d'aosach a choinnítear níos faide ná trí mhí seachas sa chás go dtugann an t-othar toiliú i scríbhinn nó go gceadaíonn an síciatraí comhairleach cóireála an mhíochaine agus go n-údaraíonn an dara síciatraí comhairleach í, ar Fhoirm 17 (Tabhairt Mhíochaine ar feadh Níos Mó ná 3 Mhí Othar Ainneonach (Aosach) – Gan Chumas Toiliú a Thabhairt). Ar feadh na tréimhse san ospidéal suas le trí mhí, féadfar cógas a thabhairt d'othar faoi choinneáil mura bhfuil sé de chumas acu toiliú a thabhairt, gan an dara tuairim nó athbhreithniú. Glactar leis go bhfuil cumas ag aosach mura gcruthaítear a mhalairt.

Déantar iniúchadh ar Chomhlíonadh Cuid 4 den Acht Meabhair-Shláinte le linn cigireachtaí. In 2016, mar fhreagairt ar imní faoi mheasúnú cumais chun toiliú le cóireáil shíciatrach, d'eisigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte treoir d'ionaid fhormheasta maidir le Cuid 4 den Acht Meabhair-Shláinte - Toiliú le Cóireáil d'fhonn comhlíonadh a mhéadú. Mar thoradh ar an treoir seo, tháinig an-fheabhas ar chomhlíonadh Chuid 4 den Acht Meabhair-Shláinte: ó 50% chomhlíonadh in 2016, go 87% comhlíonadh in 2019 sna 38 ionad formheasta is infheidhme.

Áitreabh pobail faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig

In 1984, moladh i dtuarascáil ar sheirbhísí síciatracha, *Planning for the Future*, go bhforbrófaí brúnna ard-tacaíochta ina mbeadh foireann 24 uair an chloig do chónaitheoirí a d'fhéadfaí a athlonnú ó ospidéil mhóra shíciatracha a bhí á ndúnadh. Measadh den chuid is mó go raibh na brúnna mar áiteanna cónaithe d'othair 'fadtéarmacha nua'. Ó shin i leith, tá fás ag teacht ar líon na n-áiteanna cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig a úsáideadh níos mó, le himeacht ama, chun cónaitheoirí a bhfuil riachtanais chasta acu a athlonnú ó ghéarchúram meabahir-shláinte d'othair chónaitheacha isteach sa phobal.

Luadh in A *Vision for Change*, an Beartas Meabhair-Shláinte 2006, gur minic nach raibh sna háiteanna cónaithe phobail seo ach athsholáthar do bhardaí fadfhanachta maidir lena méid agus lena n-easpa de chláir athshlánaithe. Moladh ann gur chóir go mbeadh 10 n-áit ar a mhéad ag áiteanna cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig chun timpeallacht neamh-institiúideach a chothú agus gur chóir go mbeadh baill foirne altranais sna háiteanna cónaithe seo páirteach go príomha i ngníomhaíochtaí teiripeacha le cónaitheoirí seachas le gníomhaíochtaí baile nó riaracháin. Moltar i dtuarascáil an FSS féin ar chóiríocht do dhaoine faoi mhíchumas, *Time to Move on from Congregated Settings*, gur chóir go mbeadh an socrú roinnte tí teoranta do cheathrar cónaitheoirí ar a mhéad.[38]

Tábla 6.
Cigireachtaí ar áiteanna cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig in 2019

CHO	Áiteanna cónaithe a ndearnadh cigireacht orthu in 2019
CHO 2	1
CHO 3	3
CHO 4	4
CHO 5	9
CHO 8	1
Iomlán	**18**

In 2019, as 18 n-áit chónaithe a ndearnadh cigireacht orthu, bhí níos mó ná deich leaba ag 33% díobh. Bhí 14 leaba ar a laghad ag dhá áit chónáithe. Tá sé deacair na háiteanna cónaithe móra seo a fheiceáil mar rud ar bith ach bardaí sa phobal, agus na míbhuntáistí go léir a bhaineann le maireachtáil institiúideach ag baint leo. Ní raibh ach dhá áit chónaithe ina raibh níos lú na seacht leaba.

Tábla 7.
Líon na leapacha in áiteanna cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig in 2019

Líon na leapacha	Líon na n-áiteanna cónaithe	%
5-7	2	11%
8-10	10	55%
11-13	4	22%
14-16	1	6%
20-22	1	6%
Iomlán	**18**	**100%**
Céatadán na n-áiteanna cónaithe ina bhfuil deich leaba nó níos lú		67%
Céatadán na n-áiteanna cónaithe ina bhfuil níos mó ná deich leaba		33%

Ba iad seomraí singil seasca a naoi faoin gcéad de na seomraí codlata sna 18 n-áit chónaithe a ndearnadh cigireacht orthu, cé nach raibh a bhformhór en suite. Ní raibh aon phríobháideacht idir leapacha ag 46% de na seomraí comhroinnte.

Tábla 8.
Líon na n-áiteanna cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig ina bhfuil cóiríocht chomhroinnte 2019

Cóiríocht chodlata	Líon	%
Seomraí singil go léir	126	79%
Árasáin Ghlanscartha	4	2%
Comhroinnte (2 leaba)	28	18%
Comhroinnte (3 leaba)	2	2%
Comhroinnte (4 leaba nó níos mó)	0	0%
Seomraí comhroinnte gan phríobháideacht	13	43%
Líon iomlán seomraí	**160**	
Líon iomlán seomraí comhroinnte	**30**	

Bhí dhá áit chónaithe ann ina raibh drochbhail ar na foirgnimh agus naoi n-áit chónaithe eile mar a bhfuil gá na foirgnimh a fheabhsú. Sna cásanna seo, bhí sé deacair cothabháil rialta a fháil agus bhí amanna feithimh fada ann le haghaidh deisiúchán práinneach.

38 Time to Move on from Congregated Settings: A Strategy for Community Inclusion: Report of the Working Group on Congregated Settings. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte Meitheamh 2011.

Tábla 9.
Bail na n-áiteanna cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig 2019

Bail na háite cónaithe	Líon na n-áiteanna cónaithe	%
Drochbhail	2	11%
Feabhas ag teastáil	9	50%
Dea-bhail	7	39%

CHO 3

"Ní raibh scagadh leordhóthanach i ngach ceann de na seomraí dhá leaba chun príobháideacht agus dínit an chónaitheora a áirithiú, toisc nár chlúdaigh na scáileáin limistéar iomlán an chónaitheora. Bhí tíleanna urláir in easnamh i leithreas na bhfear thíos staighre. Bhí an t-urláir ar fud an chuid is mó den teach scoilte agus ardaithe, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chontúirt tuisle. Bhí na toilg agus na cathaoireacha leathair dubha laistigh den seomra suí scríobtha go mór agus ag scamhadh. Bhí an doras tosaigh agus an cúldoras aonghloinithe... bhí na fuinneoga agus na doirse seanchaite, le séideáin agus gan móran slándála acu... Ní raibh pleananna reatha ann aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna seo. Tuairiscíodh go raibh pleananna ann na fuinneoga aonghloinithe a athsholáthar; mar sin féin, níor soláthraíodh aon amlíne cinnte don obair seo."

CHO 5

"Cuireadh cóiríocht ar fáil do chónaitheoirí i naoi seomra leapa singil a raibh doirteal, taisceadán, teilifíseán ag gach ceann acu agus bhí na seomraí faoi throscán simplí. Bhí áiseanna seomra folctha comhroinnte agus áiríodh leis sin sé leithreas, ceann amháin acu a bhí ina leithreas cuidithe. Bhí... (bhí) rothar aclaíochta, steirió, agus doras ag dul amach sa ghairdín. Bhí na seomraí codlata go léir seascair agus d'fhéadfadh cónaitheoirí a gcuid seomraí a phearsanú. Bhí saothar ealaíne cónaitheoirí ar taispeáint ar fud na háite cónaithe. Bhí gairdín mór iata ann, le plandaí i bpotaí agus suíocháin. Bhí cónaitheoirí ag fás torthaí agus glasraí. Rinneadh an foirgneamh a athchóiriú. Cuireadh seomra cithfholcadáin leis, agus ceannaíodh troscán nua don seomra suí."

CHO 5

"Níor coinníodh an áit chónaithe i mbail mhaith. Bhí ballaí inmheánacha marcáilte, bhí doirse caibinéad scealptha, agus ní raibh doras ag vardús amhain i seomra leapa. Bhí na daingneáin agus na feistis san áitreabh seanchaite agus as dáta. Cé go raibh sceideal glantacháin curtha i bhfeidhm laistigh den áit chónaithe, ní raibh an t-áitreabh glan agus saor ó dhrochbholaithe. Áiríodh leis seo deannach agus salachar sa chistin agus boladh láidir stálaithe sa halla... aithníodh na héadain chéime oscailte ar cheann de na staighrí mar riosca suntasach. Bhí an gairdín cúil ró-fhásta, agus cothabháil ag teastáil, agus bhí an cosán fána go dtí an pollathollán gan úsáid ina ghuais mar bhí sé clúdaithe le caonach. Aithníodh an t-urlár míchothrom sa seomra suí mar ghuais. Rinneadh an t-áitreabh a phéinteáil laistigh de na trí bliana seo a chuaigh thart. I measc na suiteálacha a rinneadh le déanaí bhí teilifís chiorcad iata agus aláram tí. Ní raibh aon phleananna breise ann le haghaidh athchóirithe".

Moladh in *Vision for Change* gur chóir go mbeadh freagracht ag foirne athshlánaithe agus téarnaimh as na hacmhainní fisiciúla sin a oireann do riachtanais a n-úsáideoirí seirbhíse, amhail áiteanna cónaithe pobail. Tugadh faoi deara inVision for Change go laghdódh an gá le háiteanna cónaithe ina bhfuil foireann 24 uair an chloig a luaithe is a bheadh cóiríocht ann don chohórt iar-úsáideoirí seirbhíse ospidéil fadfhanachta. Bhí an t-aistriú go cúram cliniciúil ag foirne athshlánaithe mall fós, agus ní raibh ionchur speisialaithe athshlánaithe ach ag beagán os cionn leath de na háiteanna cónaithe.

Tábla 10.
Foirne cliniciúla in áiteanna cónaithe faoi mhaoirseacht 24 uair an chloig 2019

Foireann Chliniciúil Freagrach	Líon na n-áiteanna cónaithe	%
Athshlánú	10	56%
Meabhair-Shláinte Ghinearálta Aosach	7	39%
Míchumas Intleachtúil	0	0%
Comhroinnte (Athshlánú agus Aosach Ginearálta)	1	6%

Sna 18 n-áit chónaithe seo, is léir go leantar leis na fadhbanna a bhaineann le suíomhanna comhchruinnithe agus easpa athshlánaithe. Tá an iomarca cónaitheoirí i ngach áit chónaithe, níl go leor seomraí singil a bhfuil áiseanna en suite leo, agus níl bail mhaith ach ar bheagán os cionn aon trian díobh. Is cosúil gurb é an aidhm atá leis an gcineál seo cóiríochta a sholáthar ná cóiríocht a chur ar fáil don oiread cónaitheoirí agus is féidir ar an gcostas is ísle is féidir. Níl an easpa soláthar de chothabháil rialta nó phráinneach inghlactha, mar aon le heaspa acmhainní i soláthar ionchuir athshlánaithe, agus beirt nó níos mó ná beirt a bheith ag comhroinnt seomraí codlata gan aon phríobháideacht acu.

Déanfaidh mé an tuarascáil iomlán don chlár rollach trí bliana (2017-2019) a fhoilsiú agus táim ag éileamh arís go ndéanfar rialáil ar áiteanna cónaithe pobail do dhaoine a bhfuil deacrachtaí meabhair-shláinte acu.

MHC
Coimisiún Meabhair-Shláinte | Mental Health Commission

Waterloo Exchange,
Bóthar Waterloo,
Baile Átha Cliath 4, D04 E5W7

T +353 1 636 2400
F +353 1 636 2440
R info@mhcirl.ie

www.mhcirl.ie